

# **Leabhar na PSAILM**

## **The Book of Psalms**

### *An Irish and English Parallel Bible*

The Irish translation was accomplished by William O'Domhnuill in 1602, and has been copied from an 1817 edition of that translation. William O'Domhnuill (d.1628), known also as William O'Daniel, Archbishop of Tuam was a native of Kilkenny, Ireland. It was while at Trinity College that William took up the work of translating *The New Testament - Tiomna Nuadh* into Irish. This work was begun by Nicolas Walsh, Bishop of Ossory, who was murdered in 1585, and afterwards it was continued by John Kearney (who translated and published the first Irish [protestant] Catechism, printed in Dublin in 1571), and Nehemias Donellan, Archbishop of Tuam in 1595. This translation was dedicated to the newly ascended King James I, and published by O'Daniel in 1603.

The English translation used in this booklet is the King James Version (KJV) of the Holy Bible, commissioned by King James I of England in 1604. The translation work was completed by forty-seven learned Biblical scholars in 1611 and published that same year. It has had the most profound impact not only on English literature as a whole, world-wide, but also on English-speaking peoples, world-wide! This same version is often referred to as the Authorised Version (AV). Despite its age, it is still very readable by the average reader today, and it remains one of the most widely-read literary works of all time.

# Chapter

**1 2 3 4 5 6 7 8 9 10 11 12 13 14  
15 16 17 18 19 20 21 22 23 24 25  
26 27 28 29 30 31 32 33 34 35  
36 37 38 39 40 41 42 43 44 45  
46 47 48 49 50 51 52 53 54 55 56  
57 58 59 60 61 62 63 64 65 66  
67 68 69 70 71 72 73 74 75 76 77  
78 79 80 81 82 83 84 85 86 87  
88 89 90 91 92 93 94 95 96 97  
98 99 100 101 102 103 104 105 106  
107 108 109 110 111 112 113 114 115  
116 117 118 119 120 121 122 123 124  
125 126 127 128 129 130 131 132 133  
134 135 136 137 138 139 140 141 142  
143 144 145 146 147 148 149 150**

# Leabhar na PSAILM

## The Book of Psalms

William Bedell Old Testament of 1648;  
1817 edition

The Authorized English Bible of 1611  
1769 Edition

### Psalm 1

*Sonas an deagh dhuine. 4 Agus anrath an drochdhuine.*

- 1 Is beannuigh an fear nach siubhluighionn a ccomhairle na neimhdhiadhach, nach seasann a slighe na bpeacach, agus nach suighionn a suigheachán na ttárcuisneach.
- 2 Acht atá a dhúil a ndligheadh an TIGHEARNA; agus iona dhligheadh smuaineann sé do ló agus doidhche.
- 3 Agus bíáidh sé ccosmhuil re crann plannduighthe láimh re haibhnibh uisge, noch do bheir a thoradh iona aimsir íomchubhaidh; ní chríonfuidh fós a dhuille; agus gídh bé ní do dhéana sé tiocfaidh biseach air.
- 4 Ní mairsin do na míochráibhthigh: acht atáid cosmhuil ris an lóchán noch sgabus an gáoth.
- 5 Ar a nadhbharsin ní sheasfuíd na míochráibhthigh annsa mbreitheamhnus, ná na peacaich a ccoimhthionól na bhfiréun.
- 6 Oir bí fios slighe na bhfiréun ag an TTIGHEARNA: acht rachaidh slighe na neimhdhiadhach seachad.

### Psalm 2

*Gu ttabhair Críosa búaidh amach ar a naimhdibh.*

- 1 Cred fa ndéanuid na geinte baóis, agus fa smúainid na daóine díomhaóineas?
- 2 Cuirid ríghthe na talmhan íad féin a cceann a chéile, agus glacaid na ríaghlóirigh comhairle, re cheile anaghaidh an TIGHEARNA, agus a naghaidh a unghaigh, *ag rádh,*
- 3 Briseam ó chéile a ccuibhreacha, agus teilgiom uáinn a cceangail.
- 4 An té shuighios ansna flaitheasuibh do dhéana sé gáire: do dhéana an TIGHEARNA fochmhuid orra.
- 5 Annsin laibheoruidh sé ríu iona fheirg, agus cráidhfídh sé íad iona dhíbhfhéirg.
- 6 Gítheadh do chuir misí mo rígh air mo chnoc náomhtha Sion.
- 7 Foillseocha mé an reachd: a dubhairt an TIGHEARNA riomsa, *Is tú mo Mhac;* a niugh do ghin mé thú.

### Psalm 1

- 1 Blessed *is* the man that walketh not in the counsel of the ungodly, nor standeth in the way of sinners, nor sitteth in the seat of the scornful.
- 2 But his delight *is* in the law of the LORD; and in his law doth he meditate day and night.
- 3 And he shall be like a tree planted by the rivers of water, that bringeth forth his fruit in his season; his leaf also shall not wither; and whatsoever he doeth shall prosper.
- 4 The ungodly *are* not so: but *are* like the chaff which the wind driveth away.
- 5 Therefore the ungodly shall not stand in the judgment, nor sinners in the congregation of the righteous.
- 6 For the LORD knoweth the way of the righteous: but the way of the ungodly shall perish.

### Psalm 2

- 1 Why do the heathen rage, and the people imagine a vain thing?
- 2 The kings of the earth set themselves, and the rulers take counsel together, against the LORD, and against his anointed, *saying,*
- 3 Let us break their bands asunder, and cast away their cords from us.
- 4 He that sitteth in the heavens shall laugh: the Lord shall have them in derision.
- 5 Then shall he speak unto them in his wrath, and vex them in his sore displeasure.
- 6 Yet have I set my king upon my holy hill of Zion.
- 7 I will declare the decree: the LORD hath said unto me, Thou *art* my Son; this day have I begotten thee.

8 Iarr orum, agus do bhéara mé *dhuit* na geinte *mar* oighreacht, agus na codcha is imchéine don talamh *mar* sheilbh.

9 Brisfe tú iad lé slait iarunn; mionbhruighfir iad iona ccodchuibh mar shoightheach críadh.

10 Bíthí glic anois uimesin, ó a righthe: glacuidh teagasg, a bhreitheamhuin na talmhan.

11 Fóganuigh don TIGHEARNA maille le heagla, agus lúathgáirighidh maille le creathaibh.

12 Póguidh an Mac, deagla go mbiadh sé feargach, agus go rachadh sibh a múgha san tslighe, an tan lasfus a fhearg dhá laghad. *Is* beannuigh an dream uile, noch chuirios a ndóigh ann.

### Psalm 3

*Sé cothughadh Dé is dion do nfhírein.*

**Psalm Dháibhi, ag teitheadh ó na mhac Absolon.**

1 A THIGHEARNA, cred mar do mhéaduigh tú luchd mo bhuáidheartha? *is* iomadamhuil an drong noch éirghios súas am aghaidh.

2 *Is* iomadamhuil an drong a deir rém anam, Ní *bhfuil* cabhair air bith dhó a Ndía. Selah.

3 Acht tusa, a THIGHEARNA, *atá* tú ad scéith dhamhsa; mo ghlóir, agus fear tógtha súas mo chinn.

4 Déighios chum an TIGHEARNA lem ghuth, agus do chúaluidh sé mé amach as a chnoc náomhtha. Selah.

5 Do luigh mé síos; agus do chodlas do dhúisighios; óir do chothuigh an TIGHEARNA mé.

6 Ní bhíaidh eagla orum roimhe dheich míle don phobal, noch do chuir *iad féin* timchioll am aghaidh.

7 Éirigh, ó a THIGHEARNA; anaic mé, ó mo Dhía: óir do bhuáil tú mo naimhde uile *air* chnáimh an ghéill; do bhrisis fíacla na druinge neimhdhíadha.

8 *Is ón* TTIGHEARNA thig slanughadh: *atá* do bheannachd air do phobal. Selah.

### Psalm 4

*Is é ard-mhaithe a nduine, gean maith Dé.*

**Don phrímhfhéar ceóil air Neginoth, Psalm Dháibhi.**

1 Eisd riom a nuáir ghoirfead, ó a Dhé mífiréantachda: dfuáscuil tú mé *an tan do bhí mé* a ccumhgach; déan trócaire orum, agus éist murnaigh.

8 Ask of me, and I shall give *thee* the heathen *for* thine inheritance, and the uttermost parts of the earth *for* thy possession.

9 Thou shalt break them with a rod of iron; thou shalt dash them in pieces like a potter's vessel.

10 Be wise now therefore, O ye kings: be instructed, ye judges of the earth.

11 Serve the LORD with fear, and rejoice with trembling.

12 Kiss the Son, lest he be angry, and ye perish *from* the way, when his wrath is kindled but a little. Blessed *are* all they that put their trust in him.

### Psalm 3

**A Psalm of David, when he fled from Absalom his son.**

1 LORD, how are they increased that trouble me! many *are* they that rise up against me.

2 Many *there be* which say of my soul, *There is* no help for him in God. Selah.

3 But thou, O LORD, *art* a shield for me; my glory, and the lifter up of mine head.

4 I cried unto the LORD with my voice, and he heard me out of his holy hill. Selah.

5 I laid me down and slept; I awaked; for the LORD sustained me.

6 I will not be afraid of ten thousands of people, that have set *themselves* against me round about.

7 Arise, O LORD; save me, O my God: for thou hast smitten all mine enemies *upon* the cheek bone; thou hast broken the teeth of the ungodly.

8 Salvation *belongeth* unto the LORD: thy blessing *is* upon thy people. Selah.

### Psalm 4

**To the chief Musician on Neginoth, A Psalm of David.**

1 Hear me when I call, O God of my righteousness: thou hast enlarged me *when I was* in distress; have mercy upon me, and hear my prayer.

2 O Sibhsi a mhaca na ndaóine, cá fad *bheithí ag íompóigh* mo ghlóire chum náire? cá fad bhías grádh aguibh ar dhíomhaoineas, nó dhéantaóí lorgaireachd a ndiáigh bhréag? Selah.

3 Acht bíodh a fhios aguibh gur chuir an TIGHEARNA do leathtaoibh an duine diadha dhó féin: cluinfidh an TIGHEARNA an tan ghoirfead air.

4 Bíodh úamhan oruibh, agus ná déanuidh peacadh: déanuidh comhrádh ré bhur ccroidhe féin air bhur leabuidh, agus beithi socair. Selah.

5 Ofráluidh íodhbartha na fíréuntachda, agus cuiridh bhur ndóigh annsa TIGHEARNA.

6 *Atáid* mórán ag rádh, Cía thaísbeanfas maith ar bith dhuinn? a THIGHEARNA, tóg súas solus do ghnúisi oruinn.

7 Do chuiris lúathgháir ann mo chroidhe ní is mo ná a nuáir do mhéuduigh a narbharsan agus a bhfíon.

8 Luighfe mé mar an ccéadna a síothcháin, agus coidéola mé: óir tusá, a THIGHEARNA, amháin chuireas am chomhnuidh me a neamhbáoghal.

2 O ye sons of men, how long *will ye turn* my glory into shame? *how long* will ye love vanity, *and* seek after leasing? Selah.

3 But know that the LORD hath set apart him that is godly for himself: the LORD will hear when I call unto him.

4 Stand in awe, and sin not: commune with your own heart upon your bed, and be still. Selah.

5 Offer the sacrifices of righteousness, and put your trust in the LORD.

6 *There be* many that say, Who will shew us *any* good? LORD, lift thou up the light of thy countenance upon us.

7 Thou hast put gladness in my heart, more than in the time *that* their corn and their wine increased.

8 I will both lay me down in peace, and sleep: for thou, LORD, only makest me dwell in safety.

## Psalm 5

*Guidhe anaghaidh naimhde na córa.*

**Don phrímhfhéar ceóil air Nehilot,  
Psalm Dháibhi.**

1 Tabhair clúas dom bhríathruibh, ó a THIGHEARNA, meas mo smúaintighe.

2 Eíst ré guth mo éighmhe, ó mo Rígh, agus mo Dhía: óir is chugadsa ghuidhfeas mé.

3 Cluinfir mo ghuth air maidin, ó a THIGHEARNA; air maidin díreochaidh mé *múrnaigh* chugad, agus féuchfad súas.

4 Oir ní DÍA thú agá bhfuil dúil a nurchoid: ní mó choimhneochus olc maílle riot.

5 Ní sheasfaid na hamadáin ann do radharc: súathuighionn tú a nuile luchd déanta na héagcóra.

6 Scriosta tú an luchd do labhrus bréug: bíaidh fúath ag an TTIGHEARNA air a nduine fhuilteach agus mheabhlach.

7 Acht air mo shonsa, tiocfa mé a steach ann do thigh a niomadamlachd do thrócaire: agus ann heagla do dhéagh adhradh go nuige do theampall náomhtha.

8 Treoruidh mé, ó a THIGHEARNA, ann thfíréantachd, do bhrígh mo naimhde; déan do shlighe díreach am fhiaghnuisi.

9 Oir ní *bhfuil* díisleachd iona mbéul; is fíorurchóid an táobh a stigh dhíobh; is uáimh

## Psalm 5

**To the chief Musician upon Nehiloth, A  
Psalm of David.**

1 Give ear to my words, O LORD, consider my meditation.

2 Harken unto the voice of my cry, my King, and my God: for unto thee will I pray.

3 My voice shalt thou hear in the morning, O LORD; in the morning will I direct *my prayer* unto thee, and will look up.

4 For thou *art* not a God that hath pleasure in wickedness: neither shall evil dwell with thee.

5 The foolish shall not stand in thy sight: thou hatest all workers of iniquity.

6 Thou shalt destroy them that speak leasing: the LORD will abhor the bloody and deceitful man.

7 But as for me, I will come *into* thy house in the multitude of thy mercy: *and* in thy fear will I worship toward thy holy temple.

8 Lead me, O LORD, in thy righteousness because of mine enemies; make thy way straight before my face.

9 For *there is* no faithfulness in their mouth; their inward part *is* very wickedness; their

oscuilte a scornach, do níd bladar le na tteangaidh.

10 Scrios íad, a Dhé; leagthar íad le na ccomhairlibh féin; teilg amach íad a niomadamlachd a míghníomh; óir do rinneadar easáonta ad aghaidh.

11 Acht gáirdigheadh a nuile dhuine do chuir a dhóigh ionnadsa: gáiridís lé lúathgáir go bráth, do bhrígh go ccumhduigh tusa íad: bídís mar an ccéadna an dream learab ionmhain thainm, lúathgáireach ionnad.

12 Óir thusa, a THIGHEARNA, beannocha tú an firéun; le fabhar timchiollfar é amhuil budh le scéith.

throat *is* an open sepulchre; they flatter with their tongue.

10 Destroy thou them, O God; let them fall by their own counsels; cast them out in the multitude of their transgressions; for they have rebelled against thee.

11 But let all those that put their trust in thee rejoice: let them ever shout for joy, because thou defendest them: let them also that love thy name be joyful in thee.

12 For thou, LORD, wilt bless the righteous; with favour wilt thou compass him as *with* a shield.

## Psalm 6

*An chéud Psalm aithrige.*

**Don phrímhfhéar ceóil air Neginot air Sheminit, Psalm Dháibhi.**

1 O a THIGHEARNA, ná himdhearg mé ann thfeirg, agus ná smachduigh mé ann do mhíothaitneamh.

2 Déan trócaire orum, ó a THIGHEARNA; óir atáim lag: a THIGHEARNA, leighis mé; óir atáid mo chnámha buáidheartha.

3 Atá manam mar an ccéadna buáidheartha go mór: acht thusa, a THIGHEARNA, cá fad?

4 Iompóigh, a THIGHEARNA, fúasguil manam: ó sáor mé ar son do thrócaire.

5 Óir san mbás *ní bhfuil* éanchuimhne ort: annsa nuáigh cíá bhéuras buidheachus duit?

6 Atáim tuirseach lem chneaduigh; air feadh na hoidhche cuirim mo leaba ar snámh; fliuchaim miomdhuigh lem dhéaruibh.

7 Do milleadh mó shúil le dubhachus; fásuidh seanda do bhrígh mo uile naimhde.

8 Imthighidh uáim, sibhsi a uile luchd déanta na néagcóra; óir do chúaluidh an TIGHEARNA guth mo éighmhe.

9 Do chúaluidh an TIGHEARNA mo ghearán; géubhuidh an THIGHEARNA rem urnaigh.

10 Bídís mo naimhde uile náireach agus ro bhuaidheartha: fillidís *agus* bídís náireach go hobann.

## Psalm 7

*Do theith Daibhi rí ó namhdibh a anma, go Día.*

**Siggaion Dháibhi, noch do sheinn sé don TIGHEARNA, a ttaóbh bhríathar Chus an Beniamíteach.**

1 O a THIGHEARNA Día, ionnadsa chuirim mo dhóigh: tárthuigh mé ó nuile noch ghérleanas mé, agus sáor mé:

## Psalm 6

**To the chief Musician on Neginoth upon Sheminith, A Psalm of David.**

1 O LORD, rebuke me not in thine anger, neither chasten me in thy hot displeasure.

2 Have mercy upon me, O LORD; for I *am* weak: O LORD, heal me; for my bones are vexed.

3 My soul is also sore vexed: but thou, O LORD, how long?

4 Return, O LORD, deliver my soul: oh save me for thy mercies' sake.

5 For in death *there is* no remembrance of thee: in the grave who shall give thee thanks?

6 I am weary with my groaning; all the night make I my bed to swim; I water my couch with my tears.

7 Mine eye is consumed because of grief; it waxeth old because of all mine enemies.

8 Depart from me, all ye workers of iniquity; for the LORD hath heard the voice of my weeping.

9 The LORD hath heard my supplication; the LORD will receive my prayer.

10 Let all mine enemies be ashamed and sore vexed: let them return *and* be ashamed suddenly.

## Psalm 7

**Shiggaion of David, which he sang unto the LORD, concerning the words of Cush the Benjamite.**

1 O LORD my God, in thee do I put my trust: save me from all them that persecute me, and deliver me:

2 Deagla go réubfeadh se manam amhuil leomhan, dhá strócadh a ccodchuibh, a nuáir nach *bhfuil* éinneach ann do ainicfeadh.

3 O a THIGHEARNA mo Dhía, má rinne mé so; má atá éacceart ann mo lámhuibh;

4 Má chuitigh mé olc ris an té do bhí a síothcháin riom; (fós, do ainic mé an té noch atá na námhuid dhamh gan chúis:)

5 Déanadh mo námhaid gérléanmhuin air manam, agus gabhadh sé é; fós, saltradh sé síos mo bheatha air an ttalamh, agus léigeadh sé monóir san luáithreadh. Selah.

6 Éirigh, a THIGHEARNA, an thfeirg, tóg súas thú féin tre anbhuirbe mo naimhdesi: agus múscuil ar mo shonsa chum an bhreitheamhnus *noch* do fhúagruis.

7 Mar sin cruinneochuid coimhthionól na ndaoine ad thimchioll: air a sonsan uimesin fillsi air árd.

8 Béaruidh an TIGHEARNA breitheamhnus air an bpobal: breathnuigh misi, ó a THIGHEARNA, do reir mafiréantachda, agus do réir mo dhíoghruisi *noch atá* ionnam.

9 O críochnuigheadh olc na cciontach; acht daingnigh an duine ceart: óir dearbhuidh an Día firéanta na croidhthe agus na dubháin.

10 Is o Dhía *atá* mo chosnamh, noch sháoras an díreach a ccroidhe.

11 Do ní Día breitheamhnus air an bhfiréun, agus bí Día feargach *ris an cciontach* gach éanlá.

12 Muna bhfillidh sé, cuirfe sé fáobhair air a chloidheamh; do lúb sé a bhodha, agus do rinne sé ullamh é.

13 Do ghléus sé dhó mar an ccéadna oirnéis an bháis; dórdhuigh sé a shaiigheada a naghaidh na ninghreamach.

14 Féuch, bídh sé torrach le héicceart, agus do ghabh sé urchóid, agus do rug sé neimhfhirinne.

15 Do rinne sé clais, agus do thochuil sé í, agus atá ar ttuitim annsa pholl *noch* do rinne sé féin.

16 Fillfidh a urchóid air a cheann féin, agus tiocfuidh a fhoiréigion námhadach a nús air a bhaitis féin.

17 Molfad an TIGHEARNA do réir a fhíréantachda: agus cánfad moladh dainm an TIGHEARNA is ro áirde.

2 Lest he tear my soul like a lion, rending *it* in pieces, while *there is* none to deliver.

3 O LORD my God, if I have done this; if there be iniquity in my hands;

4 If I have rewarded evil unto him that was at peace with me; (yea, I have delivered him that without cause is mine enemy:)

5 Let the enemy persecute my soul, and take *it*; yea, let him tread down my life upon the earth, and lay mine honour in the dust. Selah.

6 Arise, O LORD, in thine anger, lift up thyself because of the rage of mine enemies: and awake for me *to* the judgment *that* thou hast commanded.

7 So shall the congregation of the people compass thee about: for their sakes therefore return thou on high.

8 The LORD shall judge the people: judge me, O LORD, according to my righteousness, and according to mine integrity *that is* in me.

9 Oh let the wickedness of the wicked come to an end; but establish the just: for the righteous God trieth the hearts and reins.

10 My defence *is* of God, which saveth the upright in heart.

11 God judgeth the righteous, and God is angry *with the wicked* every day.

12 If he turn not, he will whet his sword; he hath bent his bow, and made it ready.

13 He hath also prepared for him the instruments of death; he ordaineth his arrows against the persecutors.

14 Behold, he travaileth with iniquity, and hath conceived mischief, and brought forth falsehood.

15 He made a pit, and digged it, and is fallen into the ditch *which* he made.

16 His mischief shall return upon his own head, and his violent dealing shall come down upon his own pate.

17 I will praise the LORD according to his righteousness: and will sing praise to the name of the LORD most high.

## Psalm 8

*Sochar Dé do dhuine.*

**Don phrímhfhéar ceóil air Ghittit  
Psalm Dháibhi.**

## Psalm 8

**To the chief Musician upon Gittith, A  
Psalm of David.**

1 O A THIGHEARNA ar Ttighearna, cred é a oirdhearca atá hainm annsa talamh uile! da bhfoillsigheann tú do ghlóir ós cionn na bhflaitheas.

2 As béul na naóidhean agus leanabh na céioch dórdúighis neart do bhrígh do naimhde, chor go ccoisgféa an námhuid agus an dióghaltóir.

3 A nuáir mheasuim do fhlaithis, obair do mhéur, an ré agus na réulta, noch do órdúighis;

4 Cred é an duine, as a bhfuil tú cuimhneach air? agus mac an duine, as a bhfiosruighionn tú é?

5 Oír do rinne tú é beagan níos ísle ná na haingil, agus do choróinighis é le glóir agus le honóir.

6 Do chuir tú é ós cionn oibreach do lámh; do chuiris a nuile ní fá na chosuibh:

7 Na cáoirigh uile, agus na doimh, fós, agus beathuigh an mhachaire;

8 Eúnlúith a naiéir, agus íasg na fairge, agus *gidh bé ar bith* ghabhus tre chasánuibh na bhfairgeadh.

9 O a THIGHEARNA ar Ttighearna, cred é a oirdhearceadh atá hainim annsa talamh uile!

1 O LORD our Lord, how excellent *is* thy name in all the earth! who hast set thy glory above the heavens.

2 Out of the mouth of babes and sucklings hast thou ordained strength because of thine enemies, that thou mightest still the enemy and the avenger.

3 When I consider thy heavens, the work of thy fingers, the moon and the stars, which thou hast ordained;

4 What is man, that thou art mindful of him? and the son of man, that thou visitest him?

5 For thou hast made him a little lower than the angels, and hast crowned him with glory and honour.

6 Thou madest him to have dominion over the works of thy hands; thou hast put all *things* under his feet:

7 All sheep and oxen, yea, and the beasts of the field;

8 The fowl of the air, and the fish of the sea, *and whatsoever* passeth through the paths of the seas.

9 O LORD our Lord, how excellent *is* thy name in all the earth!

## Psalm 9

*Psalm bhuidheachuis arson bhuaidh Shioin.*

### Don prímhfhear ceoil air Mhut-Labben, Psalm Dháibhi.

1 Molfa me *thú*, a THIGHEARNA, re croidhe iomlán; foillseocha mé hoibreacha iongantacha uile.

2 Biaidh mé lúathgháireach agus gáirdeochad ionadsa: canfad moladh dod ainm, ó thusa is ro áirde.

3 A núair fhillfighear mo naimhde ar a nais, tuitfid síad agus rachuid seachad ad fhiaghnuisi.

4 Oír do chothuighis mo cheart, agus mo chúis; do shuighis san nárdchathaoir ag breathnughadh ceirt.

5 Do imdhearguis na geinte, do lérscriosuis an ciontach, do chuiris amach a nainm go sáoghal na sáoghal.

6 O a námhuid, atáid scriosta air tteachd chum críche suthuine: agus do scriosuis caithreacha; dimthigh a ccuimhniughadh seachad maille ríu.

7 Acht mairfidh an TIGHEARNA choidhche: dullmhuigh sé a árdchathaoir chum breitheamhnais.

## Psalm 9

### To the chief Musician upon Muthlabben, A Psalm of David.

1 I will praise *thee*, O LORD, with my whole heart; I will shew forth all thy marvellous works.

2 I will be glad and rejoice in thee: I will sing praise to thy name, O thou most High.

3 When mine enemies are turned back, they shall fall and perish at thy presence.

4 For thou hast maintained my right and my cause; thou satest in the throne judging right.

5 Thou hast rebuked the heathen, thou hast destroyed the wicked, thou hast put out their name for ever and ever.

6 O thou enemy, destructions are come to a perpetual end: and thou hast destroyed cities; their memorial is perished with them.

7 But the LORD shall endure for ever: he hath prepared his throne for judgment.



8 Agus do dhéana sé breitheamhnus air an sáoghal a bhfiréantachd, do dhéana sé breitheamhnus don phobal a bhfirinne.

9 Bíaidh an TIGHEARNA mar an ccéadna na ionad dídin don té sháruightheas, na dhaingion a naimsearuibh buáidheartha.

10 Agus an mhuintir agá bhfuil fios hanma cuirfid a ndóigh ionnad: óir thusa, a THIGHEARNA, níor thréigis an luchd iarrus thú.

11 Cán molta don TIGHEARNA, noch chomhnuighios a Sion: foillsigh a measc an phobail a ghníomhartha.

12 A nuáir do ní sé cúartughadh air fhuil, cuimhnighidh sé orra: ní dhearmadann sé éighiomh na númhal.

13 Déan trócaire oram, a THIGHEARNA; meas mo bhuaidhreadh *noch fhuilngim* ón muinntir fhúathuighios mé, thusa noch thógbhus súas mé ó gheatadhuibh an bháis:

14 Chor go ttaisbeanfuinn do mholadh uile a ngeatadhuibh inghine Sion: gáirdeocha mé ann do shlánughadh.

15 Do slugeadh síos na geinte annsa chlais *noch* do rinneadar: annsa líon noch do fhluigheadar do gabhadh a ccos féin.

16 Aitheantar an TIGHEARNA *ris* an mbreitheamhnus *noch* chuireann sé a bhféidhm: gabhtar an ciontach a nobair a lámh féin. Higgsaion. Selah.

17 Cuirfighear na ciontaigh go hifrienn, agus a nuile chineadh noch dhearmadas Día.

18 Oír ní dearmadfuighear an teasbhadhach a ccomhnuigh: ní rachuidh dóthchus na mbochd a muga go bráth.

19 Éirigh, ó a THIGHEARNA; na léig don duine búadhughadh: déantar breitheamhnus air na geintibh ad radharc.

20 Cuir eagla orra, ó a THIGHEARNA: *chor go* mbiáidh a fhios ag na cineadhachuibh nach bhfuil ionnta féin achd daóine.

8 And he shall judge the world in righteousness, he shall minister judgment to the people in uprightness.

9 The LORD also will be a refuge for the oppressed, a refuge in times of trouble.

10 And they that know thy name will put their trust in thee: for thou, LORD, hast not forsaken them that seek thee.

11 Sing praises to the LORD, which dwelleth in Zion: declare among the people his doings.

12 When he maketh inquisition for blood, he remembereth them: he forgetteth not the cry of the humble.

13 Have mercy upon me, O LORD; consider my trouble *which I suffer* of them that hate me, thou that liftest me up from the gates of death:

14 That I may shew forth all thy praise in the gates of the daughter of Zion: I will rejoice in thy salvation.

15 The heathen are sunk down in the pit *that* they made: in the net which they hid is their own foot taken.

16 The LORD is known *by* the judgment *which* he executeth: the wicked is snared in the work of his own hands. Higgsaion. Selah.

17 The wicked shall be turned into hell, *and* all the nations that forget God.

18 For the needy shall not always be forgotten: the expectation of the poor shall *not* perish for ever.

19 Arise, O LORD; let not man prevail: let the heathen be judged in thy sight.

20 Put them in fear, O LORD: *that* the nations may know themselves *to be but* men. Selah.

## Psalm 10

*Urnaighe anaghaidh fhaille agus foirneart.*

1 Cred fa seasann tú a bhfad amach, ó a THIGHEARNA? cred fá bhfolchann tú thú féin a naimsearuibh buaidheartha?

2 Do ní an ciontach *iona* úabhar géirleamhnuin air an mbochd: go ngabhthar íad annsna cealguibh noch do smuáineadar féin.

3 Oír maóidhigh an ciontach fonn a chroidhe, agus beannuighidh sé an sanntach, noch fhúathuighios an TIGHEARNA.

## Psalm 10

1 Why standest thou afar off, O LORD? *why* hidest thou *thyself* in times of trouble?

2 The wicked in *his* pride doth persecute the poor: let them be taken in the devices that they have imagined.

3 For the wicked boasteth of his heart's desire, and blesseth the covetous, *whom* the LORD abhorreth.

4 Ní dhéan an ciontach, tre úabhar a ghnúisi, lórgaireachd a ndiáigh Dé - ní *bhfuil* Dia iona uile smuáintighibh.

5 Atáid a shlighthe a ccomhnuigh doilghiosach; atáid a bhreithéamnuis a bhfad súas as a radharc: maille re na easccáirdibh uile, bíth sé ag fochmhuid fútha.

6 A dubhairt sé iona chroidhe, Ní corrochar mé: óir ní bhía mé go bráth a naindeisi.

7 Atá a bhéul lán do mhallachd agus do meabhúil agus do cheilg: faói na theangaidh atá urchóid agus díomhaóineas.

8 Suighidh sé a nionaduibh foraire na mbailteadh: annsna hionaduibh diamhaire dúnmharbhuidh sé na neimhchiontuigh: atáid a shúile go foluightheach na súighe a naghaidh no mbochd.

9 Luighidh sé a bhfeitheamh go diamhair amhuil leomhan iona fhúathais: luighidh sé a bhfeitheamh cum beirthe air na bochduibh; beirídh sé ar an mbochd, a nuáir thairrngios sé é chum a lín.

10 Cromuidh sé, agus umhluighidh sé é féiu, chor go ttuitfeadh an bochd le na thréanuibh.

11 A dubhairt sé iona chroidhe, Do dhearmuid Día: foluighidh sé a aghaidh; ní fhaicfidh sé go bráth é.

12 Éirigh, ó a THIGHEARNA; a Día, tóg súas do lámh: ná dearmuid an tumhal.

13 Cred fá ttarcuisnighid na ciontuigh Día? a dubhairt sé iona chroidhe, Ní íarrfa tú é.

14 Do chonnaire tú é; oir do bheir tú aire d'urchóid agus do mhioscuais, chum a chúitigh led láimh: tiomnuighidh an bochd é féin duit; is tú cobharthóir na ndílleachd.

15 Bris rígh an chiontuigh agus an drochdhuine: lorg amach a chionta go nach bhfaghair éainní.

16 Is Rígh an TIGHEARNA go saoghal na saoghal: do cuireadh na geinte seachad amach as a thalamh.

17 A THIGHEARNA, do chúaluidh tú fonn a na numhal: uillmheocha tú a ccroidhe, do bhéarair air do chluáis éisdeachd:

18 Chum breitheamnuis do dhéanamh air an ndílleachd agus air an té foiréigeantar, chor nach éigneochoaidh fear na talmhan ní budh mó.

4 The wicked, through the pride of his countenance, will not seek *after God*: God is not in all his thoughts.

5 His ways are always grievous; thy judgments *are* far above out of his sight: *as for* all his enemies, he puffeth at them.

6 He hath said in his heart, I shall not be moved: for *I shall* never *be* in adversity.

7 His mouth is full of cursing and deceit and fraud: under his tongue *is* mischief and vanity.

8 He sitteth in the lurking places of the villages: in the secret places doth he murder the innocent: his eyes are privily set against the poor.

9 He lieth in wait secretly as a lion in his den: he lieth in wait to catch the poor: he doth catch the poor, when he draweth him into his net.

10 He croucheth, *and* humbleth himself, that the poor may fall by his strong ones.

11 He hath said in his heart, God hath forgotten: he hideth his face; he will never see *it*.

12 Arise, O LORD; O God, lift up thine hand: forget not the humble.

13 Wherefore doth the wicked contemn God? he hath said in his heart, Thou wilt not require *it*.

14 Thou hast seen *it*; for thou beholdest mischief and spite, to requite *it* with thy hand: the poor committeth himself unto thee; thou art the helper of the fatherless.

15 Break thou the arm of the wicked and the evil *man*: seek out his wickedness *till* thou find none.

16 The LORD *is* King for ever and ever: the heathen are perished out of his land.

17 LORD, thou hast heard the desire of the humble: thou wilt prepare their heart, thou wilt cause thine ear to hear:

18 To judge the fatherless and the oppressed, that the man of the earth may no more oppress.

## Psalm 11

*Gu bhfuil cumann bhaoghlach na ndroch dhaoine, insheachanta.*

**Don phrímhfhhear ceóil, Psalm Dháibhi.**

## Psalm 11

**To the chief Musician, A Psalm of David.**

1 Annsa TIGHEARNA chuirim mo dhóigh: cionnus a deir sibhsi rem anam, Eitill *mar* éun chum do shléibhe?

2 Óir, féuch, lubaid na cionntaigh *a* mbogha, do níd a saighiod réigh air an tsraing; chor go ccaithfidís go foluigheach air an bhfírún a ccroidhe.

3 Má scriostar na bunáite, cred is féidir leis na fírúnuibh do dhéanamh?

4 *Atá* an TIGHEARNA ann a theampall naomhtha, *atá* árdchathaóir an TIGHEARNA air neamh: do bheirid a shúile aire, teastuighid forrdhubha a shúl, clann a ndaóine.

5 Dearbhuidh an TIGHEARNA an fírún: acht an ciontach agus an té ghrádhughios foiréigion fúathuighidh a anam.

6 Air an cciontach fearfuidh sé paintéur teine, agus ruibh, agus anfadh thinntidhe: *budh é* so comhroinn a ccupáin.

7 Óir an TIGHEARNA fíránta is ionmhuin leis fírántachd; do bheir a ghnúis aire do dhuine díreach.

1 In the LORD put I my trust: how say ye to my soul, Flee *as* a bird to your mountain?

2 For, lo, the wicked bend *their* bow, they make ready their arrow upon the string, that they may privily shoot at the upright in heart.

3 If the foundations be destroyed, what can the righteous do?

4 The LORD *is* in his holy temple, the LORD'S throne *is* in heaven: his eyes behold, his eyelids try, the children of men.

5 The LORD trieth the righteous: but the wicked and him that loveth violence his soul hateth.

6 Upon the wicked he shall rain snares, fire and brimstone, and an horrible tempest: *this shall be* the portion of their cup.

7 For the righteous LORD loveth righteousness; his countenance doth behold the upright.

## Psalm 12

*Briathra dhaoine meabhlach, 6 ach briathra Dé ataid firinneach.*

### Don phrímhfhéar ceóil air Sheminit, Psalm Dháibhi.

1 Cabhair, a THIGHEARNA; óir scuiridh an duine díadha; óir faillighidh an creidmheach do bheith a measc chloinne na ndaóine.

2 Labhruid síad díomhaóineas gach uile dhuine re na chomharsuin: *le* pusaibh meabhlacha le croidhe dúbalta labhruid síad.

3 Géarrfuidh an TIGHEARNA amach gach uile phus meabhlach, *agus* an teanga noch labhras neithe uáibhreacha:

4 Noch a dubhairt, Le ar tteangaidh buáidhirfeam; *is* linn féin ar bpuis: *cía is* tighearna ós ar ccionn?

5 Ar son sáruighthe na mbochd, ar son osnadhach na neasbhadhach, anois éireocha mé, (a dubhairt an TIGHEARNA); cuirfé mé *eision* a neamhbaoghal *ón té do* chuirfeadh a ngaiste é.

6 Focail an TIGHEARNA *is* focail ghlana íad: *mar* airgiod dearbhtha a bhfuirnéis chríadh, niamhghlanta seachd nuáire.

7 Coimhédafa tú íad, ó a THIGHEARNA, cuimhdeocha tú íad ón ghinealachso go bráth.

8 Siubhluighid na ciontaigh air gach áontaóibh, a nuáir árduighthe na daóine is mímheasta.

## Psalm 12

### To the chief Musician upon Sheminith, A Psalm of David.

1 Help, LORD; for the godly man ceaseth; for the faithful fail from among the children of men.

2 They speak vanity every one with his neighbour: *with* flattering lips *and* with a double heart do they speak.

3 The LORD shall cut off all flattering lips, *and* the tongue that speaketh proud things:

4 Who have said, With our tongue will we prevail; our lips *are* our own: who *is* lord over us?

5 For the oppression of the poor, for the sighing of the needy, now will I arise, saith the LORD; I will set *him* in safety *from him that* puffeth at him.

6 The words of the LORD *are* pure words: *as* silver tried in a furnace of earth, purified seven times.

7 Thou shalt keep them, O LORD, thou shalt preserve them from this generation for ever.

8 The wicked walk on every side, when the vilest men are exalted.

## Psalm 13

*Urnaigh fir ag cathughadh anaghaidh pheacadh.*

**Don phrímfhear ceóil, Psalm Dháibhi.**

- 1 Ca fad dhearmodair misi, a THIGHEARNA? go bráth? cá fad fhoileochthair thaghaidh uáim?
- 2 Cá fad ghlacfad comhairle ann manam; dóbhron ann mo chroidhe go láetheamhuil? cá fad bhiáid mo naimhde air na nárdughadh ós mo chionn?
- 3 Meas, agus éisd misi, ó a THIGHEARNA mo Dhía: soillsigh mo shúile, deagla go ccoideolfuinn *codladh an bháis*;
- 4 Deagla go naibeoradh mo námhuid, Do bhuáidheas na aghaidh; agus an mhuintir bhuáidhrios mé gairdighid a nuáir bhím ar ccorrughadh.
- 5 Acht do chuirios mo dhóigh ann do thrócairesi; gairdeochuidh mo chroidhe ann do shlánughadh.
- 6 Canfad chum an TIGHEARNA, do bhrígh gur roinn sé go fialmhar ríom.

## Psalm 14

*Osnadh um nádur thruaillidh an duine.*

**Don phrímfhear ceóil, Psalm Dháibhi.**

- 1 A DUBHAIRT an tamadán iona chroidhe, *Ní bhfuil* Día ann. Atáid síad truáilligh, do rinneadar oibreacha adhfhúathmhara, *ní bhfuil* éainneach do ní maith.
- 2 Dféuch an TIGHEARNA a nús ó neamh air chloinn na ndáoine, dféuchuin an raibh aonduine do thuigfeadh, agus diarrfadh Día.
- 3 Do chlaonadar uile, atáid síad *uile* truáilligh: ní *bhfuil* éainneach do ní maith, ní bhfuil, éainneach amháin.
- 4 An bhfuil éolus air bith ag a nuile dhuine oibrighios éaicceart? noch ithios súas mo phobalsa *mar* ithid síad aran, agus gan ghairm air an TTIGHEARNA.
- 5 Annsin do bhádarsan a neagla mhóir: oir atá Día a nginealach na bhfíreán.
- 6 Do náirigheabhair comhairle an bhoichd, do bhrígh gur bé an TIGHEARNA a dhaingean.
- 7 *O nach ttig* slánughadh Israel amach as Sion! a nuáir bhéaras an TIGHEARNA daoirsine a phobail air ais, gairdeochuidh Iacob, agus biaidh Israel lúathgháireach.

## Psalm 15

*Eisiomplar áitreabhthach righeacht Dé.*

**Psalm Dháibhi.**

## Psalm 13

**To the chief Musician, A Psalm of David.**

- 1 How long wilt thou forget me, O LORD? for ever? how long wilt thou hide thy face from me?
- 2 How long shall I take counsel in my soul, *having* sorrow in my heart daily? how long shall mine enemy be exalted over me?
- 3 Consider *and* hear me, O LORD my God: lighten mine eyes, lest I sleep the *sleep of* death;
- 4 Lest mine enemy say, I have prevailed against him; *and* those that trouble me rejoice when I am moved.
- 5 But I have trusted in thy mercy; my heart shall rejoice in thy salvation.
- 6 I will sing unto the LORD, because he hath dealt bountifully with me.

## Psalm 14

**To the chief Musician, A Psalm of David.**

- 1 The fool hath said in his heart, *There is* no God. They are corrupt, they have done abominable works, *there is* none that doeth good.
- 2 The LORD looked down from heaven upon the children of men, to see if there were any that did understand, *and* seek God.
- 3 They are all gone aside, they are *all* together become filthy: *there is* none that doeth good, no, not one.
- 4 Have all the workers of iniquity no knowledge? who eat up my people *as* they eat bread, and call not upon the LORD.
- 5 There were they in great fear: for God *is* in the generation of the righteous.
- 6 Ye have shamed the counsel of the poor, because the LORD *is* his refuge.
- 7 Oh that the salvation of Israel *were come* out of Zion! when the LORD bringeth back the captivity of his people, Jacob shall rejoice, *and* Israel shall be glad.

## Psalm 15

**A Psalm of David.**

1 A THIGHEARNA, cía choimhneochus ann do thabernacuil? cía áitreobhus ann do chnoc náomhtha?

2 An té shiubhluighios go díreach, agus oibrighios fíréantachd, agus labhrus a nfrinne iona chroidhe.

3 *An té* nach déan ithiomrádh le na theangaidh, is nach déan olc dá chomharsuin, is nach ttógbhann súas míochlú a naghaidh a chomharsan.

4 An té a ttarcuisnighthear an drochdhuine iona shúilibh; achd onóruighios an dream air a mbí eagla an TIGHEARNA. *An té* noch mhionnuighios chum a dhioghbhála féin, agus nach malartuighionn.

5 *An té* nach ccuireann amach a chuid airgid cum úsúireachda, is nach glacann luáidheachd a naghaidh na neimhchiontach. An té do ní na *neitheso* ni háthrochthair é go bráth.

## Psalm 16

*Tearmúnn, comhluadar, agus aoibhneas  
Dháibhi tar eís na heiseirghe.*

### Psalm órdha Dháibhi.

1 Cumhduigh mé, ó a Dhé: óir is ionnadsa chuirim mo dhóigh.

2 O *mo anam*, a dubhairt tú ris an TTIGHEARNA, *Is tú* mo Thighearna: ní roichionn mo mhaith chugadsa;

3 *Acht* chum na náomh *atá* air talamh, agus *chum* na noirdhearc, iona *bhfuil* mo uile thaitneamh.

4 Méideochar a ndóbhron, *noch* bhrostuighios a *ndiáigh* *día* oile: a ndeochíodhbartha fola ní ofrála mé, ní thógfa mé súas a nainm chum mo phus.

5 *Isé* an TIGHEARNA comhroinn moighreachda agus mo chupáin: cothuighionn tú mo chrannchair.

6 Do thuitedar na comharthadha chugamsa a *nionaduibh* thaitneamhacha; fós, *atá* oighreachd mhaith agum.

7 Beinneochar mé an TIGHEARNA, noch thug comhairle dhamh: do thegaisgeadar mo dhubháin mé mar an ccéadna a naimsir na hoidhche.

8 Do chuirios an TIGHEARNA do ghnáth ós mo choinne: do bhrígh go *bhfuil* sé air mo láimh dheis, ní chorrochthar mé.

9 Uime sin *atá* mo chroidhe lúathgháireach, agus gáirdighidh mo ghlóir: coimhneochuidh mo cholann mar an ccéadna a ndóthchus.

10 Óir ní fhágfa tú manam a nifrionn; ní mó fhuileongthair truáilliughadh dfaicsin dot Aon Naomhtha féin.

1 LORD, who shall abide in thy tabernacle? who shall dwell in thy holy hill?

2 He that walketh uprightly, and worketh righteousness, and speaketh the truth in his heart.

3 *He that* backbiteth not with his tongue, nor doeth evil to his neighbour, nor taketh up a reproach against his neighbour.

4 In whose eyes a vile person is contemned; but he honoureth them that fear the LORD. *He that* sweareth to *his own* hurt, and changeth not.

5 *He that* putteth not out his money to usury, nor taketh reward against the innocent. He that doeth these *things* shall never be moved.

## Psalm 16

### Michtam of David.

1 Preserve me, O God: for in thee do I put my trust.

2 O *my soul*, thou hast said unto the LORD, Thou *art* my Lord: my goodness *extendeth* not to thee;

3 *But* to the saints that *are* in the earth, and *to* the excellent, in whom *is* all my delight.

4 Their sorrows shall be multiplied *that* hasten *after* another *god*: their drink offerings of blood will I not offer, nor take up their names into my lips.

5 The LORD *is* the portion of mine inheritance and of my cup: thou maintainest my lot.

6 The lines are fallen unto me in pleasant *places*; yea, I have a goodly heritage.

7 I will bless the LORD, who hath given me counsel: my reins also instruct me in the night seasons.

8 I have set the LORD always before me: because *he is* at my right hand, I shall not be moved.

9 Therefore my heart is glad, and my glory rejoiceth: my flesh also shall rest in hope.

10 For thou wilt not leave my soul in hell; neither wilt thou suffer thine Holy One to see corruption.

11 Taisbeanfa tú dhamh casáin na beatha: ad lathairsi *atá* líonmhaireachd lúathgháire; air do láimh dheis *atá* sáimhe go síothbhúan.

## Psalm 17

*An duine diagma ag tagra ré na naimhdibh.*

### Urnaigh Dháibhi.

1 Eist an ceart, a THIGHEARNA, tabhair aire dom éighiomh, tabhair clúas dom urnuigh, *noch imthigheann* amach as pusuibh meabhlacha.

2 Tigeadh mo bhreitheamhnus amach ód lathair; tugaidís do shúile aire do na neithibh atá comhthrom.

3 Do dhearbhuís mo chroidhe; do fhiosruighis sa noidhche; do dhearbhuís mé, *agus ní bhfuighir éainní*; is mían liom *nach* cciontochuidh mo bhéul.

4 A ttáobh oibreach na ndaóine, lé breithir do phussa do *sheachain* mé casáin an scriostóra.

5 Connuimh súas mo imtheachd ann do chasánuibh, chor *nach* sleamhnochuid coischéime mo chos.

6 Do ghoireas ort, óir cluinfir mé, ó a Dhé: cláon do chlúas chugam, *agus éist* mo chomhrádh.

7 Taisbéin do chinéul grádhach iongantach, ó thusa *noch sháorus* led láimh dheis an luchd do chuirios a ndóigh *ionnad* ón mhuintir *noch éirghios súas na naghaidh*.

8 Coimhéad mé mar mheall na súl, foluigh mé faói scáile do sciathán,

9 O na ciontachuibh *noch sháruighios* mé, *óm* naimhdibh marbhtacha, *noch* thimchiollas mé fa ccuairt.

10 Atáid síad dlúithithe iona méuthus féin: le na mbeul labhruid go huáibhreach.

11 Do thimciolladar anois sinn ionar ccoiscéimibh: do chuireadar a suile ag cromadh síos chum na talmhan;

12 Amhuil leomhan *noch* ata geanach chum a chreiche, agus mar leomhan óg ag forchoimhéad a nionaduibh díamhara.

13 Éirigh, ó a THIGHEARNA, toirmisc é, teilg síos é: fúasguil manam ó na cionntachaibh, red chloidheamh:

14 O dhaóinibh red láimh, a THIGHEARNA, ó dhaóinibh an tsáoghail, *agá bhfuil* a ccuid annsna mbeathaso, ag ar líonuis a mbuilg led *ionnmhus* foluigheach: atáid síad lán do chloinn, agus fágbhuid an chuid oile dá *maóin* agá naóidheanuibh.

11 Thou wilt shew me the path of life: in thy presence *is* fulness of joy; at thy right hand *there are* pleasures for evermore.

## Psalm 17

### A Prayer of David.

1 Hear the right, O LORD, attend unto my cry, give ear unto my prayer, *that goeth* not out of feigned lips.

2 Let my sentence come forth from thy presence; let thine eyes behold the things that are equal.

3 Thou hast proved mine heart; thou hast visited *me* in the night; thou hast tried me, *and* shalt find nothing; I am purposed *that* my mouth shall not transgress.

4 Concerning the works of men, by the word of thy lips I have kept *me from* the paths of the destroyer.

5 Hold up my goings in thy paths, *that* my footsteps slip not.

6 I have called upon thee, for thou wilt hear me, O God: incline thine ear unto me, *and* hear my speech.

7 Shew thy marvellous lovingkindness, O thou that savest by thy right hand them which put their trust *in thee* from those that rise up *against them*.

8 Keep me as the apple of the eye, hide me under the shadow of thy wings,

9 From the wicked that oppress me, *from* my deadly enemies, *who* compass me about.

10 They are inclosed in their own fat: with their mouth they speak proudly.

11 They have now compassed us in our steps: they have set their eyes bowing down to the earth;

12 Like as a lion *that* is greedy of his prey, and as it were a young lion lurking in secret places.

13 Arise, O LORD, disappoint him, cast him down: deliver my soul from the wicked, *which is* thy sword:

14 From men *which are* thy hand, O LORD, from men of the world, *which have* their portion in *this* life, and whose belly thou fillest with thy hid *treasure*: they are full of children, and leave the rest of their *substance* to their babes.

15 Air mo shonsa, do bhéara mé aire dot ghnúisi a bhfíréantacht: bíáidh mé sásuigh, an tan mhúisgeolus mé, led chosamhlacht.

## Psalm 18

*Caithreim, buidheachas, agus faigheadoireact Dhaibhi a ndeireadh a bheatha.*

**Don phrimhfhear ceóil, Psalm Dháibhi searbhfhoghantuigh an TIGHEARNA, noch do labhair ris an TTIGHEARNA bríathra na cainticesi ansa lá ionar sháor é as lámhuibh a namhad uile, agus as láimh Shaul: agus a dubhairt.**

- 1 Graidheochuidh mé thú, a THIGHEARNA mo neart.
- 2 An TIGHEARNA mo charruic, agus mo dhaingean, agus mfear sáortha; mo Dhía, mo neart, íona ccuirfe mé mo dhóthchus; mo scíath, agus adharc mo shlánuighthe, mo ionad árd.
- 3 Goirfe mé air an TTIGHEARNA, *nóch is fíu* a mholadh: agus sáorfuighthear óm naimhdibh mé.
- 4 Do thimchiolladar doilghiosa an bháis mé: do eagluigheadar tuilte na neimhdhíadhachda mé.
- 5 Do thimchiolladar doilghiosa ifrinn fa ccuáirt mé: do cuireadh líonta an bháis as mo choinne.
- 6 Ann mamhgar do ghoireas air mo THIGHEARNA, agus déighios air mo Dhía: do chúaluidh sé ó na theampull mo ghuth, agus do chuáidh méighmhe ós a choinne, iona chlúasaibh.
- 7 Ann sin do chroith agus do chriothnuigh an talamh; agus do chriothnuigheadar íochdar na ccnoc agus do chriotheadar íad féin, do bhrígh go raibh teas feirge air.
- 8 Do chuáidh deatach súas tré na shróin phuill agus teine iosa bhéul ag cnaói: do lás gúal úadha.
- 9 Agus do chláon sé na neamha agus tháinic a núas: agus do *bhí* dorchadus fa na chosuibh.
- 10 Agus do bhí ag marcúigheachd ar Cherub, agus deitil sé; deitil go ro lúath ar sciathánuibh na gaóithe.
- 11 Do rinne a ionad uáigneach don dorchadus; uisgeadh dorcha agus néulla tiugha a naiéir *bá* páilliúin dóma thimchioll.
- 12 On deálradh do *bhí* as a choinne dimthigheadar a néulla tiugha, *cloichshneachda*, agus gúal teineadh.

15 As for me, I will behold thy face in righteousness: I shall be satisfied, when I awake, with thy likeness.

## Psalm 18

**To the chief Musician, A Psalm of David, the servant of the LORD, who spake unto the LORD the words of this song in the day *that* the LORD delivered him from the hand of all his enemies, and from the hand of Saul: And he said,**

- 1 I will love thee, O LORD, my strength.
- 2 The LORD *is* my rock, and my fortress, and my deliverer; my God, my strength, in whom I will trust; my buckler, and the horn of my salvation, *and* my high tower.
- 3 I will call upon the LORD, *who is worthy* to be praised: so shall I be saved from mine enemies.
- 4 The sorrows of death compassed me, and the floods of ungodly men made me afraid.
- 5 The sorrows of hell compassed me about: the snares of death prevented me.
- 6 In my distress I called upon the LORD, and cried unto my God: he heard my voice out of his temple, and my cry came before him, *even* into his ears.
- 7 Then the earth shook and trembled; the foundations also of the hills moved and were shaken, because he was wroth.
- 8 There went up a smoke out of his nostrils, and fire out of his mouth devoured: coals were kindled by it.
- 9 He bowed the heavens also, and came down: and darkness *was* under his feet.
- 10 And he rode upon a cherub, and did fly: yea, he did fly upon the wings of the wind.
- 11 He made darkness his secret place; his pavilion round about him *were* dark waters *and* thick clouds of the skies.
- 12 At the brightness *that was* before him his thick clouds passed, hail *stones* and coals of fire.

13 Agus do rinne an TIGHEARNA tóirneach annsna neamhuibh, agus thug an té is ro áirde a ghuth; cloichshneachda agus gúal teineadh.

14 Fós, do chaith sé a shoighde, agus do spréidh sé iad; agus do chaith tinnteach, agus do chlaói iad.

15 Agus do chonncas aigéun na nuisgeadh, agus do nochtadh íochdar an domhuin ód achmhusansa, a THIGHEARNA, ó shoinneún anála do shróna.

16 Do chuir sé a núas, do ghabh sé misí, do tharruing sé mé as iomad uisgeadh.

17 Do sháor sé mé óm námhuid neartmhuir, agus ón druing do fhúathaigh mé: óir do bhádar ro neartmhar orum.

18 Thangadar am aghaidh a ló mo thruáighmhéile: acht do bhí an TIGHEARNA na urrainn agam.

19 Agus thug sé amach a nionad fhairsing mé; do sháor sé mé, do bhrígh go raibh dúil aige ionnam.

20 Do aisig an TIGHEARNA dhamh do réir mfréantachd; do réir ghloine mo lámh thug sé díoluigheachd dhamh.

21 Do bhrígh gur choimhéud mé slighthe an TIGHEARNA, agus nar fhill mé go cionntach ó mo Dhía.

22 Oír do bhádar a bhreitheamhnusa uile ós mo chomhair, agus níor chuireas a reachda uáim.

23 Agus do bhí mé díreach aige, agus do choimhéadas mé féin ó mo chionntuibh.

24 Agus thug an TIGHEARNA luáigheachd dhamh do réir mfréantachda, do réir ghloine mo lámh ós coinne a shúl.

25 Don trócaireach táisbeanfa tú thú féin trócaireach; ris an duine díreach táisbeanfa tú thú féin díreach;

6 Ar a nadhbharsin do dhéana a nuile dhuine diádha urnuigh chugadsa a nam thfaghala: go deimhin a ttuilte uisgeadha móra ní thiocfuid a ngar dhósan.

7 Is tú mionad foluigh; coiseonuidh tú mé ó bhuáidhreadh; ré gáirdeachus sáortha tiucfuir fá ccuáirt am thimchioll. Selah.

8 Teagosfa mé thú, agus múinfeadh thú san tslioghe iona ngéubhair: do bhéar comhairle dhuit ré mo shúil do beith ort.

9 Ná bíthí mar a neach, nó mar an múille, ag nach bhfuil tuicsi: is iníadhta a bhéul re béulmhach agus re srían, deagla go ttiucfadh sé a ngar dhuit.

10 *Atáid* iomad doilghios don pheacach: acht tiucfa trócaire, a ttimchioll an té chuireas a dhóthchus annsa TIGHEARNA.

11 Déanuidh gáirdeachus annsa TIGHEARNA, agus bíthí lúathgháireach, sibhsi a fhíréuna: agus déanuidh lúathgháir, sibhsi uile *noch atá* díreach a ccroidhe.

5 I acknowledged my sin unto thee, and mine iniquity have I not hid. I said, I will confess my transgressions unto the LORD; and thou forgavest the iniquity of my sin. Selah.

6 For this shall every one that is godly pray unto thee in a time when thou mayest be found: surely in the floods of great waters they shall not come nigh unto him.

7 Thou *art* my hiding place; thou shalt preserve me from trouble; thou shalt compass me about with songs of deliverance. Selah.

8 I will instruct thee and teach thee in the way which thou shalt go: I will guide thee with mine eye.

9 Be ye not as the horse, *or* as the mule, *which* have no understanding: whose mouth must be held in with bit and bridle, lest they come near unto thee.

10 Many sorrows *shall be* to the wicked: but he that trusteth in the LORD, mercy shall compass him about.

11 Be glad in the LORD, and rejoice, ye righteous: and shout for joy, all *ye that are* upright in heart.

## Psalm 33

*Maitheas, 6 cumhacht, 12 agus freasdal Dé dá mhuinntir féin.*

1 Gairdighidh annsa TIGHEARNA, sibhsi a fhíréuna: is cubhaidh moladh don díreach.

2 Molaidh an TIGHEARNA ris an ccláirsigh: re psaltair re hionstrumeint dheich ttéud canuidh dhó.

3 Canuidh dhó caintic núadh; sinnidh go héolgach maille re fuáim áird.

4 Oír is díreach bríathar an TIGHEARNA, agus a oibhreacha uile maille re fírinne.

5 Is ionmhuin leis ceart agus breitheamhnus: atá an talamh lán do throcaire an TIGHEARNA.

6 Re breithir an TIGHEARNA do rinneadh na flaitheamhnus; agus le spiorad a bhéil a shlúagh uile.

7 Cruinníghidh sé uisgeadha na mara amhuil cárn: agus cuiridh súas an dúbhaigéan a ttighthibh ionnmhuis.

8 Bíodh eagla an TIGHEARNA air an ttalamh uile: bíodh úamhan ar uile áitreabhacha an domhuin.

9 Oír do labhair sé, agus do rinneadh amhluidh; do aithin sé, agus do cruthuightheadh é.

## Psalm 33

1 Rejoice in the LORD, O ye righteous: *for* praise is comely for the upright.

2 Praise the LORD with harp: sing unto him with the psaltery *and* an instrument of ten strings.

3 Sing unto him a new song; play skilfully with a loud noise.

4 For the word of the LORD *is* right; and all his works *are done* in truth.

5 He loveth righteousness and judgment: the earth is full of the goodness of the LORD.

6 By the word of the LORD were the heavens made; and all the host of them by the breath of his mouth.

7 He gathereth the waters of the sea together as an heap: he layeth up the depth in storehouses.

8 Let all the earth fear the LORD: let all the inhabitants of the world stand in awe of him.

9 For he spake, and it was *done*; he commanded, and it stood fast.

10 Do ní an TIGHEARNA comhairle na ccinneadhach díomhaoin: do ní smúaintighe na ndaóine neimhéifeachtach.

11 Seasfuidh comhairle an TIGHEARNA go bráth, smúaintighthe a chroidhe go sáoghal na sáoghal.

12 *Is* beannuigh an cineadh agá bhfuil an TIGHEARNA na Dhía aca; na daóine do thogh sé mar oighreachd dó féin.

13 Féuchuidh an TIGHEARNA ó neamh; do chí sé mic na ndaóine uile.

14 Dearcaidh sé ó a ionad cómhnuigh air áitreabhaibh na talmhan uile.

15 Eision cumadóir a ccroidhtheadh a néainfheachd; tuige sé a noibreach uile.

16 Ní bhfuil rígh air bith cumhduighthe re iomad slóigh: ní sáorthar an duine tréan re méad a neirt.

17 *Is* ní díomhaóin each mar dhídion: ní sháorfa sé *aonduine* re méad a neirt.

18 Féuch, *atá* súil an TIGHEARNA ar an lucht air a bhfuil a eagla, air an lucht chuirios a ndóigh iona thrócaire;

19 Do sháoradh a nánma ó bhás, agus dá ccongmháil béo a ngorta.

20 *Atá* ar nanam ag feitheamh air an TTIGHEARNA: *is* eision ar ccabhair agus ar sciath.

21 Oír is annsan do dhéanas ar ccroidhe gáirdeachus, do bhrígh gur chuireamar ar ndóigh ann a ainm náomhthasan.

22 Biodh do thrócaire, oruinn, a THIGHEARNA, do réir mar *atá* ár ndóigh ionnad.

10 The LORD bringeth the counsel of the heathen to nought: he maketh the devices of the people of none effect.

11 The counsel of the LORD standeth for ever, the thoughts of his heart to all generations.

12 Blessed *is* the nation whose God *is* the LORD; *and* the people *whom* he hath chosen for his own inheritance.

13 The LORD looketh from heaven; he beholdeth all the sons of men.

14 From the place of his habitation he looketh upon all the inhabitants of the earth.

15 He fashioneth their hearts alike; he considereth all their works.

16 There is no king saved by the multitude of an host: a mighty man is not delivered by much strength.

17 An horse *is* a vain thing for safety: neither shall he deliver *any* by his great strength.

18 Behold, the eye of the LORD *is* upon them that fear him, upon them that hope in his mercy;

19 To deliver their soul from death, and to keep them alive in famine.

20 Our soul waiteth for the LORD: he *is* our help and our shield.

21 For our heart shall rejoice in him, because we have trusted in his holy name.

22 Let thy mercy, O LORD, be upon us, according as we hope in thee.

## Psalm 34

*Cuireadh do dhaóinibh ceart, chum Día do ghlórughadh.*

***Psalm Dháibhi, a nuáir dáthruigh sé a inneal a lathair Abimelech; noch do thiomáin úadh é, agus do dhealuidh sé rís.***

1 Beinneochuidh mé an TIGHEARNA gach uile uáir: *biáidh* a mholadh ann mó bhéul a ccomhnuigh.

2 Annsa TTIGHEARNA do dhéana manam glóir: cluinfe an tumhal é, agus *biáidh* lúathgháireach.

3 Móruidhe an TIGHEARNA leamsa, agus árduighemid a ainm a néinfheachd.

4 Díarr mé an TIGHEARNA, agus do chúaluidh sé mé, agus do sháor me óm eagla uile.

5 Dféuchadar chuige, agus do shoillsíughadh iad: agus ní raibh náire ar a naighthibh.

## Psalm 34

***A Psalm of David, when he changed his behaviour before Abimelech; who drove him away, and he departed.***

1 I will bless the LORD at all times: his praise *shall* continually *be* in my mouth.

2 My soul shall make her boast in the LORD: the humble shall hear *thereof*, and be glad.

3 O magnify the LORD with me, and let us exalt his name together.

4 I sought the LORD, and he heard me, and delivered me from all my fears.

5 They looked unto him, and were lightened: and their faces were not ashamed.

6 Do gháir an duine bochtso, agus do chúaluidh an TIGHEARNA é agus do sháor é ó na uile bhuaídhreadh.

7 Do ní aingeal an TIGHEARNA campa go cruinn a ttimchioll na druinge air a mbí a eagla, agus sáoruidh sé iad.

8 Blaisidh, agus féuchuidh *gur* maith an TIGHEARNA: *is* beannuigh an duine *agá* mbí a dhóigh ann.

9 Bíodh eagla an TIGHEARNA oruibh, sibhsi a naomha féin: oír *ní bhfuil* uireasbhuidh air an luchd air a bhfuil a eagla.

10 Bíth uireasbhuidh air na leomhnuibh óga, agus fuilingid ocrus: acht ní bhiáidh uireasbhuidh éanmhaitheasa ar an luchd íarrus an TIGHEARNA.

11 Tigidh, a chlann, éistigh riomsa: teagaisgfead eagla an TIGHEARNA dhibh.

12 Cía *hé* an duine *ler* mían beatha, *ler* bionmhúin *iomad* láetheadh, dfaicsin maitheasa?

13 Coimhead do theanga ó urchóid, agus do bhéul ó labhradh ceilge.

14 Dealuidh ris a nolc, agus déan maith; íarr síothcháin, agus lean í.

15 *Atáid* súile an TIGHEARNA chum na bhfíreín, agus a chlúasa chum a ccomharc.

16 *Atá* aghaidh an TIGHEARNA a naghaidh na druinge do ní olc, chum a ccuimhne do ghearradh ón talamh.

17 Gáirid *na fíreín*, agus do chluin an TIGHEARNA, agus sáoruidh iad ó na nuile anacra.

18 As fogus an TIGHEARNA don druing agá bhfuil a ccroidhe briste; agus sáorfuidh na comhmrúighte a spioraid.

19 Is iomdha crádh air an bhfíreún: gidheadh sáorfuidh an TIGHEARNA úatha uile é.

20 Cumhduigh sé a chnámha uile: ní bristear áon díobh.

21 Acht muirfidh an tolc an cionntach: agus sgriosfuighear an luchd agá bhfuil fúath air an bhfíreún.

22 Fúasgluidh an TIGHEARNA anam a sheirbhíseach: agus ní scriosfuighthean an mhéid chuirfios a ndóigh ann.

6 This poor man cried, and the LORD heard *him*, and saved him out of all his troubles.

7 The angel of the LORD encampeth round about them that fear him, and delivereth them.

8 O taste and see that the LORD *is* good: blessed *is* the man *that* trusteth in him.

9 O fear the LORD, ye his saints: for *there is* no want to them that fear him.

10 The young lions do lack, and suffer hunger: but they that seek the LORD shall not want any good *thing*.

11 Come, ye children, hearken unto me: I will teach you the fear of the LORD.

12 What man *is he that* desireth life, *and* loveth *many* days, that he may see good?

13 Keep thy tongue from evil, and thy lips from speaking guile.

14 Depart from evil, and do good; seek peace, and pursue it.

15 The eyes of the LORD *are* upon the righteous, and his ears *are open* unto their cry.

16 The face of the LORD *is* against them that do evil, to cut off the remembrance of them from the earth.

17 *The righteous* cry, and the LORD heareth, and delivereth them out of all their troubles.

18 The LORD *is* nigh unto them that are of a broken heart; and saveth such as be of a contrite spirit.

19 Many *are* the afflictions of the righteous: but the LORD delivereth him out of them all.

20 He keepeth all his bones: not one of them is broken.

21 Evil shall slay the wicked: and they that hate the righteous shall be desolate.

22 The LORD redeemeth the soul of his servants: and none of them that trust in him shall be desolate.

## Psalm 35

*Psalm ag iarraidh congnamh a naghaidh na námhad.*

### **Psalm Dháibhi.**

1 Tagair, a THIGHEARNA ris an mhuinntir cheannairgios riom: cathaigh ris an mhuinntir chathuighios am aghaidh.

## Psalm 35

### **A Psalm of David.**

1 Plead *my cause*, O LORD, with them that strive with me: fight against them that fight against me.



2 Gabh greim do sceith agus do bhuicléir, agus seas súas dom chumhdach.

3 Agus tarruing amach an gath, agus stop *an tslighe* a naghaidh na muinntire bhuáidhrios mé: ráidh rem anam, Is *misi* do shlánughadh.

4 Claóidhítear agus náirighítear an lucht íarrus mauam: iompóighítear air a nais agus claoithear an luchd noch smuáineas urchóid damh.

5 Bídís mar lóchán ós coinne na gaóithe: agus aingeal an TIGHEARNA gha rúagadh.

6 Bíodh a slighe na dhorchadus agus ro shleamhuin: agus aingeal an TIGHEARNA da ngérleanmhuin.

7 Óir is gan adhbhar do fholuigheadar a líon am choinnessi a log, *noch* do thochladar gan adhbhar a ccoinne manma.

8 Tigeadh milleadh airsion nach raibh a fhios aige; a líon noch dfluigh sé gabhadh é féin: agus tuiteadh sé annsa milleadh sin féin.

9 Agus bíaidh manamsa lúathgháireach annsa TIGHEARNA: do dhéanuidh sé gáirdeachus iona shlánughadh.

10 Déaruid mo chnámha uile, O a THIGHEARNA, cia *is* cosmhuil leachdsa, noch sháorus an bochd ó nduine atá ainneartmhar na aghaidh, agus an bocht agus an teasbhuidheach ón té mhillios é?

11 Déirigh fiaghnuise éagcórach súas; dfafruigheadar dhíom an *ní* nár bhfeas damh.

12 Thugadar dhamh luáigheachd uile a naghaidh maitheasa chum manma do mhilleadh.

13 Acht *misi*, a núair do bhádar easlán, *bá* saicéadach mo chulaidh: dumhluighios manum re troscadh; agus dfill mo ghuidhe am ucht féin.

14 Diomchras mé féin amhluidh is gur bhé mo charuid *nó* mo dhearbhrathair é: dumhluighios a nduibhéadach, mar an té do ní doilghios *ar son a mhathar*.

15 Acht ann mo ríachdanas do rinneadarsan gáirdeachus, agus do chruinnigheadar iad féin a naonáit: na cíoithruimigh fós, do thionoladar a cceann a chéile am aghaidh, agus ní raibh a fhios agamsa; do réubadar, agus nior sguireadar.

16 Re clúanairibh magaidh ar chóisreachuibh, ag gíosgán ré na bhfiacuibh am aghaidhsí.

17 A THIGHEARNA, cá fad bhías tú dhá fhaicsin so? sáor manam ó na mbuáidhreadh, mo mhuirín ó na leomhanuibh.

18 Do bhéarad buidheachus duitsi annsa ccomhdháil mhór: a measc mhoráin daóine molfa mé thú.

2 Take hold of shield and buckler, and stand up for mine help.

3 Draw out also the spear, and stop *the way* against them that persecute me: say unto my soul, I *am* thy salvation.

4 Let them be confounded and put to shame that seek after my soul: let them be turned back and brought to confusion that devise my hurt.

5 Let them be as chaff before the wind: and let the angel of the LORD chase *them*.

6 Let their way be dark and slippery: and let the angel of the LORD persecute them.

7 For without cause have they hid for me their net *in* a pit, *which* without cause they have digged for my soul.

8 Let destruction come upon him at unawares; and let his net that he hath hid catch himself: into that very destruction let him fall.

9 And my soul shall be joyful in the LORD: it shall rejoice in his salvation.

10 All my bones shall say, LORD, who *is* like unto thee, which deliverest the poor from him that is too strong for him, yea, the poor and the needy from him that spoileth him?

11 False witnesses did rise up; they laid to my charge *things* that I knew not.

12 They rewarded me evil for good *to* the spoiling of my soul.

13 But as for me, when they were sick, my clothing *was* sackcloth: I humbled my soul with fasting; and my prayer returned into mine own bosom.

14 I behaved myself as though *he had been* my friend *or* brother: I bowed down heavily, as one that mourneth *for his* mother.

15 But in mine adversity they rejoiced, and gathered themselves together: *yea*, the abjects gathered themselves together against me, and I knew *it* not; they did tear *me*, and ceased not:

16 With hypocritical mockers in feasts, they gnashed upon me with their teeth.

17 Lord, how long wilt thou look on? rescue my soul from their destructions, my darling from the lions.

18 I will give thee thanks in the great congregation: I will praise thee among much people.

19 Ná léig dom naimhdibh gáirdeachus do dhéanamh ós mo chionn go héagcórach: ná léig do luchd mfúaitighthe gan adhbhar a súil do chláonadh.

20 Oír ní labhraid síothcháin: agus tionnsgnuid bríathra cealgacha a naghaidh *dhaóine* socra na talmhan.

21 Agus dfoscladar a mbéul go fairsing am aghaidh, a dubhradar, Aha, aha, do chíd ar súile é.

22 Do chonnaire tú so, a THIGHEARNA: ná bí ad thochd: a THIGHEARNA, ná bí a bhfad uáim.

23 Corruigh súas thú féin, agus mús-gail chum mo bhreitheamhnus, chum mo chúise, mo Thighearna agus mo Dhía.

24 Beir breitheamhnus orum, do réir thfíréuntachda, ó a THIGHEARNA mo Dhía; agus ná gáirdighid ós mo chionn.

25 Ná habraid síad iona ccroidhe, Aha, ar nanam: ná habruid, Do shluigear súas é.

26 Náirighhear agus claóidhtear a néinfheachd an drong do ní gáirdiughadh ann molc: éaduighhear íad lé himdheargadh, agus neimhnoir noch mhóruighios *íad féin* am aghaidh.

27 Gáiredís lé lúathgáire, agus bídis gáirdeach, gach a bhfuil fabharthach dom fhíréuntachd: agus abraidís do ghnáth, Bíodh an TIGHEARNA móruighthe, agá bhfuil dúil a síothcháin a sheirbhísigh.

28 Agus foillseochuigh mo theanga thfíréuntachd, agus do mholadh ar feadh an laói.

19 Let not them that are mine enemies wrongfully rejoice over me: *neither* let them wink with the eye that hate me without a cause.

20 For they speak not peace: but they devise deceitful matters against *them that are* quiet in the land.

21 Yea, they opened their mouth wide against me, *and* said, Aha, aha, our eye hath seen *it*.

22 *This* thou hast seen, O LORD: keep not silence: O Lord, be not far from me.

23 Stir up thyself, and awake to my judgment, *even* unto my cause, my God and my Lord.

24 Judge me, O LORD my God, according to thy righteousness; and let them not rejoice over me.

25 Let them not say in their hearts, Ah, so would we have it: let them not say, We have swallowed him up.

26 Let them be ashamed and brought to confusion together that rejoice at mine hurt: let them be clothed with shame and dishonour that magnify *themselves* against me.

27 Let them shout for joy, and be glad, that favour my righteous cause: yea, let them say continually, Let the LORD be magnified, which hath pleasure in the prosperity of his servant.

28 And my tongue shall speak of thy righteousness *and* of thy praise all the day long.

## Psalm 36

*An duine, gé trúagh ann féin, atá sé beannuighthe a Ndía.*

**Don prímhfhéar ceóil, Psalm Dháibhi, seirbhíseach an TIGHEARNA.**

1 A Deir droichghníomh an chiontuigh a stigh ann mo chroidhe, *nach bhfuil* eagla Dé ós coinne a shúl.

2 Oír do ní spleadhachus ris féin iona radharc, nó go naithnighior go bhfuil a pheacaidh fúathmhar.

3 Is mícheart agus mealltóireachd bríathra a bhéil: do léig dhe bheith glic, agus maith do déanamh.

4 Smuáinighidh se díomháoineas air a leabuidh; suighidh sé féin ar shlighe *nach* maith; ní dhíultann an tol.

## Psalm 36

**To the chief Musician, A Psalm of David the servant of the LORD.**

1 The transgression of the wicked saith within my heart, *that there is* no fear of God before his eyes.

2 For he flattereth himself in his own eyes, until his iniquity be found to be hateful.

3 The words of his mouth *are* iniquity and deceit: he hath left off to be wise, *and* to do good.

4 He deviseth mischief upon his bed; he setteth himself in a way *that is* not good; he abhorreth not evil.

5 A THIGHEARNA, is annsna flaitheasuibh atá do thrócaire; agus thfírinne go nuige na néulla is áirde.

6 Is cosmhuil thfíréantachd re sléibhtibh ro arda; do bhreitheamhnus is cosmhuil ris an ndubhaigéan: ó a THIGHEARNA, cumhduigh tú an duine agus an tainmhidhe.

7 Cred é oirdhearcus do thrócaire a Dhé! air a nadhbhar sin cuirfid mic na ndáoine a ndóigh a scáile do sciathán.

8 Béid ar na sásughadh go ro mhór lé méathus do thighe; agus do bhéara tú orra ól daibhne haóibhnis.

9 Oír is agadsa atá tobar na beatha; ann do sholusa do chídhiom solus.

10 Faduigh do thrócaire don luchd darab éolach thú; agus thfíréuntachd don díreach a ccroidhe.

11 Ná tigeadh cos a núabhair orum, agus ná corruigheadh lámh an chiontuigh mé.

12 Annsin do thuiteadar luchd oibrighthe na hurchóide: do teilgiodh síos íad, agus ní budh éidir leo éirghe.

### Psalm 37

*Foillsiughadh ar shoirbheas dhiombúan na ndrochdhaóine, agus ar fheabhas staid na bfirein.*

#### Psalm Dháibhi.

1 Na fearguidh thú féin fá luchd déanta a nuilc, ná bí aingidhe a naghaidh luchda oibrighthe a néigceirt.

2 Oír mar an bhféur gearrfuighear síos go hobann íad, agus críonfuid mar an luibh ghlais.

3 Cuir do dhóigh annsa TIGHEARNA, agus déan maith; áitreibhigh tú annsa dúithche, agus beathóchar thú go deimhin.

4 Agus bíodh do dhúil fós annsa TIGHEARNA; agus do bhéura sé dhuit íarratas do chroidhe.

5 Táobh do shlighe ris an TTIGHEARNA; agus cuir do dhóigh ann; agus do dhéana sé é.

6 Agus do bhéaruidh sé amach thfíreuntachd mar an solus, agus do bhreitheamhnus mar sholus an mheadhón laói.

7 Bí ad thocht don TIGHEARNA, agus déan feithiomh, foighideach air: ná fearguidh thú féin ris an té bhíos sona iona shlighe, ris an tí noch chriochnuighios a dhroch smuáintigh.

8 Scur ó fheirg, agus léig dhíot ainteas: ná fearguidh thú féin air éanchor chum uilc do dhéanamh.

9 Oír gearrfuighear amach luchd déanta na héagcóra: agus luchd feithmhe air an

5 Thy mercy, O LORD, *is* in the heavens; *and* thy faithfulness *reacheth* unto the clouds.

6 Thy righteousness *is* like the great mountains; thy judgments *are* a great deep: O LORD, thou preservest man and beast.

7 How excellent *is* thy lovingkindness, O God! therefore the children of men put their trust under the shadow of thy wings.

8 They shall be abundantly satisfied with the fatness of thy house; and thou shalt make them drink of the river of thy pleasures.

9 For with thee *is* the fountain of life: in thy light shall we see light.

10 O continue thy lovingkindness unto them that know thee; and thy righteousness to the upright in heart.

11 Let not the foot of pride come against me, and let not the hand of the wicked remove me.

12 There are the workers of iniquity fallen: they are cast down, and shall not be able to rise.

### Psalm 37

#### A Psalm of David.

1 Fret not thyself because of evildoers, neither be thou envious against the workers of iniquity.

2 For they shall soon be cut down like the grass, and wither as the green herb.

3 Trust in the LORD, and do good; *so* shalt thou dwell in the land, and verily thou shalt be fed.

4 Delight thyself also in the LORD; and he shall give thee the desires of thine heart.

5 Commit thy way unto the LORD; trust also in him; and he shall bring *it* to pass.

6 And he shall bring forth thy righteousness as the light, and thy judgment as the noonday.

7 Rest in the LORD, and wait patiently for him: fret not thyself because of him who prospereth in his way, because of the man who bringeth wicked devices to pass.

8 Cease from anger, and forsake wrath: fret not thyself in any wise to do evil.

9 For evildoers shall be cut off: but those that wait upon the LORD, they shall inherit the earth.

TTIGHEARNA, gheabhuid óighreachd a nfearuinn.

10 Agus fós beagán, agus ní bhiáidh an cionntach ann: measfa tú go dúthrachdach a ionad, agus ní bhfuil sé ann.

11 Acht géubhuid na ceansuighthe oighreachd a nfearuinn; agus bíáidh a ndúil a niomad na síothchána.

12 Do ní an tanduine tionsgnamh a naghaidh a nionnruic, agus do ní díoscán na aghaidh ré na fhíaclaibh.

13 Do dhéana an TIGHEARNA gáire uime: óir do chí go ttiucaidh a lá.

14 Do thairngeadar na drochdhaóine an cloidheamh, agus do réighiodar a mbogha, do theilgean na mbuaidheartha agus an mbochd síos, agus do mharbhadh na ndíreach san tslighe.

15 Rachuidh a ccloidheamh a steach iona ccroidhe féin, agus brisfíghthea a mbogha.

16 Is féarr an beagan atá ag an bhfíreun ná saidhbhrios mhóráin do dhrochdhaóinibh.

17 Oir brisfíghthea ríghtheach na ndrochdhaóine: acht congmaidh an TIGHEARNA an fíreun súas.

18 As aithne don TIGHEARNA láethe na ndíreach: agus bíáidh a noighreachd go síorruidhe.

19 Ní bhiáidh náire orra a naimsir a nuile: agus béid sásuigh a laéthibh na gorta.

20 Acht meithfid na cionntuigh, agus béid naimhde an TIGHEARNA mar mhéthus ná lubhán: cnaóifíghthea íad; bíáid cnaóite a ndeatuigh.

21 Gabhaidh an drochduine áirleagadh, agus ní dhíolann a rís: acht taisbeanuidh an fíreun trócaire, agus do bheir ní úadh.

22 Oir an mhéid atá ar na mbeannughadh uadhsan géabhuid oighreachd na talmhan; agus an luchd do mhalluigh sé gearrfar amach íad.

23 Is ón TTIGHEARNA orduighthea coiscéime an duine: an tan bhías dúil aige iona shlighe.

24 Bíodh go tuitfeadh, ní teilgfíghthea síos é: oir congmaidh an TIGHEARNA a lámh súas.

25 Do bhí mé óg, agus a nois atáim áosta; acht ní fhaca mé an fíreun ar na thréigion, agus a shliocht ag íarruidh déirce aráin.

26 Atá sé trócaireach, agus áirleagthach; ar feadh an laóí, agus atá a shliocht beannuigh.

27 Dealuigh ó nolc, agus déan maith; agus áitreibh go bráth.

10 For yet a little while, and the wicked *shall* not *be*: yea, thou shalt diligently consider his place, and it *shall* not *be*.

11 But the meek shall inherit the earth; and shall delight themselves in the abundance of peace.

12 The wicked plotteth against the just, and gnasheth upon him with his teeth.

13 The Lord shall laugh at him: for he seeth that his day is coming.

14 The wicked have drawn out the sword, and have bent their bow, to cast down the poor and needy, *and* to slay such as be of upright conversation.

15 Their sword shall enter into their own heart, and their bows shall be broken.

16 A little that a righteous man hath *is* better than the riches of many wicked.

17 For the arms of the wicked shall be broken: but the LORD upholdeth the righteous.

18 The LORD knoweth the days of the upright: and their inheritance shall be for ever.

19 They shall not be ashamed in the evil time: and in the days of famine they shall be satisfied.

20 But the wicked shall perish, and the enemies of the LORD *shall be* as the fat of lambs: they shall consume; into smoke shall they consume away.

21 The wicked borroweth, and payeth not again: but the righteous sheweth mercy, and giveth.

22 For *such as be* blessed of him shall inherit the earth; and *they that be* cursed of him shall be cut off.

23 The steps of a *good* man are ordered by the LORD: and he delighteth in his way.

24 Though he fall, he shall not be utterly cast down: for the LORD upholdeth *him with* his hand.

25 I have been young, and *now* am old; yet have I not seen the righteous forsaken, nor his seed begging bread.

26 *He is* ever merciful, and lendeth; and his seed *is* blessed.

27 Depart from evil, and do good; and dwell for evermore.

28 Oír is ionmhuin leis an TTIGHEARNA breitheamhnus, agus ní thréigíonn a naóimh; agus atáid daingion go bráth: achd gearrfar sliochd an drochdhuine ar fad.

29 Géabhaid na daoine fíréunta oighreachd a nfeáruinn, agus áitreobhuid ann go síorruidhe.

30 Laibheoruidh béul a nfréin eagna, agus laibheoruidh a theanga breitheamhnus.

31 Atá dligheadh a Dhé iona chroidhe, ní sciorrfuidh áon dá choiscéimibh.

32 Bí an drochdhuine ag faire ar an bhfíréun, agus íarruidh a chur chum báis.

33 Ní fhúigfidh an TIGHEARNA iona láimh é, agus ní dhaimnéochuidh é an tan do dhéantar breitheamhnus air.

34 Feith air an TTIGHEARNA, agus connaimh a shlighe, agus áirdeochuidh sé thú chum oighreachda na dúithche: a nuáir bhéid na drochdhaóine air na scrios, do chífé tú *sin*.

35 Do chonnaire mé an drochdhuine neartmhar, agus agá leathnughadh féin amhuil crann glas fhasas úadh féin.

36 Agus do ghabhus thort, agus, féuch, ní raibh sé ann: agus díarr mé é, agus níor frith é.

37 Comharthuigh an fíréun, féuch air an ndíreach: oír is síothcháin críoch a nfrí sin.

38 Acht scriosfuidh fear luchd an tsáruighthe á néinfheachd: agus gearrfar amach deireadh an drochdhuine.

39 Agus is ón TIGHEARNA atá slánughadh a nfréin: sé a neart é a naimsir a néigíontuis.

40 Agus do bhéaruidh an TIGHEARNA cabhair dhoibh, agus saorfuidh íad: saorfuidh se íad ó na drochdhaóinibh, agus coimhdeochuidh íad, do bhrígh go bhfuil a ndóigh ann.

## Psalm 38

*An treas psalm aithrighe.*

### Psalm Dháibhí do chur a ccoimhne.

1 A THIGHEARNA, ná himdhearg mé ann thfeirg: agus ná smachduigh mé ann do dhíomdha té.

2 Oír atáid do shoighde na seasamh go daingion ionnum, agus atá do lámh dom bhrughadh go doirbh.

3 Ní bhfuil sláinte ar bith ann mfeóil do bhrígh thfeirgesi; ní bhfuil síothcháin am chnámhuibh do bhrígh mo pheacaidh.

4 Oír do chúadar mo chionta ós mo cheann: mar úalach trom atáid ro throm agam.

28 For the LORD loveth judgment, and forsaketh not his saints; they are preserved for ever: but the seed of the wicked shall be cut off.

29 The righteous shall inherit the land, and dwell therein for ever.

30 The mouth of the righteous speaketh wisdom, and his tongue talketh of judgment.

31 The law of his God *is* in his heart; none of his steps shall slide.

32 The wicked watcheth the righteous, and seeketh to slay him.

33 The LORD will not leave him in his hand, nor condemn him when he is judged.

34 Wait on the LORD, and keep his way, and he shall exalt thee to inherit the land: when the wicked are cut off, thou shalt see *it*.

35 I have seen the wicked in great power, and spreading himself like a green bay tree.

36 Yet he passed away, and, lo, he *was* not: yea, I sought him, but he could not be found.

37 Mark the perfect *man*, and behold the upright: for the end of *that* man *is* peace.

38 But the transgressors shall be destroyed together: the end of the wicked shall be cut off.

39 But the salvation of the righteous *is* of the LORD: *he is* their strength in the time of trouble.

40 And the LORD shall help them, and deliver them: he shall deliver them from the wicked, and save them, because they trust in him.

## Psalm 38

### A Psalm of David, to bring to remembrance.

1 O LORD, rebuke me not in thy wrath: neither chasten me in thy hot displeasure.

2 For thine arrows stick fast in me, and thy hand presseth me sore.

3 *There is* no soundness in my flesh because of thine anger; neither *is there any* rest in my bones because of my sin.

4 For mine iniquities are gone over mine head: as an heavy burden they are too heavy for me.

5 Atáid mo chréachda morcuidhthe agus atáid bréun do bhrígh mo leimhe.

6 Atáim crotach; atáim ag cláonadh síos go hiomarcach; siubhluim a ndoilghios ar feadh an laoi uile.

7 Oír atáid mo shlíasta dá losgadh; agus ní bhfuil falláine ar bith ann mfeóil.

8 Atáim anbhíann agus ar mo bhualadh go neimhneach: do nuáill mé ar son mhíoshuaimhnis mo chroidhe.

9 A THIGHEARNA, is ós do choinne atá mo mhíán uile; agus níor folchadh mosnadhach ortsa.

10 Atá mo chroidhe luáimhneach, tréigidh mo neart mé: agus ní bhfuil solus féin mo shúl agam.

11 Seasaid máos grádha agus mo cháirde gan bheith a lathair mo bhuilleadh; agus seasaid mo ghaol a bhfad uáim.

12 Agus an luchd atá ag tóruigheachd ar manam cuirid paintéir *romham*: agus an drong íarrus molc labhraid urchóid, agus smuainid cealga ar feadh an laoi.

13 Acht misi, amhuil *duine* boghar, ní chluinim; agus mar dhuine bhalbh nach bhfosclann a bhéul.

14 Mar so do bhi mé mar dhuine nach ccluinionn, agus ag *nach bhfuil* achmhusan iona bhéul.

15 Oír ionnadsa, a THIGHEARNA, cuirim mo dhóthchus: do bhéarair freagrá, ó a THIGHEARNA mo Dhía.

16 Oír a dubhrus, Deagla go ndéindís gáirdeáachus orum: a núair chorruighcheas mo chos, móruighid *iad féin* am aghaidh.

17 Oír *atáim* ollamh chum bheith bacach, agus *atá* mo dhoilghios air maghaidh do ghnáth.

18 Oír foillseochaidh mé mo chionta; agus biad dhoilghiosach air son mo pheacaidh.

19 Acht *atáid* mo náimhde béodha, atáid neartmhar: agus atáid ar na níomadughadh noch fhúathuighios mé go bréugach.

20 Agus an drong thoirbhearús olc ar son maitheasa atáid na naimhdíbh agam; do bhrígh go leanuim an mhaith.

21 Ná tréig mé, a THIGHEARNA: mó Dhía, na bí a bhfad uáim.

22 Déana deithfir chum mfúrtachda, ó a THIGHEARNA mo shlanughadh.

5 My wounds stink *and* are corrupt because of my foolishness.

6 I am troubled; I am bowed down greatly; I go mourning all the day long.

7 For my loins are filled with a loathsome *disease*: and *there is* no soundness in my flesh.

8 I am feeble and sore broken: I have roared by reason of the disquietness of my heart.

9 Lord, all my desire *is* before thee; and my groaning is not hid from thee.

10 My heart panteth, my strength faileth me: as for the light of mine eyes, it also is gone from me.

11 My lovers and my friends stand aloof from my sore; and my kinsmen stand afar off.

12 They also that seek after my life lay snares *for me*: and they that seek my hurt speak mischievous things, and imagine deceits all the day long.

13 But I, as a deaf *man*, heard not; and *I was* as a dumb man *that* openeth not his mouth.

14 Thus I was as a man that heareth not, and in whose mouth *are* no reproofs.

15 For in thee, O LORD, do I hope: thou wilt hear, O Lord my God.

16 For I said, *Hear me*, lest *otherwise* they should rejoice over me: when my foot slippeth, they magnify *themselves* against me.

17 For I *am* ready to halt, and my sorrow *is* continually before me.

18 For I will declare mine iniquity; I will be sorry for my sin.

19 But mine enemies *are* lively, *and* they are strong: and they that hate me wrongfully are multiplied.

20 They also that render evil for good are mine adversaries; because I follow *the thing that good is*.

21 Forsake me not, O LORD: O my God, be not far from me.

22 Make haste to help me, O Lord my salvation.

## Psalm 39

*Aire Dháibhi ar a chaint.*

**Don phrímhhear ceóil, do Iedútun,  
Psalm Dháibhi.**

## Psalm 39

**To the chief Musician, *even to*  
Jeduthun, A Psalm of David.**

1 A Dubhairt mé, Do bhéara mé aire dom shlighthibh, go nach déanad peacadh lem theangaidh: coinneochad srian rem bhéul, an feadh bhías an ciontach ós mo choinne.

2 Do bhí mé balbh ré a bheith am thocht, do bhí mé am thocht, ó mhaith; agus do corruigheadh mo dhoilghios.

3 Do bhí mo chroidhe te ionnam a stigh, ann mo smuáineadh do las an teine: *annsin* do labhrus rem theangaidh, *ag ràdh*,

4 A THIGHEARNA, foillsigh dhamh mo chríoch dheighionach, agus tabhair a fhios damh caidhe fad mo láethe; go madh fios damh cá fad mhairfios mé.

5 Féuch, do rinne tú mo láethe do leithead baise; agus *atá* maóis mar neimhní ad lathairsi: go deimhin is díomhaóineas go léir a nuile dhuine dhá fheabhus da mbí a staid. Selah.

6 Go deimhin is mar íomháigh shiubhlas a nuile dhuine: go deimhin is a ndíomhaóineas do níd corrughadh: cruinnidh dhuine *maóin*, agus ní fheadair sé cía chaithfios íad.

7 Agus a nois, cred ar a bhfuilim ag feithiomh? a THIGHEARNA, *atá* mo dhóthchus ionnadsa.

8 Om uile aindligheadh sáor mé: na déan scannail a namadáin díom.

9 Do bhí mé balbh, níor fhoscáil mé mó bhéul; do bhrígh go ndéarna tusa é.

10 Athruigh uáimse do bhuille: do mheath mé tre bhuille do láimhe.

11 An tan cheasnuighios tú duine re hachmhusanuibh air son éigceirt, do bhearair air a sgeimhe cnáoi mar léaman: is díomhaóineas go léir a nuile dhuine. Selah.

12 Cluin múrnuigh, a THIGHEARNA, agus tabhair éisteachd dom chomhairc; ná bí boghar rem ghul: óir is coigríge mé agadsa, am choimhighteach, mar maithreacha uile.

13 Coisg dhíom, agus léig dhamh mo neart dathnúaghadh, suil imtheachad, agus nach bíad ann ní sa mó.

1 I said, I will take heed to my ways, that I sin not with my tongue: I will keep my mouth with a bridle, while the wicked is before me.

2 I was dumb with silence, I held my peace, *even* from good; and my sorrow was stirred.

3 My heart was hot within me, while I was musing the fire burned: *then* spake I with my tongue,

4 LORD, make me to know mine end, and the measure of my days, what it *is*; *that* I may know how frail I *am*.

5 Behold, thou hast made my days *as* an handbreadth; and mine age *is* as nothing before thee: verily every man at his best state *is* altogether vanity. Selah.

6 Surely every man walketh in a vain shew: surely they are disquieted in vain: he heapeth up *riches*, and knoweth not who shall gather them.

7 And now, Lord, what wait I for? my hope *is* in thee.

8 Deliver me from all my transgressions: make me not the reproach of the foolish.

9 I was dumb, I opened not my mouth; because thou didst *it*.

10 Remove thy stroke away from me: I am consumed by the blow of thine hand.

11 When thou with rebukes dost correct man for iniquity, thou makest his beauty to consume away like a moth: surely every man *is* vanity. Selah.

12 Hear my prayer, O LORD, and give ear unto my cry; hold not thy peace at my tears: for I *am* a stranger with thee, *and* a sojourner, as all my fathers *were*.

13 O spare me, that I may recover strength, before I go hence, and be no more.

## Psalm 40

*Fáigheadoireachd ar fhireantacht Chríosa,  
do sháruigheas ceártas an tseinreachd.*

**Don phrímfhéar ceóil, Psalm Dháibhi.**

1 Do fheith mé go foighideach ris an TTIGHEARNA; agus do chláon sé chugam, agus do chúaluidh mo chomhairc.

2 Thug sé súas mé mar an gcéadna as an bpoll úathbhásach, as criáidh lathaidh, agus do

## Psalm 40

**To the chief Musician, A Psalm of David.**

1 I waited patiently for the LORD; and he inclined unto me, and heard my cry.

2 He brought me up also out of an horrible pit, out of the miry clay, and set my feet upon a rock, *and* established my goings.

chuir mo chosa ar charruic, agus do dhaingnidh mo choiscéime.

3 Agus do chuir sé caintic núadh ann mo bhéul, moladh dar Ndíá: do chífid mórán é, agus bíáidh eagla orra, agus cuirfid a ndóigh annsa TIGHEARNA.

4 *Is* beannuighe an duine chuireas a dhóthchus ansa TIGHEARNA, agus nár fhéuch do nuáibhreach, nó don luchd chláonas chum bréug.

5 O a THIGHEARNA ar Ndíá, do rinnis iomad dot oibreachaibh iongantacha, agus dot smuaintighibh dhúinne: ní féidir do neach a ccountas duitsi a nórdughadh: dá bhfoillseochuinn *iad* agus a labhairt, is mó *iad* ná is féidir áireamh.

6 Níor íarr tú íodhbairt nó ofráil; d'foscail tú mo chluasa: ofráil loisge nó ofráil pheacaidh níor íarr tú.

7 Annsin a dúbhairt misí, Féuch, atáim ag teacht: a cceann an leabhair *atá* scríobhtha orumsa.

8 Is áoibhin leam do thoil do dhéanamh, O mo Dhé: agus *atá* do dhligheadh a meadhón minneadh.

9 Do shoisgéil mé thfíréuntacht annsa gcoimhthionól mhór: féuch, níor connuimh mé mo bhéul, is aithne dhuit, a THIGHEARNA.

10 Níor fholuigh mé thfíréuntachd a meadhon mo chroidhe; d'fóillsigh mé thfírinne agus do shlánughadh: níor cheilios do chineal grádach agus thfírinne ón ccoimhthionól mhór.

11 Ná connuimhsí úaim a THIGHEARNA, do thrócaire chineulta: coimheadadh hoineach grádach agus thfírinne do ghnáth mé.

12 Oír do timchiolladar uilc dhóairmhe fa ccuairt mé: do ghabhadar na peacaidh greim dhíom, agus ní fhéaduim fhéuchuin súas; atáid ní is líonmhuire ná grúag mo chinn: agus do thréig mo chroidhe mé.

13 Toiligh, a THIGHEARNA, mo sháoradh: a THIGHEARNA, déan deithníos dom chabhair.

14 Náirightheair, agus claóidhtear *iad* a néinfheachd noch íarrus manam do mhilleadh; filltior ar a nais agus náirightheair an dream noch órduighios olc dhamh.

15 Diothlathirightheair *iad* mar lúraigheachd a náire noch a deir riom, Aha, aha.

16 Déanaidís gáirdeachus agus bídis lúathgháireach ionnadsa gach áon dá níarrann tusa: abraidís a ccomhnuighe gach a ngrádhuihionn do shlánughadh, Go méadightheair an TIGHEARNA.

3 And he hath put a new song in my mouth, *even* praise unto our God: many shall see *it*, and fear, and shall trust in the LORD.

4 Blessed *is* that man that maketh the LORD his trust, and respecteth not the proud, nor such as turn aside to lies.

5 Many, O LORD my God, *are* thy wonderful works *which* thou hast done, and thy thoughts *which are* to us-ward: they cannot be reckoned up in order unto thee: *if* I would declare and speak *of them*, they are more than can be numbered.

6 Sacrifice and offering thou didst not desire; mine ears hast thou opened: burnt offering and sin offering hast thou not required.

7 Then said I, Lo, I come: in the volume of the book *it is* written of me,

8 I delight to do thy will, O my God: yea, thy law *is* within my heart.

9 I have preached righteousness in the great congregation: lo, I have not refrained my lips, O LORD, thou knowest.

10 I have not hid thy righteousness within my heart; I have declared thy faithfulness and thy salvation: I have not concealed thy lovingkindness and thy truth from the great congregation.

11 Withhold not thou thy tender mercies from me, O LORD: let thy lovingkindness and thy truth continually preserve me.

12 For innumerable evils have compassed me about: mine iniquities have taken hold upon me, so that I am not able to look up; they are more than the hairs of mine head: therefore my heart faileth me.

13 Be pleased, O LORD, to deliver me: O LORD, make haste to help me.

14 Let them be ashamed and confounded together that seek after my soul to destroy it; let them be driven backward and put to shame that wish me evil.

15 Let them be desolate for a reward of their shame that say unto me, Aha, aha.

16 Let all those that seek thee rejoice and be glad in thee: let such as love thy salvation say continually, The LORD be magnified.



17 Bíodh go *bhfuilim* bochd agus easbhuidheach; smuáinfidh an TIGHEARNA orum: *is* tú mo chobhartha agus mo shaorthoir; ó a Dhía, ná déan faillighe.

## Psalm 41

*Gur socharach DÍA don fhear bheir aire don bhochd, agus gur díon é ón charaid chealgach.*

**Don phrímhfhear ceóil, Psalm Dháibhi.**

1 *Is* beannuigh an té do bheir aire don bhochd: sáorfuidh an TIGHEARNA é a ló a nuilc.

2 Cuimhdeochuidh an TIGHEARNA é, agus coimhéadfa béo é; bíaidh sé beannuigh air an ttalamh: agus ná tábhairsi é do thoil a námhad.

3 Do dhéana an TIGHEARNA a chothughudh air leabuidh a dhoilghis: iompocha tú a leabuidh uile iona thinneas.

4 A dubhairt mé, A THIGHEARNA, déana trócaire orum: slánuigh manam; oír do pheacaidh mé ad aghaidh.

5 Labhruidh mo naimhde go holc orum, Cá huáir éugfas sé, agus mheithfeas a ainm?

6 Agus má thig dom fhéuchuin, labhruidh sé díomhaóineas: cruinnighe a chróidhe urchóid dhó féin; rachaidh amach annsa tsráid, agus laibheoruidh é.

7 Tiaghaid a ccogar ré chéile am aghaidh an mhéid fhúathuighios mé: smuáinid olc am aghaidh, *ghá rádh*,

8 Atá droch easláinte ceangailte go daingion de: agus *a nois* ó atá na luidhe ní éireochuidh ní sa mhó na sheasamh.

9 Fear mo shíothchána, fós, iona raibh mo dhóigh, noch a duáigh marán, do thog sé súas a shál am aghaidh.

10 Acht tusa, a THIGHEARNA, déan trócaire orum, agus tóg súas mé, agus do bhéur luáigheachd dóibh.

11 Air so aithnighim go bhfuil dúil agadsa ionnam, do bhrígh nach déanuid mo naimhde caithréim ós mo chionn.

12 Acht ar mo shonsa, congma tú súas mé ann mo iomláine, agus cuirfir mé ós coinne haighthe go bráth.

13 Go madh beannuigh bhías an TIGHEARNA DÍA Israel ó shíorruidheachd, agus go síorruidhe. Amen, Amen.

## Psalm 42

*Teasghrádh Dháibhi a seirbhis Dé.*

17 But I *am* poor and needy; *yet* the Lord thinketh upon me: thou *art* my help and my deliverer; make no tarrying, O my God.

## Psalm 41

**To the chief Musician, A Psalm of David.**

1 Blessed *is* he that considereth the poor: the LORD will deliver him in time of trouble.

2 The LORD will preserve him, and keep him alive; *and* he shall be blessed upon the earth: and thou wilt not deliver him unto the will of his enemies.

3 The LORD will strengthen him upon the bed of languishing: thou wilt make all his bed in his sickness.

4 I said, LORD, be merciful unto me: heal my soul; for I have sinned against thee.

5 Mine enemies speak evil of me, When shall he die, and his name perish?

6 And if he come to see *me*, he speaketh vanity: his heart gathereth iniquity to itself; *when* he goeth abroad, he telleth *it*.

7 All that hate me whisper together against me: against me do they devise my hurt.

8 An evil disease, *say they*, cleaveth fast unto him: and *now* that he lieth he shall rise up no more.

9 Yea, mine own familiar friend, in whom I trusted, which did eat of my bread, hath lifted up *his* heel against me.

10 But thou, O LORD, be merciful unto me, and raise me up, that I may requite them.

11 By this I know that thou favourest me, because mine enemy doth not triumph over me.

12 And as for me, thou upholdest me in mine integrity, and settest me before thy face for ever.

13 Blessed *be* the LORD God of Israel from everlasting, and to everlasting. Amen, and Amen.

## Psalm 42

### Don phrímhfhear ceóil, Psalm teagaisg chum cloinne Córah.

- 1 Mar dhúilighios a neilit srotha na nuisgeadh, is marsin dhúilighios manam ionnadsa, a Dhé.
- 2 Atá tart air manam chum Dé, chum an Dé mharthannuigh: ca huáir thiucfad agus thaisbeanfad mé féin ós coinne aighthe Dé?
- 3 Dob iad mo dhéora mo bhíadh do ló agus doidhche, an feadh a deirtheair ríom go láetheamhuil, Cáit a bhfuil do Dhía?
- 4 Cuimhnighim na *neithesi*, agus dóirtim orum amach manam: óir dó chuáidh mé ris an ccoimhthionól, do chuáidh mé léo go tigh Dé, lé guth lúathgháire agus molta, le hiomad ag congmhail láoi féile.
- 5 Cred fa tteilgtheair síos thú, ó manam? agus *cread* fa bhfuil tú buáidheartha ionnam? cuir do dhóigh a Ndía: óir molfad é fós *ar son* sláinte a aighthe.
- 6 O mo Dhía, atá manam ar na theilgion síos ionnam: da bhríghsin cuimhnighim ortsa ó thalamh Iordan, agus Hermonim, agus ón ccnoc bheag.
- 7 Goiridh an dubhaigéan chum an dubhaigéin re guth do dhuisioll uisgeadh: do chúadar do thonna agus do thuile úile thoram.
- 8 Annsa ló aitheanas Día dhá thrócaire, agus annsa noidhche a chaintic agamsa, urnaigh chum Dé manma.
- 9 Déara mé ré Día mo charraic, Cred as ar dhearmuid tú mé? cred fa nimthighim go doilghiosach ó shárughadh mo námhad?
- 10 Lé cloidheamh ann mo chnámhuibh, scannluighid meascáirde mé; an feadh a deirid ríom go láetheamhuil; Cáit a bhfuil do Dhía?
- 11 Cred fa tteilgeann tú thú féin síos, ó manam? agus cred fa bhfuil tú buáidheartha ionnam? cuir do dhóigh a Ndía: óir molfad mé fós é, sláinte maighthe, agus mo Dhía.

### Psalm 43

*Guidhe Dhaibhi ar a bhfillleadh go Teampull Dé.*

- 1 Deana breitheamhnus orum, a Día, agus tagair mó chúis an anaghaidh an ccineadh neamhthrócaireach: saor mé ó fhear na mealltóireachda agus na hurchoide.
- 2 Oir is tú Día mo neirt: cred fá ccuireann tú dhíot mé? cred fa nimthighim go doilghiosach ar son sárúighthe mo námhad?
- 3 Cuir *chugam* do sholus agus thfirinne: tréoruighdís mé; tugaidís mé chum do chnuic náomhtha, agus chum hionaid comhnuighe.

### To the chief Musician, Maschil, for the sons of Korah.

- 1 As the hart panteth after the water brooks, so panteth my soul after thee, O God.
- 2 My soul thirsteth for God, for the living God: when shall I come and appear before God?
- 3 My tears have been my meat day and night, while they continually say unto me, Where *is* thy God?
- 4 When I remember these *things*, I pour out my soul in me: for I had gone with the multitude, I went with them to the house of God, with the voice of joy and praise, with a multitude that kept holyday.
- 5 Why art thou cast down, O my soul? and *why* art thou disquieted in me? hope thou in God: for I shall yet praise him *for* the help of his countenance.
- 6 O my God, my soul is cast down within me: therefore will I remember thee from the land of Jordan, and of the Hermonites, from the hill Mizar.
- 7 Deep calleth unto deep at the noise of thy waterspouts: all thy waves and thy billows are gone over me.
- 8 *Yet* the LORD will command his lovingkindness in the daytime, and in the night his song *shall be* with me, *and* my prayer unto the God of my life.
- 9 I will say unto God my rock, Why hast thou forgotten me? why go I mourning because of the oppression of the enemy?
- 10 *As* with a sword in my bones, mine enemies reproach me; while they say daily unto me, Where *is* thy God?
- 11 Why art thou cast down, O my soul? and why art thou disquieted within me? hope thou in God: for I shall yet praise him, *who is* the health of my countenance, and my God.

### Psalm 43

1 Judge me, O God, and plead my cause against an ungodly nation: O deliver me from the deceitful and unjust man.

- 2 For thou *art* the God of my strength: why dost thou cast me off? why go I mourning because of the oppression of the enemy?
- 3 O send out thy light and thy truth: let them lead me; let them bring me unto thy holy hill, and to thy tabernacles.

4 Agus annsin racha mé go haltóir Dé, go nuige Día luathgháir mo gháirdeachuis: agus, molfad thú ar an ccláirsigh, ó a Dhé mo Dhía.

5 Cred fa tteilgionn tú thú féin síos, ó manam? agus cred fa bhfuil tú buáidheartha ionnam? cuir do dhóigh a Ndía: óir molfad é fós, sláinte maighthe, agus mo Dhía.

## Psalm 44

*Nach ionann súaimhneas na heagluise ann gach ean aimsir.*

### Don phrímhfhéar ceóil, Psalm teagaisc do chloinn Chórah.

1 A Dhe, do chúalamar ré ar gclúasaibh, agus dfoillsigheadar ar naithre dhúinn, a nobair doibrígh tú iona naimsir, san tseanaimsir.

2 Gur dhíbris amach léd lámh na cineadhacha, agus gur shuighidh tú íadsan; do rinnis olc do na daoinibh, agus do theilgis amach íad.

3 Oír ní re na gcloidheamh do ghabhadar oighreachd a nfearuinn, agus ní hí a lámh féin do sháor íad: acht do lámh dheassa, agus do rígh, agus solus haighthe, do bhrígh go raibh tú fabharthach dhóibh.

4 Tusa mo Rígh, a Dhé: aithin sáorughadh do Iacob.

5 Ionnsa bhuailfiom ar naimhde: ann hainmse shailteoram síos an drong noch éirghios ar naghaidh.

6 Oír ní chuirfead mo dhóigh ann mo bhogha, agus ní sáorfa mo chloidheamh mé.

7 Acht do thárthuigh tusa sinn ó ar naimhdibh, agus do náirighis luchd ar ngortuighthe.

8 Do nímid glóir a Ndía ar feadh an laói, agus molfam hainm choidhche. Selah.

9 Acht do thréig tú, agus do náirigh tú sinn; agus ní racha tú amach ré ar slúaghaibh.

10 Do bheir tú oruinn iompógh ón namhaid: agus an luchd fhúathuighios sinn do níd éadail dóibh féin.

11 Do bheir tú sinn amhuil mineallach mar bhíadh; agus spréighe tú sinn a measc na ngeinteadh.

12 Reaca tú do dhaóine air néimhní, agus ní mhéaduigheann tú ó a lúach.

13 Do ní tú scannail dar ccomharsanuibh dhínn, tarcuisne agus magadh don luchd atá fá ccuáirt ar ttimchioll.

14 Do ní tú seanfhocal dínn a measc na ngeinteadh, crothadh cinn a measc na bpoibleach.

15 Atá mo náire ós mo choinne ar feadh an laói, agus dfoluigh náire maighthe mé,

4 Then will I go unto the altar of God, unto God my exceeding joy: yea, upon the harp will I praise thee, O God my God.

5 Why art thou cast down, O my soul? and why art thou disquieted within me? hope in God: for I shall yet praise him, *who is* the health of my countenance, and my God.

## Psalm 44

### To the chief Musician for the sons of Korah, Maschil.

1 We have heard with our ears, O God, our fathers have told us, *what* work thou didst in their days, in the times of old.

2 *How* thou didst drive out the heathen with thy hand, and plantedst them; *how* thou didst afflict the people, and cast them out.

3 For they got not the land in possession by their own sword, neither did their own arm save them: but thy right hand, and thine arm, and the light of thy countenance, because thou hadst a favour unto them.

4 Thou art my King, O God: command deliverances for Jacob.

5 Through thee will we push down our enemies: through thy name will we tread them under that rise up against us.

6 For I will not trust in my bow, neither shall my sword save me.

7 But thou hast saved us from our enemies, and hast put them to shame that hated us.

8 In God we boast all the day long, and praise thy name for ever. Selah.

9 But thou hast cast off, and put us to shame; and goest not forth with our armies.

10 Thou makest us to turn back from the enemy: and they which hate us spoil for themselves.

11 Thou hast given us like sheep *appointed* for meat; and hast scattered us among the heathen.

12 Thou sellest thy people for nought, and dost not increase *thy wealth* by their price.

13 Thou makest us a reproach to our neighbours, a scorn and a derision to them that are round about us.

14 Thou makest us a byword among the heathen, a shaking of the head among the people.

15 My confusion *is* continually before me, and the shame of my face hath covered me,

16 O ghuth an cháintéora agus an scannluightheóra; ó aghaidh na námhad agus an dioghaltaigh.

17 Tháinig so uile oruinn; gidheadh níor dhearmadamar thusa, agus ní dhearnamar míochoinghioll a naghaidh do chonnartha.

18 Níor iompoigh ar gcroidhe air a ais, agus níor chláon ar ccoiscéime ód shlighe;

19 Máta gur bhrúigh tú sinn a nionad na ndragún, agus gur fholuigh tú sinn le scáile an bháis.

20 Má dhearmadamar ainm ar Ndé, agus gur leathnuigheamar ó chéile ar lámha chum Dé choimhthighe;

21 Nach spionfaidh Día so amach? óir is aithne dhó neithe foluightheacha an chroidhe.

22 Aseadh, ar do shonsa marbhtar sinn go láetheamhuil; meastar sinn mar chaorchuibh chum a náir.

23 Múscail, créd fa ccodlann tú, a THIGHEARNA? eirigh, ná tréig *sinn* go bráth.

24 Cred fa gceilionn tú do ghnúis, a ndeana tú dearmad dar mbuáidhreadh agus dar sárughadh?

25 Oír do cláonadh ar nanam síos chum an luathrigh: ceangluidh ar mbolg don talamh.

26 Eirigh ad chabhair dhuinne, agus fúasgail sin ar son do thrócaire.

16 For the voice of him that reproacheth and blasphemeth; by reason of the enemy and avenger.

17 All this is come upon us; yet have we not forgotten thee, neither have we dealt falsely in thy covenant.

18 Our heart is not turned back, neither have our steps declined from thy way;

19 Though thou hast sore broken us in the place of dragons, and covered us with the shadow of death.

20 If we have forgotten the name of our God, or stretched out our hands to a strange god;

21 Shall not God search this out? for he knoweth the secrets of the heart.

22 Yea, for thy sake are we killed all the day long; we are counted as sheep for the slaughter.

23 Awake, why sleepest thou, O Lord? arise, cast *us* not off for ever.

24 Wherefore hidest thou thy face, *and* forgettest our affliction and our oppression?

25 For our soul is bowed down to the dust: our belly cleaveth unto the earth.

26 Arise for our help, and redeem us for thy mercies' sake.

## Psalm 45

*Caintic choimhcheangail Chríod ré na bhaincheile fein, 1 an eaglais.*

**Don phrímhfhéar ceoil ar Shosannim, do mhacaibh Córah, caintic grádh.**

1 Sceithigh mo chroidhe amach cúis mhaith: labhruim mobair don rígh: mo theanga mar pheann scribhnéora ro dheithniosaidh.

2 Is bréaghdha thú na clann na ndáoine: atáid grása ar ndórtadh ann do bhéul: uime sin do bheannuigh Día thú go bráth.

3 Deasuigh do chloidheamh ar do shlíasuid, ó a chumhachduigh, red ghlóir agus red dhaitheamlachd.

4 Agus beir biseach ann do bhréaghdhachd déan marcúigheachd air haghaidh do bhrígh bhreithe na fírinne agus ceánnsachda *agus* an cheirt; agus múinfidh do lámh dheas neithe úathbhásach dhuit.

5 *Is géur* do shoighde a ccroidhthe naimhde an rígh; tuitfid na daoine fúd.

6 *Atá* do chathaóir ríogha, a Dhé, go sáoghal na sáoghal: colbha fíreuntachda iseadh is colbha dot ríoghachd.

## Psalm 45

**To the chief Musician upon Shoshannim, for the sons of Korah, Maschil, A Song of loves.**

1 My heart is inditing a good matter: I speak of the things which I have made touching the king: my tongue *is* the pen of a ready writer.

2 Thou art fairer than the children of men: grace is poured into thy lips: therefore God hath blessed thee for ever.

3 Gird thy sword upon *thy* thigh, O *most* mighty, with thy glory and thy majesty.

4 And in thy majesty ride prosperously because of truth and meekness *and* righteousness; and thy right hand shall teach thee terrible things.

5 Thine arrows *are* sharp in the heart of the king's enemies; *whereby* the people fall under thee.

6 Thy throne, O God, *is* for ever and ever: the sceptre of thy kingdom *is* a right sceptre.

7 Do ghrádhúigh tú fíréuntachd, agus dfúathaigh tú éaigceart: air a nadhbharsin do ungaidh Dúa, do Dhúa fein, thú le hola luathgháire ós cionn do chompánach.

8 *Boltnuighidh* do chuid éaduigh uile do mhirr, agus aloes, agus chassia, amach as pálásuibh d'fíacluibh elephant, le ndéarnadar lúathgháireach thú.

9 *Atáid* ingheana ríogh a measc do bhan onórach: atá an bhainríoghan ar na suighiudh ar do lámh dheis a nór Ophir.

10 Eíst, a inghean, agus faic, agus cláon do chlúas; agus dearmaid do dhaóine féin, agus tigh hathar;

11 Agus sainnteochuidh an rígh do scéimh: óir isé féin do Thighearna; agus umhluigh thú féin dó.

12 Agus guidhfid ingheana Tíor haghaidh re tiodhlacadh, an chuid is saidhbhre don phobal.

13 *Atá* inghean an rígh glórmhar uile taobh a stigh: is dórshnáithe a cúlaidh.

14 Do bhéarthar í chum an rígh a nórnaidheachd dobair shnaithide: na maighdiona a compánuigh noch leanas í do bhéarthar chugadsa íad.

15 Do bhéarthar íad maille ré lúathgháir agus gháirdeachus: tiucfuid go pálás an rígh.

16 A náit haithreadh bíaid do mhic, suigheochthar mar phrionnsuighibh íad san talamh uile.

17 Do bhéarad fa deara hainm do bheith ar cuimhne ann gach aon ghinealach: uime sin molfuid na daóine thú go sáoghal na sáoghal.

7 Thou lovest righteousness, and hatest wickedness: therefore God, thy God, hath anointed thee with the oil of gladness above thy fellows.

8 All thy garments *smell* of myrrh, and aloes, *and* cassia, out of the ivory palaces, whereby they have made thee glad.

9 Kings' daughters *were* among thy honourable women: upon thy right hand did stand the queen in gold of Ophir.

10 Hearken, O daughter, and consider, and incline thine ear; forget also thine own people, and thy father's house;

11 So shall the king greatly desire thy beauty: for he *is* thy Lord; and worship thou him.

12 And the daughter of Tyre *shall be there* with a gift; *even* the rich among the people shall intreat thy favour.

13 The king's daughter *is* all glorious within: her clothing *is* of wrought gold.

14 She shall be brought unto the king in raiment of needlework: the virgins her companions that follow her shall be brought unto thee.

15 With gladness and rejoicing shall they be brought: they shall enter into the king's palace.

16 Instead of thy fathers shall be thy children, whom thou mayest make princes in all the earth.

17 I will make thy name to be remembered in all generations: therefore shall the people praise thee for ever and ever.

## Psalm 46

*Gurab é Dúa an tor is daingne, agus an fear gaisge is fearr.*

### Don phrímhhear ceóil do chloinn Chórah, caintic air Alamot.

1 Se Dúa ar ndéidean agus ar neart, cunnamh ro ollamh a mbuaidhreadh.

2 Ar a nadhbharsin ní bhía eagla oruinn, da mbeith go náthochadh an talamh, bíodh go náthrochadh na sléibhte go meadhon na fairge;

3 *Bíodh* go ndeanadh a huisceadha sin fuáim, agus go mbeidís buáidheartha, da ccriothnuighdís na cnuic le na hat sin go hanmhór. Selah.

4 *Atá* abhann, a ndéanaid a srutháin sin cathair Dé lúathgháireach, *ionad* náomhtha tigh comhnuighe an tí is ro áirde.

## Psalm 46

### To the chief Musician for the sons of Korah, A Song upon Alamoth.

1 God *is* our refuge and strength, a very present help in trouble.

2 Therefore will not we fear, though the earth be removed, and though the mountains be carried into the midst of the sea;

3 *Though* the waters thereof roar *and* be troubled, *though* the mountains shake with the swelling thereof. Selah.

4 *There is* a river, the streams whereof shall make glad the city of God, the holy *place* of the tabernacles of the most High.

5 *Atá* DÍA iona meadhon; ní corrochtar í: do bhéaraidh DÍA furtachd di, re héirghe amuch na maidne.

6 Do rinneadar na cineadhacha fuáim, do chorruigheadar na rioghachda: do labhair seision, do leagh an talamh.

7 *Atá* TIGHEARNA na slógh linn; *atá* DÍA Iácob na dhídean aguinn. Selah.

8 Tigidh, féuchuidh air oibribh an TIGHEARNA, noch do chuir dólás air an ttalamh.

9 Do bheir sé fa deara cogadh do chosc go crích na talmhan; brisigh sé an bogha, agus gearruidh an gath ó chéile; loisgidh sé na carbuid annsa teine, *ag rádh*,

10 Coisgidh, agus bíodh a fhios agaibh gur misi DÍA: bíaidh mé ar márdughadh a measc na gcineadhach, bíaidh mé onórach air an ttalamh.

11 *Atá* TIGHEARNA na slogh linn; *atá* DÍA Iácob na ro dhídean aguinn. Selah.

5 God *is* in the midst of her; she shall not be moved: God shall help her, *and that* right early.

6 The heathen raged, the kingdoms were moved: he uttered his voice, the earth melted.

7 The LORD of hosts *is* with us; the God of Jacob *is* our refuge. Selah.

8 Come, behold the works of the LORD, what desolations he hath made in the earth.

9 He maketh wars to cease unto the end of the earth; he breaketh the bow, and cutteth the spear in sunder; he burneth the chariot in the fire.

10 Be still, and know that I *am* God: I will be exalted among the heathen, I will be exalted in the earth.

11 The LORD of hosts *is* with us; the God of Jacob *is* our refuge. Selah.

## Psalm 47

*Gur bé DÍA is rí na Niuduigheadh, agus na ccíneadhach.*

**Don phrímhfhéar céoil, Psalm chloinne Córach.**

1 Buailidh bhur mbasa, sibhsi uile a phobal; déanuidh gáirdeachus chum Dé re guth caithréime.

2 Oír *atá* an TIGHEARNA is ro áirde úathbhásach; Rígh mór ós cíonn na talmhan uile.

3 Claóidhfídh sé na daóine fúinne, agus na cineadhacha fá ar ccosuibh.

4 Toighfidh sé ar noighreachd dúinn, oirdhearcus Iácob noch do ghrádhuidh sé. Selah.

5 Do chuáidh DÍA súas ré caithréim, an TIGHEARNA ré guth an ghalltrumpa.

6 Canuidh psailm do Dhía, canaidh psailm: canaidh moladh dár Rígh, canaidh moladh.

7 Oír *is*é DÍA Rígh na talmhan uile: canaidh moladh go héolgach.

8 *Atá* DÍA a rioghachd ós cíonn na ccíneadhach: suighidh DÍA ar chathaóir a náomhthachda.

9 Do chruinnigheadar prionnsuidhe na ndaóine re cheile, pobal Dé Abraham: oír is *lé* DÍA sciatha na talmhan: *atá* sé ar na árdughadh go ro mhór.

## Psalm 47

**To the chief Musician, A Psalm for the sons of Korah.**

1 O clap your hands, all ye people; shout unto God with the voice of triumph.

2 For the LORD most high *is* terrible; *he is* a great King over all the earth.

3 He shall subdue the people under us, and the nations under our feet.

4 He shall choose our inheritance for us, the excellency of Jacob whom he loved. Selah.

5 God is gone up with a shout, the LORD with the sound of a trumpet.

6 Sing praises to God, sing praises: sing praises unto our King, sing praises.

7 For God *is* the King of all the earth: sing ye praises with understanding.

8 God reigneth over the heathen: God sitteth upon the throne of his holiness.

9 The princes of the people are gathered together, *even* the people of the God of Abraham: for the shields of the earth *belong* unto God: he is greatly exalted.

## Psalm 48

*Ierusalem na scáthan ar ghlóir na heagluise coitchinne.*

**Caintic agus Psalm do chloinn Chórah.**

- 1 Is mór an TIGHEARNA, agus is ionmholta go hanmhór a ccathruigh ar Ndé, slíabh a naomhthachda.
- 2 Is bréaghdha a shuighiughadh, sólás na talmhan uile, cnoc Sion, taoibh an tuáisceirt, cathair an Rígh mhóir.
- 3 Is aithnid DÍA ann a phálásuibh mar dhídean.
- 4 Oír, féuch, do chruinnigheadar na ríghthe, agus do ghabhadar thort le chéile a néinfheachd.
- 5 Do chonncadar *sin*, agus dob iongantach léo; do bhádar búaidheartha, do dheithfrigheadar orra.
- 6 Do ghabh eagla greim, dhíobh annsin, pían, mar mhnaói ag breith.
- 7 Brisíonn tú loingios Tharsis ris an ngaóith a noir.
- 8 Do réir mar do chualamar, marsin do chonncamar a ccathruigh TIGHEARNA na slógh, a ccathruigh ar Ndé: daingneochuidh DÍA í go bráth. Selah.
- 9 Atamaoid ag feithiomh air do chinéul grádach, a Dhé, a lár do theampoill.
- 10 Do réir hanma, a Dhé, is marsin *atá* do mholadh go téorannuibh na talmhan: *atá* do lámh dheas lán d'fíreuntachd.
- 11 Déanadh slíabh Síon gáirdeachus, bídis ingheana Iúdah fólasach, do bhrígh do bhreitheamhnusa.
- 12 Siubhail timchioll Shion, gabh fá ccuáirt na timchioll: áirimh a tuir.
- 13 Comharthuighe go maith a balladha, amhaircigh air a palásuibh; go ninnsighe don ghiniolach *thiocfas* bhur ndiáigh.
- 14 Oír *isé* an DÍA so ar Ndia go saóghal na saóghal: tréorochuidh sé sinn go bás.

## Psalm 49

*Gur ó Dhía atá an eiseirghe, agus nach ó neart nádurdha*

**Don phrímhfhéar ceóil, Psalm mhac Córah.**

- 1 Cluinidhe so, a dhaoine uile; éisdighe sibhsi, a uile áitreabhthacha an domhuin:
- 2 An tárd, agus an tísiol, an saidhbhir, agus an daidhbhir, le chéile,

## Psalm 48

**A Song and Psalm for the sons of Korah.**

- 1 Great *is* the LORD, and greatly to be praised in the city of our God, *in* the mountain of his holiness.
- 2 Beautiful for situation, the joy of the whole earth, *is* mount Zion, *on* the sides of the north, the city of the great King.
- 3 God is known in her palaces for a refuge.
- 4 For, lo, the kings were assembled, they passed by together.
- 5 They saw *it*, *and* so they marvelled; they were troubled, *and* hastened away.
- 6 Fear took hold upon them there, *and* pain, as of a woman in travail.
- 7 Thou breakest the ships of Tarshish with an east wind.
- 8 As we have heard, so have we seen in the city of the LORD of hosts, in the city of our God: God will establish it for ever. Selah.
- 9 We have thought of thy lovingkindness, O God, in the midst of thy temple.
- 10 According to thy name, O God, so *is* thy praise unto the ends of the earth: thy right hand is full of righteousness.
- 11 Let mount Zion rejoice, let the daughters of Judah be glad, because of thy judgments.
- 12 Walk about Zion, and go round about her: tell the towers thereof.
- 13 Mark ye well her bulwarks, consider her palaces; that ye may tell *it* to the generation following.
- 14 For this God *is* our God for ever and ever: he will be our guide *even* unto death.

## Psalm 49

**To the chief Musician, A Psalm for the sons of Korah.**

- 1 Hear this, all *ye* people; give ear, all *ye* inhabitants of the world:
- 2 Both low and high, rich and poor, together.

3 Laibheoruidh mo bhéul neithe glioca; agus smuáiniughaidh mo chroidhe iomad eagna.

4 Cláonfad mo chlúas chum cosamhlachd: foisceolad air an ccláirsigh mo rádh díamhair.

5 Cred fá mbeith eagla orum a laéthe a nuilc, an tan thioctas éagceart mo shál am thimchioll fá gcuáirt?

6 An dream chuireas a ndóthchus iona saidhbhrios, agus do ní aidhbhéil asta féin a niomad a maóine;

7 Ní fhuáisceoluidh *duine* ar aonchor a dhearbhrathair, ní thiubhraidh a fhuásgladh do Dhía:

8 (Oír *atá* fúasgladh a nanma comhmórluáigh sin, agus coisgfidh go bráth:)

9 Go madh héidir leis fós marthainn go bráth, *chor* nach bhfaicfeadh truáilleadh.

10 Oír do chí go néuguid daoine críonna, an tamadán fós agus an duine brúideamhuil go néuguid síad, agus go bhfágaid ag daóinibh oile a saidhbhrios.

11 Síad smuáintighthe a ccroidhe, a ttighthe do *mharthuinn* go bráth, agus a náitreibh ó ghinealach go ginealach; do bheirid a nanmanna féin air a ndúthaigh.

12 Acht ní dhéana an duine comhnuidhe a noirdhearcus: is cosmhuil é ris na hainmhintibh mheathas.

13 So a slighe sé a néigcríonnachd é: agus taitnid a ráidhte ris an luchd thig na ndiáigh. Selah.

14 Cuirthear san úaidh íad mar cháorchaibh; iosfuídh an bás íad; bíaidh úachdaránachd ag an bhfiréun orra air maidin; agus cnaóifighear a mbréaghdhachd san úaidh as a nionad comhnuighe.

15 Acht sáorfa Día manamsa as lámh na húaidhe: oír géabhúidh sé chuige mé. Selah.

16 Ná bíodh eagla ort a nuáir do nithear duine saidhbhir, a nuáir mhéuduighthear glóir a thighe;

17 Oír an tan éugfas sé ní bheára éinní leis: ní rachaidh a ghlóir síos dá leanmhuin.

18 Bíodh gur bheannuigh sé a anam iona bheatha: agus go molfaid thú, mar do dhéanair maith dhuit féin.

19 Rachaidh sé go ginealach a aithreach; ní fhaicfidh solus go bráth.

20 An duine atá a noirdhearcus, agus nach ttuigíonn, is cosmhail é ris na hainmhidhibh imthighios seachad.

3 My mouth shall speak of wisdom; and the meditation of my heart *shall be* of understanding.

4 I will incline mine ear to a parable: I will open my dark saying upon the harp.

5 Wherefore should I fear in the days of evil, *when* the iniquity of my heels shall compass me about?

6 They that trust in their wealth, and boast themselves in the multitude of their riches;

7 None *of them* can by any means redeem his brother, nor give to God a ransom for him:

8 (For the redemption of their soul *is* precious, and it ceaseth for ever:)

9 That he should still live for ever, *and* not see corruption.

10 For he seeth *that* wise men die, likewise the fool and the brutish person perish, and leave their wealth to others.

11 Their inward thought *is, that* their houses *shall continue* for ever, *and* their dwelling places to all generations; they call *their* lands after their own names.

12 Nevertheless man *being* in honour abideth not: he is like the beasts *that* perish.

13 This their way *is* their folly: yet their posterity approve their sayings. Selah.

14 Like sheep they are laid in the grave; death shall feed on them; and the upright shall have dominion over them in the morning; and their beauty shall consume in the grave from their dwelling.

15 But God will redeem my soul from the power of the grave: for he shall receive me. Selah.

16 Be not thou afraid when one is made rich, when the glory of his house is increased;

17 For when he dieth he shall carry nothing away: his glory shall not descend after him.

18 Though while he lived he blessed his soul: and *men* will praise thee, when thou doest well to thyself.

19 He shall go to the generation of his fathers; they shall never see light.

20 Man *that is* in honour, and understandeth not, is like the beasts *that* perish.



## Psalm 50

*Eidirdhealughadh an fhíor-chreidimh ón fháschreidimh.*

### Psalm Asaph.

- 1 Do ráidh an Día cumhachdach, an TIGHEARNA, agus do ghoir an talamh ó éirge na gréine go a fuineadh.
- 2 Amach as Sion, do lonnruigh Día, iomláine na sgéimhe.
- 3 Tiucfaidh ar Ndía, agus ní bhiáidh na thochd: loisgfídh teine roimhe, agus bíaidh anfa iomarcach na thimchioll fa gcuáirt.
- 4 Goirfidh sé chum na bhflaitheas ó a nús, agus chum na talmhan, do bhreith breithe air a dhaoibh.
- 5 Cruinnighe mo náomha chugam; noch do rinne cunnradh liom le hídhbairt.
- 6 Agus foillseochuid na flaitheas a fhírúntachd: óir isé Día féin an breitheamh. Selah.
- 7 Cluinidh, ó mo dhaóine, agus laibheorad; ó a Israel, agus do dhéan fiadhuise dhuitsi: is misí Día, do Dhíasa.
- 8 Ní dhéanad himdheargadh ar son hídhbharthach nó hofrálach loisge, *noch do bhí ós mo chomhair a geomhnuighe.*
- 9 Ní ghéubhad bulóg as do thigh, *no gabhair fhirionna as do mhánrachuibh.*
- 10 Oír is liomsa a nuile bheathach na coilleadh, an teallach ar mhíle chnoc.
- 11 Is aithne dhamh uile éanlaith na slíabh: agus is liomsa beathuigh állta an mhachaire.
- 12 Dá mbéinn ocrach, ní inneosúinn duitsi: óir is liomsa an domhan, agus a iomláine.
- 13 A níosa mé féoil tharbh, *no a níbhfe mé fuil na ngabhar?*
- 14 Iódhbair moladh do Dhía; agus díol do mhóide ris an té is ró áirde:
- 15 Agus goir orumsa a ló a néigiontais: agus sáorfad thú, agus do bhéara tú glóir dhamh.
- 16 Acht ris an cionntach a deir Día, Cá mbeannan duitsi mo statúidighsi dfoillsiughadh, agus go ngéubhthá mo chunnradh ad bhéul?
- 17 Agus fúathuighe tú smachdughadh, agus teilgfir mo bhriathra táobh síar dhíot.
- 18 Má chí tú gaduighe, righfidh tú leis, agus atá do chuid ronna leis na hadhaltrannachaibh.
- 19 Do bheirir do bhéul durchóid, agus cumuigh do theanga cealg.
- 20 Suighidh tú agus labhruidh tú a naghaidh do dhearbhrathar; do bheirir scannail do mhac do mhathar.

## Psalm 50

### A Psalm of Asaph.

- 1 The mighty God, *even* the LORD, hath spoken, and called the earth from the rising of the sun unto the going down thereof.
- 2 Out of Zion, the perfection of beauty, God hath shined.
- 3 Our God shall come, and shall not keep silence: a fire shall devour before him, and it shall be very tempestuous round about him.
- 4 He shall call to the heavens from above, and to the earth, that he may judge his people.
- 5 Gather my saints together unto me; those that have made a covenant with me by sacrifice.
- 6 And the heavens shall declare his righteousness: for God *is* judge himself. Selah.
- 7 Hear, O my people, and I will speak; O Israel, and I will testify against thee: *I am* God, *even* thy God.
- 8 I will not reprove thee for thy sacrifices or thy burnt offerings, *to have been* continually before me.
- 9 I will take no bullock out of thy house, *nor* he goats out of thy folds.
- 10 For every beast of the forest *is* mine, *and* the cattle upon a thousand hills.
- 11 I know all the fowls of the mountains: and the wild beasts of the field *are* mine.
- 12 If I were hungry, I would not tell thee: for the world *is* mine, and the fulness thereof.
- 13 Will I eat the flesh of bulls, or drink the blood of goats?
- 14 Offer unto God thanksgiving; and pay thy vows unto the most High:
- 15 And call upon me in the day of trouble: I will deliver thee, and thou shalt glorify me.
- 16 But unto the wicked God saith, What hast thou to do to declare my statutes, or *that* thou shouldest take my covenant in thy mouth?
- 17 Seeing thou hatest instruction, and castest my words behind thee.
- 18 When thou sawest a thief, then thou consentedst with him, and hast been partaker with adulterers.
- 19 Thou givest thy mouth to evil, and thy tongue frameth deceit.
- 20 Thou sittest *and* speakest against thy brother; thou slanderest thine own mother's son.

21 Na *neithesi* do rinnis, agus do bhí misi am thoched; agus do shaóilis go mbéinn cosmhuil riot féin go hiomlán: *achd* do bhéar achmhusán duit, agus cuirfead na *neithesi* a nórdughadh ós coinne do shúl.

22 Anois measuighe so, sibhsi noch dhearmadas Día, deagla go réubfuin *sibh*, agus nach bíáidh fear bhur ttárrthála.

23 An té íodhbras moladh do bheir sé onóir dhamhsa: agus an té órduighios a shlighe taisbeanfadsa slánughadh Dé dhó.

## Psalm 51

*An ceathramhadh psalm aithrighe.*

**Don phrímhfhéar ceóil, Psalm Dháibhi, a nuáir tháinic Nátan an fáidh chuige, tar éis é do dhul go Bat-sébah.**

1 Deuna trócaire orum, a Dhé, do réir do thrócaire móire: do réir ro iomaid do thruáighe scrios amach maindlighthe.

2 Nigh mé ó mo chiontaibh go hiomlán, agus glan mé ó mo pheacaidh.

3 Oir admhuighim mo chionta: agus atá mo pheacadh ós mo choinne a ccomhnuigh.

4 Ad haghaidhsi, féin amháin, do pheacaidh mé, agus ad radharsa do rinneas an tolc: chum go bhfíorúighthear thusa ann hurlabhra, agus go rabhair fíorghlan ann do bhreitheamhnus.

5 Féuch, is an eigceart do chumadh mé; agus a gcionntuibh do ghabh mo mhathair a mbroinn mé.

6 Féuch, iarruidh tú fírinne taobh a stigh: agus a secréid dfoillsigh tú crionnachd damhsa.

7 Glansa le hisóip mé, agus bíad glan: nigh mé, agus budh gile mé ná sneachda.

8 Do bhéarair orum gáirdeachus agus lúathgháir do chlos; chum go ndéindís na cnámha *noch* do bhris tú luathgháire.

9 Foluigh haghaidh óm pheacuighibhsi, agus scrios uáim mo chionta.

10 Cruthaigh ionnam croidhe glan, a Dhé; agus athnúaghaidh ann mo mheadhón spiorad iomlán.

11 Ná teilg mé seachad od fhiaghnuise; agus ná beir do spiorad náomhtha uáim.

12 Aisig dhamh gáirdeachus do shlánuighthe; agus connuimh súas mé *le* spiorad shaóir.

13 *Ann sin* múinfidh mé do shlighe do chiontachaibh; agus iompóchthair peacacha chugadsa.

21 These *things* hast thou done, and I kept silence; thou thoughtest that I was altogether *such an one* as thyself: *but* I will reprove thee, and set *them* in order before thine eyes.

22 Now consider this, ye that forget God, lest I tear *you* in pieces, and *there be* none to deliver.

23 Whoso offereth praise glorifieth me: and to him that ordereth *his* conversation *aright* will I shew the salvation of God.

## Psalm 51

**To the chief Musician, A Psalm of David, when Nathan the prophet came unto him, after he had gone in to Bathsheba.**

1 Have mercy upon me, O God, according to thy lovingkindness: according unto the multitude of thy tender mercies blot out my transgressions.

2 Wash me thoroughly from mine iniquity, and cleanse me from my sin.

3 For I acknowledge my transgressions: and my sin *is* ever before me.

4 Against thee, thee only, have I sinned, and done *this* evil in thy sight: that thou mightest be justified when thou speakest, *and* be clear when thou judgest.

5 Behold, I was shapen in iniquity; and in sin did my mother conceive me.

6 Behold, thou desirest truth in the inward parts: and in the hidden *part* thou shalt make me to know wisdom.

7 Purge me with hyssop, and I shall be clean: wash me, and I shall be whiter than snow.

8 Make me to hear joy and gladness; *that* the bones *which* thou hast broken may rejoice.

9 Hide thy face from my sins, and blot out all mine iniquities.

10 Create in me a clean heart, O God; and renew a right spirit within me.

11 Cast me not away from thy presence; and take not thy holy spirit from me.

12 Restore unto me the joy of thy salvation; and uphold me *with thy* free spirit.

13 *Then* will I teach transgressors thy ways; and sinners shall be converted unto thee.

14 Sáor mé ó fhuil, a Dhé, Día mo shlánuighthe: agus foillseochaidh mo theanga thfíréantacht ós áird.

15 A THIGHEARNA, foisgeola tú mo phuisíne; agus foillseochuidh mo bhéul do mholadh.

16 Oír ní íarrann tú íodhbairt; agus go ttiubhruinn sin uáim: ní bhfuil dúil agad a nofráil loisge.

17 Is íad íodhbartha Dé spiorad briste: ar chroidhe bhriste chomhbrúigte, a Dhé, ní dhéanair tarcuísne.

18 Déan maith do Shion ó do dheagthoil féin: cuir súas balladha Ierusalem.

19 Annsin bíaidh fonn agad a níodhbairt na fíreuntachda, a nofráil loisge agus a nofráil chnaóite go hiomlán: annsin do dhéanaid bulóga óga do thoirbhirt air haltóir.

## Psalm 52

*Tairrgir ar dheireadh an droch chúirteóir.*  
**Don phrímhfhéar ceoil, Psalm teagaisg Dháibhi: a nuáir tháinic Doeg an Tedomíteach, agus dinnis do Shaul, agus a dubhairt ris, tháinig Dáibhi go tigh Ahimelech.**

1 Cred fá ndéan tú uáill a nolc, a dhuine chumhachduigh? *mairigh* maitheas Dé ar feadh an laí.

2 Tionnsgnuidh do theanga urchóid; amhuil gérsclán bhéarrtha, ag oibriughadh go cealgach.

3 Grádhuidh tú olc tair an maith; bréaga ós cionn labhairt go fíreunta. Selah.

4 Is ionmhuin leachd gach uile bhriathra urchóideacha, O a theangaidh mhillteach.

5 Mar an ccéadna scriosfuidh Día thú go brath, agus béaruidh seachad thú, agus tarrongfuidh thú as do pháilliún, agus beanfaidh do fhréumha as talamh na mbéo. Selah.

6 Do chífidh an fíreun mar an ccéadna, agus biaidh eagla air, agus do dhéana gáire fáoi:

7 Dearc, an nduine nach déarna a neart do Dhía; acht do chuir a dhóigh iona iomad saidhbhris, agus do neartuigh é féin iona chionntaibh.

8 Acht misí mar chrann ghlas oilibh a ttigh Dé: atá mo dhóigh a ttrócaire Dé go sáoghal na sáoghal.

9 Molfad thú go síorruidhe, do bhrígh go ndéarna tú *sin*: agus feithmhe mé ar hainm; oír is maith é ós coinne do náomh.

14 Deliver me from bloodguiltiness, O God, thou God of my salvation: *and* my tongue shall sing aloud of thy righteousness.

15 O Lord, open thou my lips; and my mouth shall shew forth thy praise.

16 For thou desirest not sacrifice; else would I give *it*: thou delightest not in burnt offering.

17 The sacrifices of God *are* a broken spirit: a broken and a contrite heart, O God, thou wilt not despise.

18 Do good in thy good pleasure unto Zion: build thou the walls of Jerusalem.

19 Then shalt thou be pleased with the sacrifices of righteousness, with burnt offering and whole burnt offering: then shall they offer bullocks upon thine altar.

## Psalm 52

**To the chief Musician, Maschil, A Psalm of David, when Doeg the Edomite came and told Saul, and said unto him, David is come to the house of Ahimelech.**

1 Why boastest thou thyself in mischief, O mighty man? the goodness of God *endureth* continually.

2 Thy tongue deviseth mischiefs; like a sharp razor, working deceitfully.

3 Thou lovest evil more than good; *and* lying rather than to speak righteousness. Selah.

4 Thou lovest all devouring words, O *thou* deceitful tongue.

5 God shall likewise destroy thee for ever, he shall take thee away, and pluck thee out of *thy* dwelling place, and root thee out of the land of the living. Selah.

6 The righteous also shall see, and fear, and shall laugh at him:

7 Lo, *this is* the man *that* made not God his strength; but trusted in the abundance of his riches, *and* strengthened himself in his wickedness.

8 But I *am* like a green olive tree in the house of God: I trust in the mercy of God for ever and ever.

9 I will praise thee for ever, because thou hast done *it*: and I will wait on thy name; for *it is* good before thy saints.

## Psalm 53

*An Duine do chuir cúl re DÍA thríd amach, ní bhfuil sé saor ó eagla.*

**Don phrímhfhéar ceoil ar Mahalat,  
Psalm teagaisg Dháibhi.**

- 1 A dubhairt an tamadán iona chroidhe, *Ní bhfuil* DÍA ann. Truáilligh atáid síad, do níd éaigceart adhuathmhar: *ní bhfuil* áonduine do ní maith.
- 2 Dféuch DÍA ó neamh ar chloinn Adhaimh, dféachuín an raibh *aon* do thuicfeadh, nó díarrfadh DÍA.
- 3 Do chuáidh gach áon ar ccúl: atáid a néinfheachd truáilligh; *ní bhfuil* áonduine do ní maith, ní bhfuil, fós áonduine.
- 4 A bhfuil luchd oibrighthe urchóide gan éolus? noch itheas mo dhaóine mar ithid aran: agus ní ghoirid air an Ndía.
- 5 Ann sin do bhí eagla orra le húamhan, *mar* nach raibh eagla: óir do spréidh DÍA a chnámhasan noch do rinne campa ad *aghaidhsi*: do náirigh tú íad, do bhrígh gur dhíult DÍA íad.
- 6 O dá *ttugthaóí* slánughadh Israel amach as Sion! A nuáir iompochus DÍA braighdeanas a dhaóine, do dhéana Iácob lúathgháir, *agus* Israel gáirdeachus.

## Psalm 54

*Is ullamh furtacht ó Dhía do nfhirein iona amhgar.*

**Don phrímhfhéar ceoil air Neginot,  
Psalm teagaisg Dháibhi, a nuáir  
thangadar na Siphimigh agus a  
dubhradar ré Saul, nach bhfuil Dáibhi  
dha fholach féin ar bhfochairne?**

- 1 O a Dhé, sáor mé, led ainm, agus led neart beir breitheamhnus orum.
- 2 O a Dhé, éist mo ghuidhe; tabhair éisteachd do bhríathruibh mo bhéil.
- 3 *Oír* déirghiodar coigríche súas am aghaidh, agus iarruid luchd sáruighthe manam: níor chuireadar DÍA ós a ccoinne. Selah.
- 4 Féuch, *isé* DÍA mfear cabhartha: *atá* an TIGHEARNA ris an luchd chothuighios manam.
- 5 Cúiteochuidh sé olc ris a ndroing bhíos ag forfhaire orum: scrios uáit íad ann thfírinne.
- 6 Do dhéana mé íodhbairt duit go toileamhuil: molfad hainm, a TIGHEARNA; *óir is* maith é.
- 7 *Oír* do sháor sé mé óm uile bhuaidhreadh: agus do chonnairc mo shúil *ar* mo naimhde.

## Psalm 53

**To the chief Musician upon Mahalath,  
Maschil, A Psalm of David.**

- 1 The fool hath said in his heart, *There is* no God. Corrupt are they, and have done abominable iniquity: *there is* none that doeth good.
- 2 God looked down from heaven upon the children of men, to see if there were *any* that did understand, that did seek God.
- 3 Every one of them is gone back: they are altogether become filthy; *there is* none that doeth good, no, not one.
- 4 Have the workers of iniquity no knowledge? who eat up my people *as* they eat bread: they have not called upon God.
- 5 There were they in great fear, *where* no fear was: for God hath scattered the bones of him that encampeth *against* thee: thou hast put *them* to shame, because God hath despised them.
- 6 Oh that the salvation of Israel *were come* out of Zion! When God bringeth back the captivity of his people, Jacob shall rejoice, *and* Israel shall be glad.

## Psalm 54

**To the chief Musician on Neginoth,  
Maschil, A Psalm of David, when the  
Ziphims came and said to Saul, Doth  
not David hide himself with us?**

- 1 Save me, O God, by thy name, and judge me by thy strength.
- 2 Hear my prayer, O God; give ear to the words of my mouth.
- 3 For strangers are risen up against me, and oppressors seek after my soul: they have not set God before them. Selah.
- 4 Behold, God *is* mine helper: the Lord *is* with them that uphold my soul.
- 5 He shall reward evil unto mine enemies: cut them off in thy truth.
- 6 I will freely sacrifice unto thee: I will praise thy name, O LORD; for *it is* good.
- 7 For he hath delivered me out of all trouble: and mine eye hath seen *his desire* upon mine enemies.

## Psalm 55

*Guidhe Dháibhi anaghaidh eascairde a thighe féin.*

**Don phrímhfhear ceoil ar Neginot, Psalm teagaisg Dháibhi.**

- 1 Tabhair éisteacht dom ghuidhe, ó a Dhé; agus ná foluigh thú féin óm ghearán.
- 2 Tabhair aire dhamh, agus éist riom: do ním doilghios ann mo ghearán, agus do ním fuáim;
- 3 Tre ghuth na námhad, tre ainleatrom na bpeacach: óir do bheirid urchóid orum, agus fuathighid mé a ndíbhfeirg,
- 4 Atá mo chroidhe air na ro phíanadh ionnum: agus do thuiteadar úathbhása an bháis orum.
- 5 Atá eagla agus criothnughadh ar tteachd orum, agus dfoluigh úathbhás mé.
- 6 Agus a dubhras, O nach bhfuil sciathán coluim agam! do dhéanuinn eiril as, agus do bhéinn a suáimhneas.
- 7 Féuch, do rachuin a bhfad ar seachrán, do dhéanuinn comhnuighe ann sa bhfásach. Selah.
- 8 Do dhéanuinn deithnios rem eulógh ón ngaóith ngúasachdaigh agus anfaidh.
- 9 Scrios, a THIGHEARNA, agus roinn a tteangtha: óir do chonnaire mé foiréigion agus imreasan annsa chathruigh.
- 10 A ló agus a noidhche tigid na timchioll air na balladhuibh: atá urchóid agus doilghios iona meadhón.
- 11 Atá corbadh ann a lár: agus ní dhealuighionn meabhail agus cealg ré na sráidibh.
- 12 Óir ní náimhaid do imdhearg mé; annsin dféadfuinn a iomchar: níor arduigh an té dó fhúathaigh mé é féin am aghaidh; ann sin do rachfuinn a bhfolach air:
- 13 Acht tusa, a dhuine mar mo shamhuil féin, mo éoluighe, agus mfear aitheantais.
- 14 Do rinneamar aráon comhairle mhilis, do chúadhmar a naóinfheachd go tigh Dé.
- 15 Gabhadh an bás sealbh orra, tíaghaid síos go hifrionn béo: óir atáid uilc iona ccoimhthionól, iona meadhón.
- 16 Ar mo shonsa, éighfe mé chum Dé; agus sáorfa an TIGHEARNA mé.
- 17 Tráthnóna, agus air maidin, agus san meadhon laoi, do dhéana mé urnaigh, agus éighfiod ós áird: agus cluinfidh seision mo ghuth.
- 18 Dfúasgail sé manam a síothcháin ón geath do bhí am aghaidh: óir is re hiomad do bhádar ag cur chugam.

## Psalm 55

**To the chief Musician on Neginoth, Maschil, A Psalm of David.**

- 1 Give ear to my prayer, O God; and hide not thyself from my supplication.
- 2 Attend unto me, and hear me: I mourn in my complaint, and make a noise;
- 3 Because of the voice of the enemy, because of the oppression of the wicked: for they cast iniquity upon me, and in wrath they hate me.
- 4 My heart is sore pained within me: and the terrors of death are fallen upon me.
- 5 Fearfulness and trembling are come upon me, and horror hath overwhelmed me.
- 6 And I said, Oh that I had wings like a dove! *for then* would I fly away, and be at rest.
- 7 Lo, *then* would I wander far off, *and* remain in the wilderness. Selah.
- 8 I would hasten my escape from the windy storm *and* tempest.
- 9 Destroy, O Lord, *and* divide their tongues: for I have seen violence and strife in the city.
- 10 Day and night they go about it upon the walls thereof: mischief also and sorrow *are* in the midst of it.
- 11 Wickedness *is* in the midst thereof: deceit and guile depart not from her streets.
- 12 For *it was* not an enemy *that* reproached me; then I could have borne *it*: neither *was it* he that hated me *that* did magnify *himself* against me; then I would have hid myself from him:
- 13 But *it was* thou, a man mine equal, my guide, and mine acquaintance.
- 14 We took sweet counsel together, *and* walked unto the house of God in company.
- 15 Let death seize upon them, *and* let them go down quick into hell: for wickedness *is* in their dwellings, *and* among them.
- 16 As for me, I will call upon God; and the LORD shall save me.
- 17 Evening, and morning, and at noon, will I pray, and cry aloud: and he shall hear my voice.
- 18 He hath delivered my soul in peace from the battle *that was* against me: for there were many with me.

19 Cluinfidh an DÍA láidir, agus do bhéaraidh a nÚas íad, eadhon an té atá ann ón tseanaimsir. Selah. Ar a nadhbar nach áthruighid, dá bhrígh sin ní bhíonn eagla Dé orra.

20 Do chuir sé a lámha amach a naghaidh an luchda do bhí a síothcháin ris: do bhris sé a chunnradh.

21 Bá bláithe *briathra* a bhéil ná ím, acht do bhí cogadh iona chroidhe: bá buige a fhocail ná ola, gidheadh bá cloidhmhthe tairrngthe íad.

22. Teilg do mhuirighin air an TTIGHEARNA, agus cothochuidh sé thú: ní fhuileonguidh sé an firéun do chorrughadh go bráth.

23 Acha tusa, a Dhé, bhéaras síos íad go poll an bháis: ní mhairfid daoine fuilteacha agus cealgacha leith a láetheadh; Acht biáidh mo dhóighse ionnadsa.

## Psalm 56

*Coimheadfuidh DÍA deóra na bfirein, agus cluinidh sé an urnaigh.*

**Don phrímhfhéar ceóil air Ionat-elim-rehocim, Psalm órdha Dháibhi, a nuáir do ghabhadar na Philistinigh é a Ngát.**

1 Bi trócaireach dhamh, a Dhé: óir do shluigfeadh duine súas mé; air feadh an laói ag cathughadh do bhrúighfeadh mé.

2 Do shluigfidís mo naimhde *mé* air feadh an laói: óir *atá* iomad ag cathughadh am aghaidh, ó thusa is ro áirde.

3 A nuáir bhías eagla orum, biáidh mo dhóigh ionnadsa.

4 A Ndía mholfas mé a bhriathar, a Ndía chuirim mo dhóigh; ní bhiáidh eagla orum cred do dhéanas feóil orum.

5 Ar feadh an laói fáisgid mo bhriathra: *atáid* a smuaintighe éile chum uilc am aghaidh.

6 Cruinnighid íad féin ar áonbhall, folchaid íad féin, comharthuighid mo choiscéimighe, a nuáir bhíd ag foraire ar manam.

7 An rachaid síad as ar son a nurchóide? ann thfeirg ísligh na daóine, a Dhé.

8 Comháirmhionn tú mo sheachrán: cuir mo dheóra ann do bhuidéul: nach *bhfuilid* ann do leabhar?

9 Annsin fillfighthear mo naimhde air a nais, a nuáir gháirfiod: atá a fhios so agam; óir *atá* DÍA air mo shon.

10 A Ndía mholfad *a* bhriathar: annsa TIGHEARNA mholfad *a* bhriathar.

11 A Ndía chuirfead mo dhóigh: ní biáidh eagla orum cred do dhéanas duine orum.

19 God shall hear, and afflict them, even he that abideth of old. Selah. Because they have no changes, therefore they fear not God.

20 He hath put forth his hands against such as be at peace with him: he hath broken his covenant.

21 *The words* of his mouth were smother than butter, but war *was* in his heart: his words were softer than oil, yet *were* they drawn swords.

22 Cast thy burden upon the LORD, and he shall sustain thee: he shall never suffer the righteous to be moved.

23 But thou, O God, shalt bring them down into the pit of destruction: bloody and deceitful men shall not live out half their days; but I will trust in thee.

## Psalm 56

**To the chief Musician upon Jonathelemrechokim, Michtam of David, when the Philistines took him in Gath.**

1 Be merciful unto me, O God: for man would swallow me up; he fighting daily oppresseth me.

2 Mine enemies would daily swallow *me* up: for *they be* many that fight against me, O thou most High.

3 What time I am afraid, I will trust in thee.

4 In God I will praise his word, in God I have put my trust; I will not fear what flesh can do unto me.

5 Every day they wrest my words: all their thoughts *are* against me for evil.

6 They gather themselves together, they hide themselves, they mark my steps, when they wait for my soul.

7 Shall they escape by iniquity? in *thine* anger cast down the people, O God.

8 Thou tellest my wanderings: put thou my tears into thy bottle: *are they* not in thy book?

9 When I cry *unto thee*, then shall mine enemies turn back: this I know; for God *is* for me.

10 In God will I praise *his* word: in the LORD will I praise *his* word.

11 In God have I put my trust: I will not be afraid what man can do unto me.

12 *Atáid* do mhóide orum, a Dhé: toirbheoruidh mé molta dhuit.

13 Oír dfúascail tú manam ó bhás: nach *saórfa* tú mo chosa ó leagadh, chum go siubhola mé go diongmhalta a lathair Dé a solus na mbéo?

## Psalm 57

*Dàibhi a measc dhaoine discir, do rinne sé urnaighe re Día.*

**Don phrímhfhéar ceóil, Al-taschit,  
Psalm órdha Dháibhi, a nuáir do theith  
ó lathair Shaul a steach san  
núamhuigh.**

1 Bí trócaireach dhamh, a Dhé, bí trócaireach dhamh: óir is ionnadsa atá dóigh manma: agus a scáile do sciathán bhías mo dhóigh, nó go ndeachaidh *na* huilsi thorum.

2 Éighfe mé chum Dé is ro áirde; chum an Dé noch choimhlíonus *a nuile ní* dhamhsa.

3 Cuirfidh sé ó flaitheamhnus, agus sáorfa sé mé, do bheir scannail don té noch do shloigfeadh súas mé. Selah. Cuirfidh Día a thrócaire agus a fhírinne *chugam*.

4 *Atá* manam a measc leomhan: luighim a measc druinge atá re theinidh, *eadhon* clann na ndaoine, dar gháethe agus soighde a bhfiacra, agus gur cloidhmthe géara a tteangtha.

5 Bí ar hárdughadh, ós cionn na bhflaitheamhnus, a Dhé; do ghlóir ós an ttalamh uile.

6 Dullmhuigheadar líon a ccoinne mo choiscéimigh; do chláon manam síos: do thochladar log romham, do thuiteadar féin iona mheadhón. Selah.

7 *Atá* mo chroidhe ullamh, a Dhé, atá mo chroidhe ullamh: canfad agus do dhéanad moladh.

8 Mús gail síos, ó mo ghlóir; dúisighe a shaltracha agus a chláirseacha: músigeola *mé* air maidin.

9 Molfad thú, a measc na ndaoine, a THIGHEARNA: canfad duit a measc na gcineadhach.

10 Oír is mór do thrócaire go nuige na neamha, agus thfírinne go nuige na néulla.

11 Bí ar hárdughadh, ós cionn na bflaitheas, a Dhé: do ghlóir ós cionn na talmhan uile.

## Psalm 58

*Olcas dhroch bhreitheamh; 3 miorúnn agus  
sgrios dhrochdhaoine.*

12 Thy vows *are* upon me, O God: I will render praises unto thee.

13 For thou hast delivered my soul from death: *wilt* not *thou deliver* my feet from falling, that I may walk before God in the light of the living?

## Psalm 57

**To the chief Musician, Altaschith,  
Michtam of David, when he fled from  
Saul in the cave.**

1 Be merciful unto me, O God, be merciful unto me: for my soul trusteth in thee: yea, in the shadow of thy wings will I make my refuge, until *these* calamities be overpast.

2 I will cry unto God most high; unto God that performeth *all things* for me.

3 He shall send from heaven, and save me *from* the reproach of him that would swallow me up. Selah. God shall send forth his mercy and his truth.

4 My soul *is* among lions: *and* I lie *even among* them that are set on fire, *even* the sons of men, whose teeth *are* spears and arrows, and their tongue a sharp sword.

5 Be thou exalted, O God, above the heavens; *let* thy glory *be* above all the earth.

6 They have prepared a net for my steps; my soul is bowed down: they have digged a pit before me, into the midst whereof they are fallen *themselves*. Selah.

7 My heart is fixed, O God, my heart is fixed: I will sing and give praise.

8 Awake up, my glory; awake, psaltery and harp: I *myself* will awake early.

9 I will praise thee, O Lord, among the people: I will sing unto thee among the nations.

10 For thy mercy *is* great unto the heavens, and thy truth unto the clouds.

11 Be thou exalted, O God, above the heavens: *let* thy glory *be* above all the earth.

## Psalm 58

**Don phrímhfhéar ceóil, Al-taschit,  
Psalm órdha Dháibhi.**

- 1 An labharthaoi ceart dha ríribh, a choimhthionól? a ndéantaóí breitheamhnus go díreach, sibhse a chlann na ndaóine ?
- 2 A seadh, a ccroidhe oibrighthí urchóid; annsa talamh chomhthromaidh foiréigion bhur lámh.
- 3 Do níd na ciontaigh coimhthighidh dhíobh féin ón mbroinn: tiaghaid ar seachrán ón mbolg, ag labhairt bhréug.
- 4 Is cosmhuil a nimh re nimh naithreach nimhe: *is* cosmhuil *iad* re hadar boghar *noch* dhruídios a chlúas.
- 5 Noch nach éistfe re guth na ndrúagh, ag cleachtadh a ndraóidheachda go glic.
- 6 A Dhé, bris a bhfiacra iona mbéul: bris amach fiacra móra na nóigleomhan, a THIGHEARNA.
- 7 Leaghaidís amhuil uisge *noch* rithios go dían a ccomhnuigh: *a nuáir* mheasas sé a shaighde do *chaitheamh*, bídis mar budh géarrtha na mblodhuibh.
- 8 Mar leaghas an seilíde, *amhluidh* sin tiaghaid a muga; mar thoirrchios anabuidh mná, go nach bhfacaid an ghrían.
- 9 Ní is doiche ná mhóitheochas bhur bpotuighe na deilg, comhmaith an beó agus an críon, búaidhirfidh an tanfa é.
- 10 Do dhéana an fíreun lúathgháire an tan chífios an dioghaltas: nighfe a chosa a bhfuil na neimhdhíadhach.
- 11 Agus a déara duine, Go deimhin, *atá* sochar ag an bhfíreun: go dearbhtha sé Día do ní breitheamhnus air an ttalamh.

**Psalm 59**

*Dáibhi iadhta súas iona thigh féin, diarr se  
cobhair an TIGHEARNA.*

**Don phrímhfhéar ceóil, Altaschit,  
Psalm órdha Dháibhi; a nuáir do chuir  
Sául drong úadh do chuirfeadh faire  
air a thigh, dá mharbhadh.**

- 1 Saor mé óm naimhdibh, a Dhé: ón lucht éirghios súas am aghaidh bísi do dhídean damh.
- 2 Sáor mé ó lucht oibrighthe na hurchóide, agus coimhead mé ó dhaóinibh fuilteacha.
- 3 Oír, cheana, atáid ag luigheachán air manam: cruinnighid na cumhachtaigh a naóinfheachd am aghaidh; ní *ar son* mo sháruighe, ní *air son* mo pheacaidh, a THIGHEARNA.

**To the chief Musician, Altaschith,  
Michtam of David.**

- 1 Do ye indeed speak righteousness, O congregation? do ye judge uprightly, O ye sons of men?
- 2 Yea, in heart ye work wickedness; ye weigh the violence of your hands in the earth.
- 3 The wicked are estranged from the womb: they go astray as soon as they be born, speaking lies.
- 4 Their poison *is* like the poison of a serpent: *they are* like the deaf adder *that* stoppeth her ear;
- 5 Which will not hearken to the voice of charmers, charming never so wisely.
- 6 Break their teeth, O God, in their mouth: break out the great teeth of the young lions, O LORD.
- 7 Let them melt away as waters *which* run continually: *when* he bendeth *his bow to shoot* his arrows, let them be as cut in pieces.
- 8 As a snail *which* melteth, let *every one of them* pass away: *like* the untimely birth of a woman, *that* they may not see the sun.
5 They shall fear thee as long as the sun and moon endure, throughout all generations.

6 He shall come down like rain upon the mown grass: as showers *that* water the earth.

7 Iona láethaibhsin bláithfid na firéin; agus iomad síothchána an feadh bhias án ghealach ann.

8 Agus biáidh tighearnus aige ó fhairge go fairge, agus ón tsruth go téorannuibh na talmhan.

9 Cláonfuid na fhiághnuisi an drong áitreabhus annsa díothramh; agus lighfid a naimhde an luáithreadh.

10 Do bhéuraid ríghthe Tarsis agus na noiléan tiodhlacadh: toirbheoruid ríghthé Seba, agus Séba pronta.

11 Agus tuitfidh gach uile rígh síos dá lathair: do dhéanaidh a nuile chineadh seirbhís dó.

12 Oír sáorfuidh sé an teasbhuidheach noch do ní éigheamh, agus an bocht mar an gceadna; agus *an té* ag nach bhfuil fear tárthála.

13 Do dhéana sé truáighe don bhocht agus do neasbhadhach, agus tárthochuidh sé anmanna na ndeireóil.

14 O mhealladh agus ó fhoiréigion fuáisceoluidh sé a nanam: agus budh dáor a bhfuil iona radharc.

15 Agus an feadh mhairfeas sé, do bhéara sé dhó dór Shéba: agus do dhéana sé guidhe ar a shon do ghnáth; beinneochar é go láetheamhuil.

16 Biáidh dornán arbha annsa talamh air mhullach na slíabh; biáidh a thoradh sin ar críth cosmhuil ré Lebanon, agus do dhéanuid caithriughadh amach as an ccathruigh mar luibh na talmhan.

17 Agus mairfidh a ainm go bráth: an feadh bhias an ghrian ann iseadh bhias a ainm ag leathnughadh: agus beinneochar *dáoine* annsan: goirfidh a nuile chineadh sona dhe.

18 *Go madh* beannuigh bhias an TIGHEARNA Día, Día Israel, noch amháin do ní neithe iongantacha.

19 Agus *go madh* beannuigh bhias a ainm glórmhar go bráth: agus líontar an talamh *le na ghlóir*; Amen, agus Amen.

20 Marso chríochnuighios urnuigh Dháibhi mhic Iesse.

7 In his days shall the righteous flourish; and abundance of peace so long as the moon endureth.

8 He shall have dominion also from sea to sea, and from the river unto the ends of the earth.

9 They that dwell in the wilderness shall bow before him; and his enemies shall lick the dust.

10 The kings of Tarshish and of the isles shall bring presents: the kings of Sheba and Seba shall offer gifts.

11 Yea, all kings shall fall down before him: all nations shall serve him.

12 For he shall deliver the needy when he crieth; the poor also, and *him* that hath no helper.

13 He shall spare the poor and needy, and shall save the souls of the needy.

14 He shall redeem their soul from deceit and violence: and precious shall their blood be in his sight.

15 And he shall live, and to him shall be given of the gold of Sheba: prayer also shall be made for him continually; *and* daily shall he be praised.

16 There shall be an handful of corn in the earth upon the top of the mountains; the fruit thereof shall shake like Lebanon: and *they* of the city shall flourish like grass of the earth.

17 His name shall endure for ever: his name shall be continued as long as the sun: and *men* shall be blessed in him: all nations shall call him blessed.

18 Blessed *be* the LORD God, the God of Israel, who only doeth wondrous things.

19 And blessed *be* his glorious name for ever: and let the whole earth be filled *with* his glory; Amen, and Amen.

20 The prayers of David the son of Jesse are ended.

## Psalm 73

*Fiafrúghadh um fhás agus chríonadh dhrochdhaóine.*

### Psalm Asaph.

1 *Is* maith Día fós do Israel, do nffiorghlan a ccroidhe.

2 Acht misí, is beag nar sciorr mo chosa; is beag nar shleamhnuigh mo choiscéime uáim.

3 Oír do thnúthaigh mé rís na hamadanuibh, *mar* do chonnaire mé síothcháin na gcientach.

## Psalm 73

### A Psalm of Asaph.

1 Truly God *is* good to Israel, *even* to such as are of a clean heart.

2 But as for me, my feet were almost gone; my steps had well nigh slipped.

3 For I was envious at the foolish, *when* I saw the prosperity of the wicked.

4 Oir ní *bhfuil* cuibhrigthe iona mbás: agus atá a neart cliste.

5 Ní *bhfuilid* a sáothar na ndaóine; agus ní píantar íad mar dhaóine *oile*.

6 Ar a nadhbharsin timchiolluigh an túabhar íad mar slabhradh: folchuidh an foiréighon íad *mar chúlaidh*.

7 Téid a súile amach le méthus: sáruighid smuáintighthe a ccroidhe.

8 Truáillighid, agus labhruid sárughadh le hurchóid: labhruid go hárd.

9 Cuirid a mbéul a naghaidh na neamh, agus siubhluigh a tteanga thríd an ttalamh.

10 Ar a nádhbharsin fillid a dhaoine annso: agus fáisgthior chuca amach uisgeadha *chupáin* líonta.

11 Agus a deirid, Cionnus is aithne do Dhía? agus an bhfuil éolus annsa té is ro áirde?

12 Feuch, *is* íadso na cionntuigh, agus na daoine a suáimhneas an tsáogháil; tigid chum saidhbhris.

13 Go deimhin is a ndíomhaoineas do sgagas mo chroidhe, agus do nighios mo lámha a neimhchionntaibh.

14 Agus do bhí mé air mo phíanadh air feadh an laóí, agus air maidin do bhí mo achmhusan.

15 Má deirim, Laibheorad marso; féuch, do dhéana mé éagcóir *air* ghinealach do chloinnesi.

16 Agus do mheas mé a fhios so do bheith agam, acht bá sáothar ann mo shúilibh sin;

17 Nó go ndeachaidh mé a sanctoruibh Dé; gur thuig mé a ndeireadhsin.

18 Go deimhin suighe tú íad a náitibh sleamhna, teilge tú síos íad a nuáigneasuibh.

19 Ciondus *tugthar* chum neimhni mar budh a móiment íad! meathar íad ré húathbhásaibh thríd amach.

20 Mar aisling tar éis *duine* do mhúscladh; *mar* sin, a THIGHEARNA, a nuáir mhúisceolus tusa, do dhéanair a níomháigh do tharcuisniughadh.

21 Marso do bhí mo chroidhe ro bhuaídheartha, agus ann mo dhubhánuibh do gonadh mé.

22 Agus do bhí mé brúideamhuil, agus ní raibh a fhios agam: *mar* na hainmhíntidh do bhí mé agadsa.

23 Gidheadh do bhí mé do ghnáth agadsa: do rug tú air mo láimh dheis.

24 Tréorochuidh tú mé réd chomhairle, agus na dhiáighsin géubha tú *chugad* a nglóir mé.

25 Cía atá ágam a bhflaitheamhnus? agus cosmhuil riotsa ní bhfuil solus agam ar talamh.

4 For *there are* no bands in their death: but their strength *is* firm.

5 They *are* not in trouble *as other* men; neither are they plagued like *other* men.

6 Therefore pride compasseth them about as a chain; violence covereth them *as* a garment.

7 Their eyes stand out with fatness: they have more than heart could wish.

8 They are corrupt, and speak wickedly *concerning* oppression: they speak loftily.

9 They set their mouth against the heavens, and their tongue walketh through the earth.

10 Therefore his people return hither: and waters of a full *cup* are wrung out to them.

11 And they say, How doth God know? and is there knowledge in the most High?

12 Behold, these *are* the ungodly, who prosper in the world; they increase *in* riches.

13 Verily I have cleansed my heart *in* vain, and washed my hands in innocency.

14 For all the day long have I been plagued, and chastened every morning.

15 If I say, I will speak thus; behold, I should offend *against* the generation of thy children.

16 When I thought to know this, it *was* too painful for me;

17 Until I went into the sanctuary of God; *then* understood I their end.

18 Surely thou didst set them in slippery places: thou castedst them down into destruction.

19 How are they *brought* into desolation, as in a moment! they are utterly consumed with terrors.

20 As a dream when *one* awaketh; *so*, O Lord, when thou awakest, thou shalt despise their image.

21 Thus my heart was grieved, and I was pricked in my reins.

22 So foolish *was* I, and ignorant: I was *as* a beast before thee.

23 Nevertheless I *am* continually with thee: thou hast holden *me* by my right hand.

24 Thou shalt guide me with thy counsel, and afterward receive me *to* glory.

25 Whom have I in heaven *but thee?* and *there is* none upon earth *that* I desire beside thee.

26 Do chuáidh mfeóil agus mo chroidhe a laige: *isé* DÍA neart mo chroidhe, agus mo chuid ronna go bráth.

27 Oír, féuch, an lucht théid a bhfad uáit meithfid síad: scriosfair gach áon dá ttéid ré stríopachus uáit.

28 Acht *is* maith dhamhsa druidean ré DÍA: atá mo dhóigh annsa TTIGHEARNA DÍA, go bhfoillsighe mé hoibreacha uile.

## Psalm 74

*Urnaigh ag iarraidh furtachd don eaglais ro bhrúighe.*

### Psalm teagaisg Asaph.

1 Cred fár theilgis uáit go bráth sinn, a Dhé? a ndéana thfearg deatach a naghaidh cháorach hinnbhir féin?

2 Coimhnigh do choimhthionól, *noch* do cheannuigh tú fada ó shin; dfúascail tú slat hoighreachta; do chnoc Sion, ann ar chomhnúighis.

3 Tóg súas do chosa chum na bhfásach síorruidhe; a nuile olc da ndéarnaidh an námhaid annsa tsanctóra.

4 Béicidh do naimhde a meadhon do choimhthionól; do sháitheadar a mbratacha *mar* chomharthaibh.

5 Bá clúiteach an té noch do thógadh a thúaidh go hárd ar thiugh na coille.

6 A nois mar an ccéadna buailid síos a obair cheirbheireachda re tuadhuibh agus re hórduibh.

7 Do chuireadar an tsanctóir tre theine go talamh, do thruáilligheadar ionad comhnuidhe hanmasa.

8 A dubhradar iona gcroidhthibh, Scriosam iad a naóinfheachd: do chuireadar tré theine gach uile choimhthionól re DÍA annsa dúithche.

9 Ní fhaicimid ar ccomharthadha: ní *bhfuil* áon fháidh ní as mó: ní mó atá áon agá *bhfuil* a fhios cá fad.

10 Cá fad, a Dhé, bhías a neascara ag scannlughadh? an mbía an námhuid ag tarcuisniughadh choidhche?

11 Cred fá bhfillionn tú do lámh, do lámh dheas féin? connaimh í ó lár do bhrolluigh.

12 Oír se DÍA mo Rígh a ríamh, ag oibriughadh slánuighthe a meadhon na talmhan.

13 Do roinn tú a nfairge léd neart: do bhris tú cinn na ndragún annsna huisgeadhuibh.

14 Do bhrúighis cinn an lebhíatan; thugais é mar bhíadh do na daóinibh annsa bhfásach.

26 My flesh and my heart faileth: *but* God *is* the strength of my heart, and my portion for ever.

27 For, lo, they that are far from thee shall perish: thou hast destroyed all them that go a whoring from thee.

28 But *it is* good for me to draw near to God: I have put my trust in the Lord GOD, that I may declare all thy works.

## Psalm 74

### Maschil of Asaph.

1 O God, why hast thou cast *us* off for ever? *why* doth thine anger smoke against the sheep of thy pasture?

2 Remember thy congregation, *which* thou hast purchased of old; the rod of thine inheritance, *which* thou hast redeemed; this mount Zion, wherein thou hast dwelt.

3 Lift up thy feet unto the perpetual desolations; *even* all *that* the enemy hath done wickedly in the sanctuary.

4 Thine enemies roar in the midst of thy congregations; they set up their ensigns *for* signs.

5 *A man* was famous according as he had lifted up axes upon the thick trees.

6 But now they break down the carved work thereof at once with axes and hammers.

7 They have cast fire into thy sanctuary, they have defiled *by casting down* the dwelling place of thy name to the ground.

8 They said in their hearts, Let us destroy them together: they have burned up all the synagogues of God in the land.

9 We see not our signs: *there is* no more any prophet: neither *is there* among us any that knoweth how long.

10 O God, how long shall the adversary reproach? shall the enemy blaspheme thy name for ever?

11 Why withdrawest thou thy hand, even thy right hand? pluck *it* out of thy bosom.

12 For God *is* my King of old, working salvation in the midst of the earth.

13 Thou didst divide the sea by thy strength: thou brakest the heads of the dragons in the waters.

14 Thou brakest the heads of leviathan in pieces, *and* gavest him *to be* meat to the people inhabiting the wilderness.



15 Do scoilt tú toibreacha agus srotha: do rinnis aibhne móra tirim.  
 16 Is duitsi is dúal an la, is leatsa fós a noidhche: dórduigh tú an solus agus an ghrían.  
 17 Do shuighidh tú imiol na talmhan uile: do chum tú samhradh agus geimhreadh.  
 18 Cuimhnigh so, a THIGHEARNA, gur scannluigh an námhuid, agus gur tharcuisnigheadar na daóine leamha hainm.  
 19 Ná tabhair anam do cholom do chuideachda na *námhad*: coimhthionól do bhochd ná dearmaid choidhche.  
 20 Tabhair haire don chonradh: óir atáid áitreabhuigh dorcha na talmhun lán dáitribh foiréigin.  
 21 Na léig do lucht an leatruim filleadh fa náire: molaid na boicht agus na huireasbhacha hainm.  
 22 Éirigh, a Dhé, tagair do chúis féin: cuimhnigh do tharcuisne ó namadán air feadh an laóí.  
 23 Ná dearmuid guth do námhad: an luchd éirghios ad aghaidh ag méudughadh a gcomhnuighe.

## Psalm 75

*O Dhía atá breitheamhnas ceart, noch thógbhas fear, agus leagfas síos fear oile.*

**Don phrímhfhéar ceóil, Ná mill, psalm agus caintic Asaph.**

1 Do bheirmíd buidheachus duit, a Dhé, do bheirmíd buidheachus *duit*: óir foillsighid do mhíorbhuile go bhfuil hainm a bhfogus.  
 2 A nuáir ghéabhad an comhthionól chugam do dhéanad breitheamhnus go díreach.  
 3 Atá an talamh agus a nuile áitreabhas ann ar na scaoileadh: daingneochadsa a phostadha. Selah.  
 4 A deirim ris ha hamadánuibh, Ná déanuidh leimhe: agus leis na cionntachaibh, Ná tógbhaidh súas a nadharc:  
 5 Ná tógbhaidh súas a nadharc go ro árd: *ná* labhruidh re muinéul cruáidh.  
 6 Óir ní ó náird a noir, nó a níar, nó ó dheas *atá* árdughadh.  
 7 Acht Día an breitheamh: umhluigh sé an fearso, agus árdugh sé an fear oile.  
 8 Óir *atá* cupán a láimh an TIGHEARNA, agus atá an fion dearg; lán do chumasc; agus dóirtigh sé as amach: a dheasgaidh sin amháin, fháisgfíid uile pheacaidh na talmhan, agus ibhid.  
 9 Acht foillseochuidh misi *a thrócaire* go bráth; canfad sailm do Dhía Iácob.

15 Thou didst cleave the fountain and the flood: thou driedst up mighty rivers.  
 16 The day *is* thine, the night also *is* thine: thou hast prepared the light and the sun.  
 17 Thou hast set all the borders of the earth: thou hast made summer and winter.  
 18 Remember this, *that* the enemy hath reproached, O LORD, and *that* the foolish people have blasphemed thy name.  
 19 O deliver not the soul of thy turtledove unto the multitude *of the wicked*: forget not the congregation of thy poor for ever.  
 20 Have respect unto the covenant: for the dark places of the earth are full of the habitations of cruelty.  
 21 O let not the oppressed return ashamed: let the poor and needy praise thy name.  
 22 Arise, O God, plead thine own cause: remember how the foolish man reproacheth thee daily.  
 23 Forget not the voice of thine enemies: the tumult of those that rise up against thee increaseth continually.

## Psalm 75

**To the chief Musician, Altaschith, A Psalm or Song of Asaph.**

1 Unto thee, O God, do we give thanks, *unto thee* do we give thanks: for *that* thy name is near thy wondrous works declare.  
 2 When I shall receive the congregation I will judge uprightly.  
 3 The earth and all the inhabitants thereof are dissolved: I bear up the pillars of it. Selah.  
 4 I said unto the fools, Deal not foolishly: and to the wicked, Lift not up the horn:  
 5 Lift not up your horn on high: speak *not with* a stiff neck.  
 6 For promotion *cometh* neither from the east, nor from the west, nor from the south.  
 7 But God *is* the judge: he putteth down one, and setteth up another.  
 8 For in the hand of the LORD *there is* a cup, and the wine is red; it is full of mixture; and he poureth out of the same: but the dregs thereof, all the wicked of the earth shall wring *them* out, *and* drink *them*.  
 9 But I will declare for ever; I will sing praises to the God of Jacob.

10 Agus brisfíod adharca na cciontach uile; áirdeochthar adharca an duine fhírúnta.

## Psalm 76

*Mordhacht Dé, mar dhídinoir na heagluise.*

**Don phrímhfhéar ceóil air Neginot,  
Psalm no caintic Asaph.**

1 Aithnighthear DÍA ann Iúdah: *is* mór a ainm a Nísrael.

2 Agus a Sálem atá a pháilliún, agus a ionad comhnuidh a Síon.

3 Ansin do bhris sé saighde an bhogha, an sgiath, agus an cloidheamh, agus an cath. Selah.

4 Atá tú loinneardha agus oirdheirc ós cionn shléibhte na creiche.

5 Do creachadh na daoine meisneamhla a ccroidhe do chodladar a gcodladh: agus ní bhfúaradar na daoine cumhachdacha a lámha.

6 Réd iomaithbheara, a Dhé Iácob, do teilgíodh an carbad agus an teach ar áon a ccodladh mharbhthach.

7 Atá tusa, thusa féin úathbhásach: agus cía sheasfas ós do choinne a nam thféirge?

8 Thugais fa deara breitheamhnus do chloisdean ó neamh; do bhí eagla air an ttalamh, agus do bhí na chomhnuidhe.

9 A nuáir déirigh DÍA chum breitheamhnus, do chumhdach dhaóine ceannsuigh ná talmhan uile. Selah.

10 Oír molfaidh díbhfhéarg an duine thusa, toirmiosguidh tusa fuighioll a bhfeirge.

11 Móidigh, agus coimhlíonuidh don TIGHEARNA bhur Ndía: tugaidís gach a bhfuil na thimchioll tiodhlacadh chuigesion roimhe ar dúal a bheith faiteach.

12 Géarrfa sé thríd amach spiorad na bprionnsadh: *is* úathbhásach é do righthibh na talmhan.

## Psalm 77

*Déis cath gar geatorra, 10 do bhuaghuidh creideamh an duine ar a mhíchreidimh.*

**Don phrímhfhéar ceóil do Iedútun,  
Psalm Asaph.**

1 Do gháirios chum Dé rem ghuth, chum Dé rem ghuth; agus thug sé éisdeacht damh.

2 A ló mo bhúaidheartha do shir mé an TIGHEARNA: do bhí mo lámh san noidhche ar na dórtadh amach, agus ní dhéarnuidh comhnuigh: do dhiúlt manam comhfhurtachd do ghlacadh.

10 All the horns of the wicked also will I cut off; *but* the horns of the righteous shall be exalted.

## Psalm 76

**To the chief Musician on Neginoth, A  
Psalm or Song of Asaph.**

1 In Judah *is* God known: his name *is* great in Israel.

2 In Salem also is his tabernacle, and his dwelling place in Zion.

3 There brake he the arrows of the bow, the shield, and the sword, and the battle. Selah.

4 Thou *art* more glorious *and* excellent than the mountains of prey.

5 The stouthearted are spoiled, they have slept their sleep: and none of the men of might have found their hands.

6 At thy rebuke, O God of Jacob, both the chariot and horse are cast into a dead sleep.

7 Thou, *even* thou, *art* to be feared: and who may stand in thy sight when once thou art angry?

8 Thou didst cause judgment to be heard from heaven; the earth feared, and was still,

9 When God arose to judgment, to save all the meek of the earth. Selah.

10 Surely the wrath of man shall praise thee: the remainder of wrath shalt thou restrain.

11 Vow, and pay unto the LORD your God: let all that be round about him bring presents unto him that ought to be feared.

12 He shall cut off the spirit of princes: *he is* terrible to the kings of the earth.

## Psalm 77

**To the chief Musician, to Jeduthun, A  
Psalm of Asaph.**

1 I cried unto God with my voice, *even* unto God with my voice; and he gave ear unto me.

2 In the day of my trouble I sought the Lord: my sore ran in the night, and ceased not: my soul refused to be comforted.

3 Do chuimhnigh mé ar Dhía, agus do bhí mé buáidheartha: do ghearán mé, a nuair do bhí mo spiorad ar na iombháthadh. Selah.

4 Congbhuigh tú mo shúile na ndúsachd: a táim comhbhuáidheartha is sin nach bhféuduim labhairt.

5 Do mheas mé na laéthe seannda, bliadhna na seanaimsire.

6 Cuimhnighim mo sheinm san noidhche: meadhuighim rem chroidhe: agus cúartuigh mo spiorad, *ag rádh*.

7 An tteilgfe an TIGHEARNA uáidh go bráth? agus nach bíaidh sé fabharthach ní sa mhó?

8 Nar choisg a thrócaire go bráth? nar fhailligh a fhocal ó ghinealach go ginealach?

9 Nar dhearmuid DÍA bheith grásamhuil? nar íaidh sé súas a bhfeirg a thrócaire chineulta? Selah.

10 Agus a dubhras, A nois tionsgonad, ag so cláochló deasláimhe an té is ro áirde.

11 Cuímhneochad oibreacha an TIGHEARNA: go deimhin cuímhneochad hoibreacha iongantacha ón tseanaimsir.

12 Agus smuáinfiód ar hoibreachaibh uile, agus air do ghníomharthuibh do dhéan cúimhne.

13 O a Dhé, is a náomhthacht, *atá* do shlighe: cía *atá* na Dhía comhmór re DÍA!

14 *Is* tusa an DÍA noch do ní obair iongantach: do chuir tú do neart a numhail a measc na ndáoine.

15 Dfúasgail tú led láimh *do* dhaoine, clann Iácob agus Ióseph. Selah.

16 Do chonncadar na huisgeadha thú, a Dhé, do chonccadar na huisgeadha thú; do bhí eagla orra: do bhádar na haigéin buáidheartha.

17 Do dhóirteadar na néulla amach uisgeadha: thugadar na spéirigh fúaim: do chúadar fós do shoighde timchioll.

18 Do *bhí* fúaim do thóirníghe annsna spéirigh: dfoillsigh do thinnteacha an saoghal: do chriothnuigh agus do ghabh eagla an talamh.

19 Annsa bhfairge *atá* do shlighe, agus do chasán annsna huisgeadhuibh móra, agus ní haithnithear do choiscéime.

20 Do threoruighís mar thréud do dhaóine ré láimh Mhaóise agus Aaron.

3 I remembered God, and was troubled: I complained, and my spirit was overwhelmed. Selah.

4 Thou holdest mine eyes waking: I am so troubled that I cannot speak.

5 I have considered the days of old, the years of ancient times.

6 I call to remembrance my song in the night: I commune with mine own heart: and my spirit made diligent search.

7 Will the Lord cast off for ever? and will he be favourable no more?

8 Is his mercy clean gone for ever? doth *his* promise fail for evermore?

9 Hath God forgotten to be gracious? hath he in anger shut up his tender mercies? Selah.

10 And I said, This *is* my infirmity: *but I will remember* the years of the right hand of the most High.

11 I will remember the works of the LORD: surely I will remember thy wonders of old.

12 I will meditate also of all thy work, and talk of thy doings.

13 Thy way, O God, *is* in the sanctuary: who *is* so great a God as *our* God?

14 Thou *art* the God that doest wonders: thou hast declared thy strength among the people.

15 Thou hast with *thine* arm redeemed thy people, the sons of Jacob and Joseph. Selah.

16 The waters saw thee, O God, the waters saw thee; they were afraid: the depths also were troubled.

17 The clouds poured out water: the skies sent out a sound: *thine* arrows also went abroad.

18 The voice of thy thunder *was* in the heaven: the lightnings lightened the world: the earth trembled and shook.

19 Thy way *is* in the sea, and thy path in the great waters, and thy footsteps are not known.

20 Thou leddest thy people like a flock by the hand of Moses and Aaron.

## Psalm 78

*Rúinndíamhra na sean aimsir.*

**Psalm teagaisg Asaph.**

## Psalm 78

**Maschil of Asaph.**

1 Tugaidh, ó mo phobal, éisteacht dom dhligheadh: cláonuidh bhur cclúas chum bríathar mo bhéil.

2 Foisgeolad mo bhéul a ccosamhlacht: nochtfa mé labhartha dorcha ón tseanaimsir:

3 Noch do chúalamar agus bá fios dúinn, agus dinnsiadar ar naithre dhúinn.

4 Ní cheilfiom air a ccloinn *iad*, ag innisin don ghinealach thioctas molta an TIGHEARNA, agus a chumhachta, agus na míorbhuile do rinne sé.

5 Óir do dhaingnigh sé fiadhnuise ann Iácob, agus dórduigh sé dligheadh a Nísrael, noch daithin dar naithribh, a fhoillsiughadh dá gcloinn:

6 Chum go mbiáidh a fhíos ag an nginealach do thiucfadh, ag na leinibh do béartaoui; agus ag éirge go ninneosaidís dá gcloinn féin:

7 Agus go ccuirfedís a ndóthchus a Ndía, agus nach dearmadfaidís oibreacha Dé, agus go cconneochaidís a aitheanta:

8 Agus gan a bheith mar a naithre, ginealach neimhcheannsuigh agus easumhal; ginealach nach dírighionn a ccroidhe go ceart, agus nach bhfuil a spiorad firinneach do Dhía.

9 Ar mbeith do mhacuibh Ephraim, armtha, ag lámhach re bogha, dfilliodar air a nais a ló an chatha.

10 Níor chongmhadar connradh Dé, agus do dhiúltadar imtheacht iona dhligheadh;

11 Agus do dhearmadar a oibreacha, agus a ionganta noch dfoillsigh sé dhóibh.

12 Do lathair a naithreadh do rinne se míorbhuil, a ttalamh na Héipte, a machaire Soan.

13 Do scoilt se a nfairge, agus thug íadsan tríthe; agus thug air na huisgeadhuibh seasamh mar chárn.

14 Agus do thréoruidh íad a néull san ló, agus air feadh na hoidhche ré solus teineadh.

15 Do scoilt sé na cairge annsa díothramh, agus thug deoch *dhóibh* go fairsing mar budh *as* a naigéan.

16 Agus thug sé srotha amach as na cairgibh, agus thug sé air na huisgidhibh rioth síos amhuil aibhne.

17 Agus do pheacuígheadar fós na aghaidh re cathughadh do chur annsa díothramh air an té is ro áirde.

18 Agus do chuireadar cathughadh air Dhía iona gcroidhe ag íarruidh bídh dá nainmhíannuibh.

1 Give ear, O my people, *to* my law: incline your ears to the words of my mouth.

2 I will open my mouth in a parable: I will utter dark sayings of old:

3 Which we have heard and known, and our fathers have told us.

4 We will not hide *them* from their children, shewing to the generation to come the praises of the LORD, and his strength, and his wonderful works that he hath done.

5 For he established a testimony in Jacob, and appointed a law in Israel, which he commanded our fathers, that they should make them known to their children:

6 That the generation to come might know *them*, *even* the children *which* should be born; *who* should arise and declare *them* to their children:

7 That they might set their hope in God, and not forget the works of God, but keep his commandments:

8 And might not be as their fathers, a stubborn and rebellious generation; a generation *that* set not their heart aright, and whose spirit was not stedfast with God.

9 The children of Ephraim, *being* armed, *and* carrying bows, turned back in the day of battle.

10 They kept not the covenant of God, and refused to walk in his law;

11 And forgot his works, and his wonders that he had shewed them.

12 Marvellous things did he in the sight of their fathers, in the land of Egypt, *in* the field of Zoan.

13 He divided the sea, and caused them to pass through; and he made the waters to stand as an heap.

14 In the daytime also he led them with a cloud, and all the night with a light of fire.

15 He clave the rocks in the wilderness, and gave *them* drink as *out of* the great depths.

16 He brought streams also out of the rock, and caused waters to run down like rivers.

17 And they sinned yet more against him by provoking the most High in the wilderness.

18 And they tempted God in their heart by asking meat for their lust.

19 Do labhradar fós a naghaidh Dé; a dubhradar, An bhféadann DÍA bÓRD do líonadh le bíadh san díothramh?

20 Féuch, do bhuáil sé an charrac, agus do lingeadar uisgeadha amach, agus do thuiligheadar srotha; an bhféadann sé arán do thabhairt úadh mar an ccéadna? an féidir leis feoil do sholathar dá dháoinibh?

21 Ar a nadhbharsin do chúala an TIGHEARNA *sin*, agus do bhí ro fheargach: iondus go raibh teine ar na lasadh a naghaidh Iácob, agus mar an gcéadna tháinig díbhfhéarg súas a naghaidh Israel;

22 Do bhrígh nar chreidiodar a Ndía, agus nar chuireadar a ndóigh iona shlánughadh:

23 Gidh gur aithin sé do na néulluibh ó náird a nús, agus gur fhoscuil doirse nimhe,

24 Agus gur fhear orra manna re ithe, agus go ttug sé arbhar ó neamh dhóibh.

25 Do ith an duine aran na naingeal: do chuir sé a ndíol bídh chuca.

26 Thug sé air an ngaóith a noir gabháil thort is neamh: agus re na chumhachda thug sé a steach an gháoth a ndeas.

27 Agus dfear sé feoil orra mar luáithreadh, agus éanlaith sciathánach mar ghaineamh na fairge:

28 Agus thug orra a tuitim a meadhón an champa, a ttimchioll a ionad comhnuidhe.

29 Mairsin a dúadar, agus do bhadar sáitheach go lor: óir thug sé dhóibh a mían féin;

30 Ní dhéarnadh fós coimhigheach íad óna nainmhíanuibh féin. Do bhí a mbíadh fós iona mbéul,

31 A núair tháinic fearg Dé orra, agus do mharbh da ndáoinibh méithe, agus do leag síos rogha oigfhear Israel.

32 Thairis so uile do pheacuigheadar fós, agus níor chreidiodar ar son a ionganta.

33 Agus do chaith sé a láethe a ndíomháoineas, agus a mblíadhna a mbuáidhreadh.

34 A nuair do mharbh sé íad, is annsin do shiriodar é: agus dfilliodar agus do shireadar DÍA go moch,

35 Agus do chuimhnigheadar gur *bé* DÍA a ccarruic, agus an DÍA láidir a bhfúascaltóir.

36 Agus do rinneadar spleadha ris re na mbéul, agus bréaga re na tteangaidh.

37 Acht ní raibh a ccroidhe leis, agus ní rabhadar fírinneach ann a chunnradh.

38 Thairis *sin*, mar *do bhí* sé trócaireach, do mhaith a ccionta, agus níor sgrios *íad*: agus

19 Yea, they spake against God; they said, Can God furnish a table in the wilderness?

20 Behold, he smote the rock, that the waters gushed out, and the streams overflowed; can he give bread also? can he provide flesh for his people?

21 Therefore the LORD heard *this*, and was wroth: so a fire was kindled against Jacob, and anger also came up against Israel;

22 Because they believed not in God, and trusted not in his salvation:

23 Though he had commanded the clouds from above, and opened the doors of heaven,

24 And had rained down manna upon them to eat, and had given them of the corn of heaven.

25 Man did eat angels' food: he sent them meat to the full.

26 He caused an east wind to blow in the heaven: and by his power he brought in the south wind.

27 He rained flesh also upon them as dust, and feathered fowls like as the sand of the sea:

28 And he let *it* fall in the midst of their camp, round about their habitations.

29 So they did eat, and were well filled: for he gave them their own desire;

30 They were not estranged from their lust. But while their meat *was* yet in their mouths,

31 The wrath of God came upon them, and slew the fattest of them, and smote down the chosen *men* of Israel.

32 For all this they sinned still, and believed not for his wondrous works.

33 Therefore their days did he consume in vanity, and their years in trouble.

34 When he slew them, then they sought him: and they returned and enquired early after God.

35 And they remembered that God *was* their rock, and the high God their redeemer.

36 Nevertheless they did flatter him with their mouth, and they lied unto him with their tongues.

37 For their heart was not right with him, neither were they stedfast in his covenant.

38 But he, *being* full of compassion, forgave *their* iniquity, and destroyed *them* not: yea,

dfill sé go minic a fhearg tar a hais, agus níor mhúscail sé a dhibhfhearg uile.

39 Agus do chuimhnigh *gur* bhfeóil íad; anál do imthighios, agus nach bhfilllean.

40 Cá mhéud úair do chorruigheadar é annsa díothramh, agus do chuireadar doilghios air annsa bhfásach!

41 Agus dfilliodar agus do chuireadar cathughadh ar Dhía, agus do chuireadar an Táon Náomhtha Israel a gcuimsi.

42 Níor chuimhnigheadar a lámh, nó an lá do sháor sé íad ó na námhuid.

43 A nuáir do chuir a chomharthadha san Négipt, agus a ionganta a magh Soan:

44 Agus diompóidh a srotha a bhfuil; agus a naibhne, go nar bhféidir dhóibh deoch ól.

45 Do chuir sé iona measc iomad cuiléog, noch do ith íad; agus an luisgionn, noch do scrios íad.

46 Agus thug sé a mbiseach don dréollán-teasbhuidh, agus a saothar don lócuist.

47 Do mharbh a bhfineamhuin ris an gcloichshneachta, agus a ccroinn siocamor ris an gcuisne.

48 Agus thug a neallach don chloichshneachda, agus a ttréuda do na teinntigh.

49 Do chuir sé orra teas a fheirge, fíoch, agus aingidheachd, agus buaidhreadh, ré cur drochaingiol *na measc*.

50 Do chomhthromuigh sé slighe dhá fheirg; níor cháomhuin a nanam ó bhás, agus thug sé a mbeatha don phláigh;

51 Agus do bhuáil sé céidgheine na Héigpte; tosach a néirt a bpáilliúnuibh Ham:

52 Agus thug air a dhaoinibh dul thairis mar cháorchaibh, agus do thréoruidh amhuil tréud annsa díothramh íad.

53 Agus do thréoruidh amach íad ré dánachd, agus ní raibh eagla orra: agus dfoluigh a nfairge a naimhde.

54 Agus thug sé íad go himeal a shanctora, an slíabhso, *noch* do ghnodhuigh a lámh dheas.

55 Agus do theilg amach rompa na geintighe fós, agus do roinn sé oighreachd dóibh re crannchaír, agus thug air threabhuibh Israel áitriughadh iona nionad suidhe.

56 Gidheadh do chuireadar cathughadh agus do bhrostuigheadar an Día is ro áirde, agus níor chongmhadar a fhíadhnuisigh:

many a time turned he his anger away, and did not stir up all his wrath.

39 For he remembered that they *were but* flesh; a wind that passeth away, and cometh not again.

40 How oft did they provoke him in the wilderness, *and* grieve him in the desert!

41 Yea, they turned back and tempted God, and limited the Holy One of Israel.

42 They remembered not his hand, *nor* the day when he delivered them from the enemy.

43 How he had wrought his signs in Egypt, and his wonders in the field of Zoan:

44 And had turned their rivers into blood; and their floods, that they could not drink.

45 He sent divers sorts of flies among them, which devoured them; and frogs, which destroyed them.

46 He gave also their increase unto the caterpillar, and their labour unto the locust.

47 He destroyed their vines with hail, and their sycamore trees with frost.

48 He gave up their cattle also to the hail, and their flocks to hot thunderbolts.

49 He cast upon them the fierceness of his anger, wrath, and indignation, and trouble, by sending evil angels *among them*.

50 He made a way to his anger; he spared not their soul from death, but gave their life over to the pestilence;

51 And smote all the firstborn in Egypt; the chief of *their* strength in the tabernacles of Ham:

52 But made his own people to go forth like sheep, and guided them in the wilderness like a flock.

53 And he led them on safely, so that they feared not: but the sea overwhelmed their enemies.

54 And he brought them to the border of his sanctuary, *even to* this mountain, *which* his right hand had purchased.

55 He cast out the heathen also before them, and divided them an inheritance by line, and made the tribes of Israel to dwell in their tents.

56 Yet they tempted and provoked the most high God, and kept not his testimonies:

57 Acht dfilliodar air a ccúl, agus do pheacuígheadar go míochoinghiollach mar a naithre: do bhádar air na niompógh mar bhogha cealgach.

58 Agus do chorruigheadar é chum feirge le na náitibh árda, agus re na níomháighibh ceirbhéartha do ghluáisiodar é chum éada.

59 Do chúalaidh Día *sin*, agus do bhí fearg air, agus do fhúathaidh Israel go ro mhór:

60 Agus do thréig sé tabernacuil Shilo, an páillíun *noch* do shuighidh sé a measc a dhaóine;

61 Agus do thoirbhir a neart a mbraighdionas, agus a ghlóir a láimh na námhad.

62 Thug sé mar an ccéadna a dhaóine don chloidhiomh; agus do bhí sé feargach re na oighreachd.

63 Do loisg an teine rogha a ndaóine óg; agus níor mholadh a maighdiona.

64 Do thuiteadar a sagairt ris an ccloidheamh; agus níor ghuileadar a mbaintreabhacha.

65 Ann *sin* do mhúscuil an TIGHEARNA mar dhuine na chodladh, *agus* mar dhuine árrachta ag gárrtha tre fhíon.

66 Agus do bhuaíl a naimhde iona ndeireadh: thug sé scannail shíorruidhe dhóibh.

67 Agus do dhíult sé áitreabh Ióseph, agus níor thogh sé treabh Ephraim:

68 Acht do thogh sé treabh Iúdah, slíabh Sion *noch* dob ionmhuin leis.

69 Agus do chuir súas a shanctóir cosmhuil re *pálásaih* árda, mar an ttalamh *noch* do shuighidh sé go síorruidh.

70 Agus do thogh sé Dáibhi a sheirbhíseach cheana, agus rug sé ó mhanrachaibh na ccáorach é:

71 O bheith a ndiáigh na ccáorach ann a raibh uáin thug sé é do bheathughadh Iácob a phobal, agus Israel a oighreachd.

72 Agus do bheathaidh sé iad ré iomláine a chroidhe; agus do thréoruidh iad lé héolus a lámh.

57 But turned back, and dealt unfaithfully like their fathers: they were turned aside like a deceitful bow.

58 For they provoked him to anger with their high places, and moved him to jealousy with their graven images.

59 When God heard *this*, he was wroth, and greatly abhorred Israel:

60 So that he forsook the tabernacle of Shiloh, the tent *which* he placed among men;

61 And delivered his strength into captivity, and his glory into the enemy's hand.

62 He gave his people over also unto the sword; and was wroth with his inheritance.

63 The fire consumed their young men; and their maidens were not given to marriage.

64 Their priests fell by the sword; and their widows made no lamentation.

65 Then the Lord awaked as one out of sleep, *and* like a mighty man that shouteth by reason of wine.

66 And he smote his enemies in the hinder parts: he put them to a perpetual reproach.

67 Moreover he refused the tabernacle of Joseph, and chose not the tribe of Ephraim:

68 But chose the tribe of Judah, the mount Zion which he loved.

69 And he built his sanctuary like high *palaces*, like the earth which he hath established for ever.

70 He chose David also his servant, and took him from the sheepfolds:

71 From following the ewes great with young he brought him to feed Jacob his people, and Israel his inheritance.

72 So he fed them according to the integrity of his heart; and guided them by the skilfulness of his hands.

## Psalm 79

*Eidirghuidhe, go fearg Dé ré Ierusalem, do athrughadh chúm a naimhdibh.*

### Psalm chum Asaph.

1 A Dhe, thangadar na geinte a steach ann hoighreacht; do thruáilligheadar teampall do naomhthachda; do leagadar Ierusalem na cárnaibh.

2 Thugadar cuirp mharbha do sheirbhíseach *mar* bhíadh déanlaith a naiéir, féol do náomh dainmhintibh na talmhan.

## Psalm 79

### A Psalm of Asaph.

1 O God, the heathen are come into thine inheritance; thy holy temple have they defiled; they have laid Jerusalem on heaps.

2 The dead bodies of thy servants have they given *to be* meat unto the fowls of the heaven, the flesh of thy saints unto the beasts of the earth.

3 Do dhóirteadar a bhfuil mar uisge timchioll fá gcuáirt Ierusalem; agus ní raibh áon do adhlacadh *iad*.

4 Atámuid ar scannail ag ar ccomharsanaibh, ar ttarcuisne agus ar magadh ag an lucht atá ar gach táobh dhinn.

5 Cá fad, a THIGHEARNA? bhías tú feargach go bráth? an lasfuidh héad mar théine?

6 Dóirt thfearg amach ar na geintibh da nach aithne thú, agus air rioghachtaibh nar ghoir air hainm.

7 Oír a dúadar Iácob, agus do rinneadar fásach dá ionad comhnuigh.

8 Ná cuimhnigh ar naghaidh peacaidh ar sinn: tárrthuíghthead do thrócaire sinn go lúath, oír tugadh go ro ísiol sinn.

9 Cabhruidh sinn, a Dhé ar slánuighthe, ar son glóire hanma féin: agus saor sinn, agus glan inn ó ar bpeacadhuibh, ar son hanma féin.

10 Cred fá naibéoraidís na geinte, Cáit a *bhfuil* a Ndíá? go naitheantar é a measc na ngeinteadh ós coinne ar súl ré dioghaltas fola do sheirbhíseach *noch* do dóirtheadh.

11 Tigeadh osnadhach an phríosúnaigh ós do choinne; do réir árrachdais do láimhe tárrtháilse na lucht do hórduigheadh chum báis;

12 Agus tabhair dar ccomharsanaibh a sheachd noirid iona mbrollach a scannail féin, re ar scannluigheadar thusa, a THIGHEARNA.

13 Agus sinne do dhaóine agus caóirigh hinnbhir bhéaram buidheachus duit go bráth: agus molfam thú ó ghinealach go ginealach.

3 Their blood have they shed like water round about Jerusalem; and *there was* none to bury *them*.

4 We are become a reproach to our neighbours, a scorn and derision to them that are round about us.

5 How long, LORD? wilt thou be angry for ever? shall thy jealousy burn like fire?

6 Pour out thy wrath upon the heathen that have not known thee, and upon the kingdoms that have not called upon thy name.

7 For they have devoured Jacob, and laid waste his dwelling place.

8 O remember not against us former iniquities: let thy tender mercies speedily prevent us: for we are brought very low.

9 Help us, O God of our salvation, for the glory of thy name: and deliver us, and purge away our sins, for thy name's sake.

10 Wherefore should the heathen say, Where *is* their God? let him be known among the heathen in our sight *by* the revenging of the blood of thy servants *which is* shed.

11 Let the sighing of the prisoner come before thee; according to the greatness of thy power preserve thou those that are appointed to die;

12 And render unto our neighbours sevenfold into their bosom their reproach, wherewith they have reproached thee, O Lord.

13 So we thy people and sheep of thy pasture will give thee thanks for ever: we will shew forth thy praise to all generations.

## Psalm 80

*Gabhaidh DÍA cúram dhá fhineamhain, 1 dhá eaglaisi féin, gidh ata anois ar na cognamh agus ar na tochladh.*

**Don phrímhfhéar ceóil air Shosannim Edut, Psalm Asaph.**

1 O a aodhaire Israel, tabhair éisdeachd, thusa noch thréoruighios Ióseph amhuil thréad; deálruidhidsi amach, noch shuighios ar na cherubhínigh.

2 Roimhe Ephraim agus Bheniamin agus Mhanasseh corruidh súas do neart, agus ttárthuigh sinn.

3 A Dhé, iompoigh sinn, agus tabhair air haghaidh deálrugh; agus bíam slán.

4 A THIGHEARNA a Dhé na slógh cá fad bhías tú feargach a naghaidh urnaighe do dhaóine?

5 Do bheathuigh tú *iad* ré harán na ndéor; agus thugais orra déora ibhe go fairsing.

## Psalm 80

**To the chief Musician upon**

**Shoshannimeduth, A Psalm of Asaph.**

1 Give ear, O Shepherd of Israel, thou that ledest Joseph like a flock; thou that dwellest *between* the cherubims, shine forth.

2 Before Ephraim and Benjamin and Manasseh stir up thy strength, and come *and* save us.

3 Turn us again, O God, and cause thy face to shine; and we shall be saved.

4 O LORD God of hosts, how long wilt thou be angry against the prayer of thy people?

5 Thou feedest them with the bread of tears; and givest them tears to drink in great measure.



6 Do ní tú imriosuin dinn dár ccomharsanaibh: agus do níd ar naimhde magadh eaturra féin.

7 A Dhé na slógh, iompóigh sinn arís, agus tabhair air haghaidh deálradh; agus bíam slán.

8 Thug tú fíneamhuin as an Néigipt: do theilgis amach na cineadhacha, agus do chuir tú í.

9 Do sholathair tú ionad roimpe, agus thugais air a fréamhach fréamhadh, agus do líon sí an talamh.

10 Do folchadh na sléibhte re na scáile, agus ba séadair mhóra a beangáin.

11 Do chuir sí amach a beangáin go nuige an mhuir, agus a gabhláin gus a nabhuinn.

12 Cred far bhrisis síos a fáлта, chor go sgothaid í gach a ngabhann an tslighe?

13 Tochlaidh fiadh-chullach na coilleadh í, agus ithidh beathach állta an mhagha súas í.

14 A Dhé na slógh, iompóigh, a íarmid dadhchuinge ort: féuch ó neamh, agus faic, agus tárr dféachain na fíneamhnaso;

15 Agus an stoc do phlannduigh do lámh dheas, agus an beangán do rinne tú comhláidir sin duit féin.

16 *Atá sí* ar na losgadh ré teine, géarrtha síos: meathaid ré hachmhusán do ghnúise.

17 Biodh do lámh air fhear do láimhe deise, air mhac an duine *noch* do rinnis comhláidir sin duit féin.

18 Agus ní racham ar ccúl uáitsi: béodhuigh sinn, agus gairfíom air hainm.

19 A THIGHEARNA a Dhé na slógh, iompóigh arís sinn, agus taisbéin haghaidh dhúinn; agus bíam slán.

6 Thou makest us a strife unto our neighbours: and our enemies laugh among themselves.

7 Turn us again, O God of hosts, and cause thy face to shine; and we shall be saved.

8 Thou hast brought a vine out of Egypt: thou hast cast out the heathen, and planted it.

9 Thou preparedst *room* before it, and didst cause it to take deep root, and it filled the land.

10 The hills were covered with the shadow of it, and the boughs thereof *were like* the goodly cedars.

11 She sent out her boughs unto the sea, and her branches unto the river.

12 Why hast thou *then* broken down her hedges, so that all they which pass by the way do pluck her?

13 The boar out of the wood doth waste it, and the wild beast of the field doth devour it.

14 Return, we beseech thee, O God of hosts: look down from heaven, and behold, and visit this vine;

15 And the vineyard which thy right hand hath planted, and the branch *that* thou madest strong for thyself.

16 *It is* burned with fire, *it is* cut down: they perish at the rebuke of thy countenance.

17 Let thy hand be upon the man of thy right hand, upon the son of man *whom* thou madest strong for thyself.

18 So will not we go back from thee: quicken us, and we will call upon thy name.

19 Turn us again, O LORD God of hosts, cause thy face to shine; and we shall be saved.

## Psalm 81

*Rí iomdha maith uáinn, agus tiocfaidh iomdha olc oruinn, chion buidheachuis.*

**Don phrímhfhéar ceóil ar Ghittit, Psalm Asaph.**

1 Luathghairigh chum Dé ar neart: déanaidh fuáim mheanmnach chum Dé Iácob.

2 Glacaidh psalm, agus tugaidh an tiompán libh, an tsiterne thaighiúir maille ris an ccláirsigh.

3 Séidigh an stoc annsa ngealuidh núadh, annsa núair chinte, ló ar bhféile.

4 Oir *is* dligheadh so do Israel, reacht ó Dhía Iácob.

5 Mar fhiadhnuise do shuighidh sé é do Ióseph, a nuáir do chuáidh sé thríd thalamh na Héigipte: mar a ccualuidh mé teanga nar thuigios.

## Psalm 81

**To the chief Musician upon Gittith, A Psalm of Asaph.**

1 Sing aloud unto God our strength: make a joyful noise unto the God of Jacob.

2 Take a psalm, and bring hither the timbrel, the pleasant harp with the psaltery.

3 Blow up the trumpet in the new moon, in the time appointed, on our solemn feast day.

4 For this *was* a statute for Israel, *and* a law of the God of Jacob.

5 This he ordained in Joseph *for* a testimony, when he went out through the land of Egypt: *where* I heard a language *that* I understood not.

6 Dáthruigh mé a ghúala ó nualach: do saoradh a lámha ó na potuighibh.

7 A mbuáidhreadh do ghoir tú, agus do sháor mé thú; do fhreagair mé thú a nionad uáigneach na tóirniche: do dhearbhb mé thú láimh ré huisgeadhuibh Meribah. Selah.

8 Eist, ó mo phobal, agus do dhéanadsa fiaghnuise dhuit: ó Israel, ma éistir liom;

9 Ní bíáidh ionnadsa dia coimhthigheach; agus ní chláonfa tú thú féin do dhía coigríche.

10 Is misi an TIGHEARNA do Dhía thug súas thú as crích na Héigipte: fosgail do bhéul go fairsing, agus líonfa misi é.

11 Acht níor éisdeadar mo dhaóine rem ghuth; agus níor umhluigh Israel damh.

12 Agus do léigios dóibh imtheachd a míangus a ccroidhe: do shiobhladar iona ccomhairle féin.

13 O dá néistfedís mo dhaóine riomsa, dá siubhladh Israel ann mo shlighthibh!

14 Do bhéuruinn a naimhde a nús go haithghéarr agus dfillfinn mo lámh air a neascáirdibh.

15 Duimhleochaidís lucht fúatha an TIGHEARNA íad féin go fathach dhó; acht do bhíadh a naimsirsion go siorrúidhe.

16 Agus do bheathochadh sé íad le méthus cruithneachda: agus lé mil amach as an ccarruic do sháiseochuinn thú.

6 I removed his shoulder from the burden: his hands were delivered from the pots.

7 Thou calledst in trouble, and I delivered thee; I answered thee in the secret place of thunder: I proved thee at the waters of Meribah. Selah.

8 Hear, O my people, and I will testify unto thee: O Israel, if thou wilt hearken unto me;

9 There shall no strange god be in thee; neither shalt thou worship any strange god.

10 I *am* the LORD thy God, which brought thee out of the land of Egypt: open thy mouth wide, and I will fill it.

11 But my people would not hearken to my voice; and Israel would none of me.

12 So I gave them up unto their own hearts' lust: *and* they walked in their own counsels.

13 Oh that my people had hearkened unto me, *and* Israel had walked in my ways!

14 I should soon have subdued their enemies, and turned my hand against their adversaries.

15 The haters of the LORD should have submitted themselves unto him: but their time should have endured for ever.

16 He should have fed them also with the finest of the wheat: and with honey out of the rock should I have satisfied thee.

## Psalm 82

*Dleasdanas na mbreitheamhan.*

### Psalm Asaph.

1 Seasuidh Día a gcomhdháil Dé; breathnuigh sé a meadhon na ndée.

2 Ca fad bhéithí ag breith bhreitheamhnus go neimhcheart, agus ghéabhtháoi pearsanna na gciontach? Selah.

3 Déanaidh ceart don bhocht agus don dílleachta: déanuidh cóir don duine chráite agus do neasbhuidheach.

4 Sáor an bocht agus an ríachtanach: ó láimh an duine urchóidigh tárthuigh é.

5 Ní haithne dhóibh, agus ní háill léo a thuigsin; siubhluid síad a ndorchadas: atáid uile bhunáite na talmhan ar na ccorrughadh.

6 A dubhairt mé, *Is* dée sibh; agus *is* clann an té *is* ro áirde sibh uile.

7 Acht do gheabhtháoi bás amhuil an duine, agus tuitfíghthí mar aon do na prionnsadhuibh.

- 4 For the LORD *is* great, and greatly to be praised: he *is* to be feared above all gods.
- 5 For all the gods of the nations *are* idols: but the LORD made the heavens.
- 6 Honour and majesty *are* before him: strength and beauty *are* in his sanctuary.
- 7 Give unto the LORD, O ye kindreds of the people, give unto the LORD glory and strength.

8 Tugaidh don TIGHEARNA glóir dhá ainm: tugaidh ofráil, agus tagaidh a steach iona chúirtibh.

9 Adhraidh an TIGHEARNA a scéimh a náomhthachda: bíodh eagla oruibh roimhe, a thalamh uile.

10 Abraidhe a measg na ngeinteadh, Atá an TIGHEARNA a rioghacht: daingneochar fós an domhan go nach ccorróchar é: do dhéana sé breitheamhnus air na poibleachaibh a bhfíréuntachd.

11 Déindís na flaitheamhnus gáirdeachus, agus bíodh lúathgháire air an ttalamh; déanadh an mhuir búireadh, agus gach a bhfuil inte.

12 Lingiodh an magh le lúathgháire, agus a bhfuil ann: annsin lúathgháirfid croinn na coilleadh

13 Os coinne an TIGHEARNA: oír atá sé ag teacht, ag teacht do dhéanamh breitheamhnus air an ttalamh: do bhéara sé breith air a tsaoghal a bhfíréuntachd, agus air na daóinibh iona fhírinne féin.

8 Give unto the LORD the glory *due unto* his name: bring an offering, and come into his courts.

9 O worship the LORD in the beauty of holiness: fear before him, all the earth.

10 Say among the heathen *that* the LORD reigneth: the world also shall be established that it shall not be moved: he shall judge the people righteously.

11 Let the heavens rejoice, and let the earth be glad; let the sea roar, and the fulness thereof.

12 Let the field be joyful, and all that *is* therein: then shall all the trees of the wood rejoice

13 Before the LORD: for he cometh, for he cometh to judge the earth: he shall judge the world with righteousness, and the people with his truth.

## Psalm 97

*Gu cclaóidhtear luchd adhartha na níodhal.*

1 A ta an TIGHEARNA a rioghacht; bíodh lúathgháire air an ttalamh; déanadh a niomad oiléun gáirdeachus.

2 Atá néulla agus dorchadus fa ccuáirt na thimchioll: fíréuntachd agus breitheamhnus is áit a chathaóir ríoga.

3 Téid teine roimhe, agus loisgfe sí a naimhde fa ccuairt na thimchioll.

4 Do shoillsigh a thinteach an domhan: do chonnaire an talamh sin, agus do chriothnuigh sé.

5 Do bhádar na sléibhte ar leaghadh amhuil céir air aghaidh an TIGHEARNA, ar aghaidh THIGHEARNA na talmhan uile.

6 Foillsighid ná flaithis a fhíréuntachd, agus do chíd na daóine uile a ghlóir.

7 Go madh claóidhte bhéid síad uile noch do ní seirbhís díomháigh grábhálta, noch do ní íad féin aidhbhéil as iodhalaibh: cláonuidh sibh féin dó, a dhée uile.

8 Do chúaluidh Sion, agus do bhí lúathgháireach; do rinneadar inghiona Iúdah subhachus do bhrígh do bhreitheamhnus, a THIGHEARNA.

9 Oír atá tusa, a THIGHEARNA, árd ós cionn na talmhan uile: atá tú ar hárdughadh go mór ós cionn na nuile dhée.

## Psalm 97

1 The LORD reigneth; let the earth rejoice; let the multitude of isles be glad *thereof*.

2 Clouds and darkness *are* round about him: righteousness and judgment *are* the habitation of his throne.

3 A fire goeth before him, and burneth up his enemies round about.

4 His lightnings enlightened the world: the earth saw, and trembled.

5 The hills melted like wax at the presence of the LORD, at the presence of the Lord of the whole earth.

6 The heavens declare his righteousness, and all the people see his glory.

7 Confounded be all they that serve graven images, that boast themselves of idols: worship him, all *ye* gods.

8 Zion heard, and was glad; and the daughters of Judah rejoiced because of thy judgments, O LORD.

9 For thou, LORD, *art* high above all the earth: thou art exalted far above all gods.



10 A dhream ler bionmhuin an TIGHEARNA, fúathuighesi an tol: coimhéduigh sé anmanna a náomh; sáoruidh sé iad as láimh an pheacaidh:

11 Do síoladh solus do nfréun, agus lúathgháire don díreach a ccroidhe:

12 Lúathgháirighidh annsa TIGHEARNA, sibhsi a fhírúna; agus moluidh cuimhne a náomhthachda.

## Psalm 98

*Caismiorta na sduice roimhe theachd Dé go breitheamhnus.*

1 Canuidh don TIGHEARNA caintic nuadh; óir do rinne sé neithe iongantacha: do thárthaidh a láimh dheas, agus a rígh náomhtha féin.

2 Do chuir an TIGHEARNA a shlánughadh a numhail: a radharc an ccineadhach dfoillsigh sé a fhírúntachd.

3 Do chuimhnigh sé a thrócaire agus a fhírinne do thigh Israel: do choncadar teoranna na talmhan uile slánughadh ar Ndéne.

4 Déan fuáim lúathgháireach chum an TIGHEARNA, a thaluimh uile: déan fuáim thaighiúir, déan gáirdeachus, agus cán salm.

5 Canuigh chum an TIGHEARNA ris an ccláirsigh; ris an gcláirsigh, agus re guth salm.

6 Re trumpadhuibh agus re guth an chornet déanaidh fuaim lúathgháireach ós choinne an TIGHEARNA, an Rígh.

7 Déanadh an mhuir mongair, agus a hiomláine; an sáoghal agus an dream chomhnuighios ann.

8 Buáilidís na haibhne a mbasa fa chéile: déaindís na sléibhte lúathgháire

9 Os coinne an TIGHEARNA; óir atá sé ag teachd do bhreithe air an ttalamh: do dhéana sé breitheamhnus air an ttalamh ré fírúntachd, agus air na poibleachaibh ré ceart.

## Psalm 99

*Fúagra úmhla do Dhía ó gach duine, arson a neart, agus a cheart le trócaire.*

1 Ata an TIGHEARNA a rioghachd; bíodh criothnughadh air na poibleacha: suighe sé *idir* na cherubínibh; corruigheadh an talamh.

2 *Atá an* TIGHEARNA mór a Sion; agus *is árd* esion ós cionn na nuile phobal.

3 Molaidís hainm mór úathbhásach; *oir is* náomhtha é.

10 Ye that love the LORD, hate evil: he preserveth the souls of his saints; he delivereth them out of the hand of the wicked.

11 Light is sown for the righteous, and gladness for the upright in heart.

12 Rejoice in the LORD, ye righteous; and give thanks at the remembrance of his holiness.

## Psalm 98

### A Psalm.

1 O sing unto the LORD a new song; for he hath done marvellous things: his right hand, and his holy arm, hath gotten him the victory.

2 The LORD hath made known his salvation: his righteousness hath he openly shewed in the sight of the heathen.

3 He hath remembered his mercy and his truth toward the house of Israel: all the ends of the earth have seen the salvation of our God.

4 Make a joyful noise unto the LORD, all the earth: make a loud noise, and rejoice, and sing praise.

5 Sing unto the LORD with the harp; with the harp, and the voice of a psalm.

6 With trumpets and sound of cornet make a joyful noise before the LORD, the King.

7 Let the sea roar, and the fulness thereof; the world, and they that dwell therein.

8 Let the floods clap *their* hands: let the hills be joyful together

9 Before the LORD; for he cometh to judge the earth: with righteousness shall he judge the world, and the people with equity.

## Psalm 99

1 The LORD reigneth; let the people tremble: he sitteth *between* the cherubims; let the earth be moved.

2 The LORD *is* great in Zion; and he *is* high above all the people.

3 Let them praise thy great and terrible name; *for it is* holy.

4 Agus is ionmhuin ré neart an rígh breitheamhnus; daingnidh tú ceart, do ní tu breitheamhnus agus ceart ann Iácob.

5 Arduighidh an TIGHEARNA ar Ndía, agus déanaidh umhla ag stól a chos; *óir is náomhtha é.*

6 Maóise agus Aaron a measg a shagart, agus Samuel a measg na druinge ghoirios air a ainm; do ghoireadar air an TTIGHEARNA, agus do chúala sé iad.

7 A bpiléur neóill do labhair sé ríu: do chongmhadar a fhiaghnuiseadha, agus na reachda thug sé dhóibh,

8 O a THIGHEARNA ar Ndíane do chúala tú iad: ad Dhía mhaithfeach do bhí tú dhóibhsion, acht cheana ag déanamh dioghaltais air a naindlighthibh.

9 Arduighidh an TIGHEARNA ar Ndíane, agus déanuidh umhla chum a chnuic naomhtha; *óir is naomhtha an TIGHEARNA ar Ndíane.*

4 The king's strength also loveth judgment; thou dost establish equity, thou executest judgment and righteousness in Jacob.

5 Exalt ye the LORD our God, and worship at his footstool; *for he is holy.*

6 Moses and Aaron among his priests, and Samuel among them that call upon his name; they called upon the LORD, and he answered them.

7 He spake unto them in the cloudy pillar: they kept his testimonies, and the ordinance *that* he gave them.

8 Thou answeredst them, O LORD our God: thou wast a God that forgavest them, though thou tookest vengeance of their inventions.

9 Exalt the LORD our God, and worship at his holy hill; for the LORD our God *is* holy.

## Psalm 100

*Fúagra buidheachuis don chruthaightheóir lé haiteas, ó nuile dhuine iona theampull.*

1 Déanaidh fuaim lúathgháireach chum an TIGHEARNA, a thalamh uile.

2 Déanuidh seirbhís don TIGHEARNA re lúathgháire: tigidh ós coinne a aighthe re gáirdeachus.

3 Bíodh a fhios agaibh gur bé an TIGHEARNA is Día: isé do rinne sinne, agus ní sinn féin; is *sinne* a dhaóine, agus caóirigh a innbhir.

4 Lingidh a steach ann a gheatuighibh maille ré tabhairt buidheachuis, iona chúirtibh lé moladh: molaidh é, agus beannuigh a ainm.

5 *Óir is maith an TIGHEARNA;* is síorruidhe a thrócaire ; agus a fhírinne ó ghinealach go ginealach.

## Psalm 101

*Móid agus rún Dháibhi mar dheagh cheannmuinntir.*

### Psalm Dháibhi.

1 Trocaire agus breitheamhnus chanfas mé: dhuitse, a THIGHEARNA, chanfas mé salm.

2 Tuigfe mé a slighe iomláin. Cá huáir thioctas tú chucam? siubholad a ndíoghruis mo chroidhe a meadhón mo thighe.

3 Ní chuirfíod cúis urchóideach ar bith ós coinne mo shúl: is beag orum gníomhartha na ndaóine noch chláonas; ní cheangoluidh sé dhíom.

## Psalm 100

### A Psalm of Praise.

1 Make a joyful noise unto the LORD, all ye lands.

2 Serve the LORD with gladness: come before his presence with singing.

3 Know ye that the LORD he *is* God: *it is* he *that* hath made us, and not we ourselves; *we are* his people, and the sheep of his pasture.

4 Enter into his gates with thanksgiving, *and* into his courts with praise: be thankful unto him, *and* bless his name.

5 For the LORD *is* good; his mercy *is* everlasting; and his truth *endureth* to all generations.

## Psalm 101

### A Psalm of David.

1 I will sing of mercy and judgment: unto thee, O LORD, will I sing.

2 I will behave myself wisely in a perfect way. O when wilt thou come unto me? I will walk within my house with a perfect heart.

3 I will set no wicked thing before mine eyes: I hate the work of them that turn aside; *it* shall not cleave to me.

4 Deileochuidh croidhe fíochmhar leam: ní aithneocha mé droch *dhuine*.

5 An té scannluighios a chomharsa ós isiol, géarrfad eision amach: an tárrachta a radharc agus an tuáibhreach a ccroidhe leision ní fhéadum iomchar.

6 *Biáid* mo shúile ar dhaóinibh fírinneacha na talmhan, iondus go naitreabhuid am fhochair: an tí shiubhlus a slighe iomláin, is é do dhéanas serbhís damhsa.

7 Ní dhéana sé áitreabh ann mo thigh noch do ní cealg: an té do labhras bréaga ní dhéana comhnuidhe ós coinne mo shúl.

8 Sgríosfa mé go moch uile chionntuigh na talmhan; iondus go ngéarrfa mé amach ó chathruigh an TIGHEARNA gach a noibrigheann éigceart.

4 A froward heart shall depart from me: I will not know a wicked *person*.

5 Whoso privily slandereth his neighbour, him will I cut off: him that hath an high look and a proud heart will not I suffer.

6 Mine eyes *shall be* upon the faithful of the land, that they may dwell with me: he that walketh in a perfect way, he shall serve me.

7 He that worketh deceit shall not dwell within my house: he that telleth lies shall not tarry in my sight.

8 I will early destroy all the wicked of the land; that I may cut off all wicked doers from the city of the LORD.

## Psalm 102

*An cuigeadh Psalm Aithrighe.*

**Urnaigh ar son duine bhuaidheartha, an tan bhíos sé ar na shárughadh, agus dhóirtios a ghearán ós coinne an TIGHEARNA.**

1 A THIGHEARNA, cluinn murnaigh, agus tigeadh mo chomhairc chugadsa.

2 Ná foluigh hadhuigh orum annsa ló a mbíad a mbuáidhreach; cláon chugam do chlúas: annsa ló ghairfios mé freagair mé go luath.

3 Óir do cnaóidheadh mo láethe mar dheatach, agus atáid mo chnámha ar na losgadh mar thinntéan na teineadh.

4 Atá mó chroidhe ar na bhúaladh, agus críon mar fhéur; óir do dhearmaid mé marán dithe.

5 Do bhrígh gotha mo chneaduigh ceangluid mo chnámha dom *fheóil*.

6 Is cosmhuil mé ris an bpelicán annsa díothramh: atáim mar ulchabhcan na nuáigneas.

7 Do ním faire, agus atáim mar ghealbhonn na áonar air mhullach an tighe.

8 Scannluighid mo naimhde mé air feadh an laói; an drong atá ar meire am aghaidh atáid air a mionnuibh am aghaidh.

9 Óir a duáigh mé luáith amhuil arán, agus do chomuisg mé mo dheoch ré gul,

10 Do bhrígh thfeirgesi agus thfiocha: óir do chuir tú súas mé, agus do theilg tú síos mé.

11 Is cosmhuil mó láethe re scáile noch théarnuighios; agus atáim amhuil féur ar ccríonadh.

12 Acht tusa, a THIGHEARNA, mairfir go síorruidhe; agus do chuimhne ó ghinealach go ginealach.

## Psalm 102

**A Prayer of the afflicted, when he is overwhelmed, and poureth out his complaint before the LORD.**

1 Hear my prayer, O LORD, and let my cry come unto thee.

2 Hide not thy face from me in the day *when* I am in trouble; incline thine ear unto me: in the day *when* I call answer me speedily.

3 For my days are consumed like smoke, and my bones are burned as an hearth.

4 My heart is smitten, and withered like grass; so that I forget to eat my bread.

5 By reason of the voice of my groaning my bones cleave to my skin.

6 I am like a pelican of the wilderness: I am like an owl of the desert.

7 I watch, and am as a sparrow alone upon the house top.

8 Mine enemies reproach me all the day; *and* they that are mad against me are sworn against me.

9 For I have eaten ashes like bread, and mingled my drink with weeping,

10 Because of thine indignation and thy wrath: for thou hast lifted me up, and cast me down.

11 My days *are* like a shadow that declineth; and I am withered like grass.

12 But thou, O LORD, shalt endure for ever; and thy remembrance unto all generations.

13 Éireocha tú, do dhéana tú trócaire ar Shion: óir atá aimsir grása do dhéanamh uirrthe, a nuáir chinnte, ar tteacht.

14 Óir atá dúll ag do sheirbhíseachaibh iona clochaibh, agus do níd truáighe dá luáithreadh.

15 Ionnis go mbía eagla air na geintibh roimhe ainm an TIGHEARNA, agus air uile ríghthibh na talmhan roimhe do ghlóir.

16 A nuair chuirfeas an TIGHEARNA Sion súas, do chithfighear iona ghlóir é.

17 Dearfuidh sé air urnaigh na nuirísiol, agus ní tharcuisnighfigh sé a nguidhe.

18 Scríobhtar so don ghinealeach thioctas: agus na daóine chruitheochthar molfuid an TIGHEARNA.

19 Óir dféuch sé a nús ó áirde a náomhthachda; do chonnaic an TIGHEARNA ó na neamhuibh an talamh;

20 Chum go ccluinfeadh éagnach an phríosúnaigh; go scaóileadh sé clann an bháis;

21 Dfoillsiughadh anma an TIGHEARNA a Sion, agus a mholadh ann Ierusalem;

22 Mar chruinneochtar na daóine a néinfheachd, agus na rioghachda, chum seirbhíse do dhéanamh don TIGHEARNA.

23 Do bhuáidhir sé mo néart annsa tslughe; do ghearraidh sé mo laéthe.

24 A dúbhairt mé, O mo Dhía, na beir as mé a meadhonn mo laéthe: tré ghinealach na nginealach *atáid* do bhlíadhna.

25 O thosach do shuighidh tú bunáit na talmhan: agus *síad* na flathis oibreacha do lámh.

26 Meithfidh síad, acht mairfe tusa: rachaid uile a ccaitheamh mar éadach; mar chúlaidh do dhéanair a malairt; agus bíaid ar na niomlaóid:

27 Acht *is* tusa an tí céadna, agus ní críochnochthar do bhlíadhna.

28 Coimhneochuid clann do sheirbhíseach, agus daingneochar a sliochd ad fhiaghnuísi.

13 Thou shalt arise, *and* have mercy upon Zion: for the time to favour her, yea, the set time, is come.

14 For thy servants take pleasure in her stones, and favour the dust thereof.

15 So the heathen shall fear the name of the LORD, and all the kings of the earth thy glory.

16 When the LORD shall build up Zion, he shall appear in his glory.

17 He will regard the prayer of the destitute, and not despise their prayer.

18 This shall be written for the generation to come: and the people which shall be created shall praise the LORD.

19 For he hath looked down from the height of his sanctuary; from heaven did the LORD behold the earth;

20 To hear the groaning of the prisoner; to loose those that are appointed to death;

21 To declare the name of the LORD in Zion, and his praise in Jerusalem;

22 When the people are gathered together, and the kingdoms, to serve the LORD.

23 He weakened my strength in the way; he shortened my days.

24 I said, O my God, take me not away in the midst of my days: thy years *are* throughout all generations.

25 Of old hast thou laid the foundation of the earth: and the heavens *are* the work of thy hands.

26 They shall perish, but thou shalt endure: yea, all of them shall wax old like a garment; as a vesture shalt thou change them, and they shall be changed:

27 But thou *art* the same, and thy years shall have no end.

28 The children of thy servants shall continue, and their seed shall be established before thee.

## Psalm 103

*Gairdeachus an tanam déis a shásughadh go mór le grásaibh Dé.*

### Psalm Dháibhi.

1 Beannuigh ó manam, an TIGHEARNA: agus mo íonathar uile, a ainm náomhtha.

2 Beannuigh, ó manam, an TIGHEARNA, agus ná dearmaid a thiodhlaicthe uile:

3 Noch mhaithios do chionnta uile; noch leighisíos huile easláintighe;

## Psalm 103

### A Psalm of David.

1 Bless the LORD, O my soul: and all that is within me, *bless* his holy name.

2 Bless the LORD, O my soul, and forget not all his benefits:

3 Who forgiveth all thine iniquities; who healeth all thy diseases;

4 Noch fhúasglas hanam ó scrios; noch chuirios coróin mhaitheasa agus thrócaireadha chinéulta ort;

5 Noch shásuighios do bhéul ré maith; ata hóige ar na hathnúaghadh mar iolar.

6 Do ní an TIGHEARNA ceart agus breitheamhnus do gach áon a leathtrom.

7 Dfoillsigh sé a shlightheacha do Mhaóise, a oibreacha do chlannuibh Israel.

8 *Atá* an TIGHEARNA grásamhuil agus lán do thruáighe, fad fhuilingeach, agus diomud trócaire.

9 Ní bhiáidh sé choidhche a nimreasuin: ní mó chuinneochus sé *a fhearg* go síorruidhe.

10 Ní do réir ar ccionta do rinne sé dhúinn; agus ní do réir ar néigceirt thug sé luáidheacht dúinn.

11 Acht mar *atá* áirde na neamh ós cionn na talmhan, *atá* a oineach chomór sin don lucht air a bhfuil a eagla.

12 Comhfhad *atá* a náird shoir ó náird shíar, do chuir sé ar bpeacuidhe uáinne.

13 Mar bhíos truáighe ag athair dá chloinn, is *marsin* *atá* truáighe ag an TTIGHEARNA don lucht air a bhfuil a eagla.

14 Oír is aithne dhó ar bhfoirm; cuimhnigh sé gur luáithreadh sinn.

15 *Atáid* láethe an duine, mar an bhféur; mar bhláth an mhagha, is *marsin* bhías ag bláthughadh.

16 Oir téid an gháoth thairis, agus ní bhfuil sé ann; agus ní aitheonuidh a ionad féin é ó sin amach.

17 Acht *atá* trócaire an TIGHEARNA ó shíorruidheacht go síorruidheacht air an lucht air a bhfuil a eagla, agus a fhírúntachd do mhacaibh mac;

18 Don lucht choimhéudas a chunnradh, don lucht chuimhnighios a aitheanta dá ndéanamh.

19 Do shuighidh an TIGHEARNA a chathaóir ríogha ar neamh; agus *atá* a ríoghacht ag ríaghlughadh ós cionn a nuile.

20 Beannuighesi an TIGHEARNA, a aingle féin, noch *atá* árrachdach a neart, ag comhall a aitheanta, ag tabhair aire do ghuth a bhreithre.

21 Beannuighe an TIGHEARNA, a shluaghsan uile; a luchd fritheóilte, noch do ní a thoil.

22 Beannuighe an TIGHEARNA, a oibreacha uile annsa nuile áit dá thighearnas: beannuigh ó manam, an TIGHEARNA.

4 Who redeemeth thy life from destruction; who crowneth thee with lovingkindness and tender mercies;

5 Who satisfieth thy mouth with good *things*; *so that* thy youth is renewed like the eagle's.

6 The LORD executeth righteousness and judgment for all that are oppressed.

7 He made known his ways unto Moses, his acts unto the children of Israel.

8 The LORD *is* merciful and gracious, slow to anger, and plenteous in mercy.

9 He will not always chide: neither will he keep *his anger* for ever.

10 He hath not dealt with us after our sins; nor rewarded us according to our iniquities.

11 For as the heaven is high above the earth, *so* great is his mercy toward them that fear him.

12 As far as the east is from the west, *so* far hath he removed our transgressions from us.

13 Like as a father pitieth *his* children, *so* the LORD pitieth them that fear him.

14 For he knoweth our frame; he remembereth that we *are* dust.

15 *As for* man, his days *are* as grass: as a flower of the field, *so* he flourisheth.

16 For the wind passeth over it, and it is gone; and the place thereof shall know it no more.

17 But the mercy of the LORD *is* from everlasting to everlasting upon them that fear him, and his righteousness unto children's children;

18 To such as keep his covenant, and to those that remember his commandments to do them.

19 The LORD hath prepared his throne in the heavens; and his kingdom ruleth over all.

20 Bless the LORD, ye his angels, that excel in strength, that do his commandments, hearkening unto the voice of his word.

21 Bless ye the LORD, all *ye* his hosts; *ye* ministers of his, that do his pleasure.

22 Bless the LORD, all his works in all places of his dominion: bless the LORD, O my soul.

## Psalm 104

Teagasc ar mhóir-neithibh nádurdhá, agus ar fhreasdal Dé.

## Psalm 104

1 Beannuighe an TIGHEARNA, ó manam. O a THIGHEARNA mo Dhía, atá tú ro árrachtach; re honóir agus re mórdhachd atá tú éaduihthe.

2 Ag cur sholuis mar éadach ort; ag síneadh na bhflaitheas amach mar chúirtín:

3 Noch chuirios annsna huisgeadhuibh a sheomruidhe úachtaracha: noch do ní a charbad do na néulluibh: noch shiubhlas ar sciathanuibh na gaóithe:

4 Ag déanamh spiorad dá ainglibh; teine lasamhuil da mhinistreibh:

5 *Noch* shuighios an talamh air a fhulangaibh, go nach ccorrochuigh é go bráth.

6 *Ris* a ndubhaigeán mar bhrát dfoluigh tú é: ós cionn na slíabh do sheasadar na huisgeadha.

7 Od achmhusansa do theithiodar; ó ghuth do thoirnghe do dheithfrigheadar rompa.

8 Tiaghaid na sléibhte súas; tigid na gleanta a núas chum a nionaid dórduigh tusa dhóibh.

9 Do chuir tú téora cinnte noch nach sáireachuid siad; go nach fhillfid siad dfolach na talmhan.

10 Noch chuirios toibreacha ann sna gleanntaibh, idir na cnocaibh siubhluid siad.

11 Do bheirid deoch duile ainmhidhe an machaire: coisgid na hassail fhíadhta a ttart.

12 Na bhfochair so chomhnuighios éanlaigh a naiéir, a measg na mbeangán do bheirid a nguth.

13 Fliuchuidh sé na cnuic ó na sheomruidhibh úachtrach: ré toradh hoibreachsa do líonadh an talamh.

14 Do bheir sé air an bhféur fás do náirnéis, agus an luibh chum maitheasa an duine: chum aráin do thabhairt amach as an ttalamh;

15 Noch do gháirdighios croidhe an duine re fíon, bheir ar aghaidh deálrughadh re hola, agus neartuighios croidhe an duine re harán.

16 Atáid croinn an TIGHEARNA sásuighthe; séadair Lebanon, noch do phlanntoigh sé;

17 Mar a ndéanuid a néanlaith a nead: an storc, *isé* an crann gumhais a thigh.

18 Na cnoic árda is dídean do na gabhraibh fiadhta; agus na cairge do na coininibh.

19 Do rinne sé an ghealach chum aimsiorrdhacht: is aithne don ghréin a dhul faoí.

20 Cuiridh tú dorchadas, agus biáidh a noidhche ann: is annsin shnáighid *amach* uile bheathuigh állta na coilleadh.

1 Bless the LORD, O my soul. O LORD my God, thou art very great; thou art clothed with honour and majesty.

2 Who coverest *thyself* with light as *with* a garment: who stretchest out the heavens like a curtain:

3 Who layeth the beams of his chambers in the waters: who maketh the clouds his chariot: who walketh upon the wings of the wind:

4 Who maketh his angels spirits; his ministers a flaming fire:

5 *Who* laid the foundations of the earth, *that* it should not be removed for ever.

6 Thou coveredst it with the deep as *with* a garment: the waters stood above the mountains.

7 At thy rebuke they fled; at the voice of thy thunder they hasted away.

8 They go up by the mountains; they go down by the valleys unto the place which thou hast founded for them.

9 Thou hast set a bound that they may not pass over; that they turn not again to cover the earth.

10 He sendeth the springs into the valleys, *which* run among the hills.

11 They give drink to every beast of the field: the wild asses quench their thirst.

12 By them shall the fowls of the heaven have their habitation, *which* sing among the branches.

13 He watereth the hills from his chambers: the earth is satisfied with the fruit of thy works.

14 He causeth the grass to grow for the cattle, and herb for the service of man: that he may bring forth food out of the earth;

15 And wine *that* maketh glad the heart of man, *and* oil to make *his* face to shine, and bread *which* strengtheneth man's heart.

16 The trees of the LORD are full *of sap*; the cedars of Lebanon, which he hath planted;

17 Where the birds make their nests: *as for* the stork, the fir trees *are* her house.

18 The high hills *are* a refuge for the wild goats; *and* the rocks for the conies.

19 He appointed the moon for seasons: the sun knoweth his going down.

20 Thou makest darkness, and it is night: wherein all the beasts of the forest do creep *forth*.

21 Na leomhuin óga ag búirfidhe chum a greiche, ag iarraidh a mbídh ó Dhía.

22 Eirghe an ghrían, tigid siad a ccean a cheile, agus luighid iona nuámhuibh.

23 Rachaidh an duine amach chum a oibre agus chum a sháothair go trathnóna.

24 Ca líon hoibhreacha, a THIGHEARNA! a neagna do rinne tú iad uile: atá an talamh lán dot shaidhbhrios.

25 A nfairge fós adhbhal fhairsing, annsin atá gach ní shnáighios agus ataid dóáirmhe, beathuighe bheaga agus móra.

26 Annsin imthighid na longa: an míol mór, noch do chruthaigh tusa do shúgradh annsin.

27 Feichthid síad uile ortsa; chum a mbeatha do thabhairt dóibh iona ham féin.

28 Do bheir tusa dhóibh é agus cruinnighid síad é: fosclaidh tú do lámh, agus sásuighear iad re maith.

29 Folchuigh tú hadhuigh, agus atáid síad buaidheartha: tairnge tú a nanál air a hais, agus éagaid síad, agus fillid chum a luathrigh féin.

30 Cuirir do spiorad uáid, agus cruthuighear iad: agus athnúaidhtear aghaidh na talmhan.

31 Bíaidh glóir an TIGHEARNA go síorruidhe: do dhéanaidh an TIGHEARNA lúthghaire iona oibreachaibh.

32 Féuchuidh sé air an ttalamh, agus criothnuigh sé: beanuidh sé leis na sleibhtibh, agus do níd deatach.

33 Canfad don TIGHEARNA an ccéin mhairfiod: canfad salm dom Dhía an ccéin bhíad ann.

34 Bu milis mo smuáintighthe dhathaobhsan: do dhéanad gáirdeachus ansa TTIGHEARNA.

35 Go scriostar na peacthaich amach as an ttalamh, agus nar raibh na cionntuigh ann nios mó. Beannuigh ó manam, an TIGHEARNA. Beannuighe sibhsi an TIGHEARNA.

## Psalm 105

*Dioghluim as eachdardhaibh Israel, mur ath-chuimhne ar mhirbhuiltibh Dé.*

1 Tugaidh búidheachus don TIGHEARNA; goiridh air a ainm: foillsighidh a measg na gcineadhach a ghníomhartha.

2 Canuidh dhó, canuidh psalm dhó: labhruidh air a iongantuibh uile.

3 Déanuidh glóir iona ainm náomhtha: déanadh a gcroidhesion gáirdeachus noch shirios an TIGHEARNA.

4 Iarruidh an TIGHEARNA, agus a neart: iarruidh a aghaidh a gcomhnuidhe.

21 The young lions roar after their prey, and seek their meat from God.

22 The sun ariseth, they gather themselves together, and lay them down in their dens.

23 Man goeth forth unto his work and to his labour until the evening.

24 O LORD, how manifold are thy works! in wisdom hast thou made them all: the earth is full of thy riches.

25 *So is* this great and wide sea, wherein *are* things creeping innumerable, both small and great beasts.

26 There go the ships: *there is* that leviathan, *whom* thou hast made to play therein.

27 These wait all upon thee; that thou mayest give *them* their meat in due season.

28 *That* thou givest them they gather: thou openest thine hand, they are filled with good.

29 Thou hidest thy face, they are troubled: thou takest away their breath, they die, and return to their dust.

30 Thou sendest forth thy spirit, they are created: and thou renewest the face of the earth.

31 The glory of the LORD shall endure for ever: the LORD shall rejoice in his works.

32 He looketh on the earth, and it trembleth: he toucheth the hills, and they smoke.

33 I will sing unto the LORD as long as I live: I will sing praise to my God while I have my being.

34 My meditation of him shall be sweet: I will be glad in the LORD.

35 Let the sinners be consumed out of the earth, and let the wicked be no more. Bless thou the LORD, O my soul. Praise ye the LORD.

## Psalm 105

1 O give thanks unto the LORD; call upon his name: make known his deeds among the people.

2 Sing unto him, sing psalms unto him: talk ye of all his wondrous works.

3 Glory ye in his holy name: let the heart of them rejoice that seek the LORD.

4 Seek the LORD, and his strength: seek his face evermore.

5 Cuimhnighidh a ionganta noch do rinne sé; a chomharthadha, agus breitheamhnuis a bhéil;

6 Sibhsi a shíol Abraham a sheirbhiseach, sibhsi a chlann Iacob a áon tóghtha.

7 *Is* eision an TIGHEARNA ar Ndía: *atáid* a bhreitheamhnuis annsa talamh uile.

8 Cuimhnighidh sé go síorruidhe, a chunnradh an bhriathar *noch* do aithin sé go feadh míle ginealach.

9 Noch do cheangail sé le Abraham, agus a mhionna do Isaac;

10 Agus do dhaingnidh sé é do Iacob mar dhligheadh, do Israel *mar* chunnradh síorruidhe:

11 Gha rádh, Dhuitsi do bhéaras misi talamh Chánaan: line bhur noighreachta:

12 A nuáir do bhádar beagán daóine; ro bheagán, agus na gcoigríochaibh ansin.

13 Agus do shiúbhlar ó chineadh go cineadh, ó ríoghachd go daoinibh oile.

14 Níor fhulaing sé déanduine éagcoir do dhéanamh orra: acht thug aithfíor air a son do ríghthibh;

15 *Gha rádh*, Ná beanaidh léim unghachaibh, agus dom fháighibh na déanuidh dochar.

16 Agus do ghoir sé gorta air an ttalamh: agus do bhris sé a nuile stór aráin.

17 Agus do chuir sé duine rompa, Ioseph, *noch* do díoladh mar sheirbhiseach:

18 Do ghortuigheadar ris an ngeimhiol a chosa: do cuireadh a níarann é:

19 Gus a nam a ttáinic a bhriathar: do dheárbh glór an TIGHEARNA é.

20 Dfúagair an rígh agus do scaoileadh é; úachtarán na ndaóine, agus do leig é sáor úadh.

21 Do chuir sé é na thighearna air a thigh, agus na úachdaran iona shealbhuibh uile:

22 Do cheangail a phrionnsoidhe ar a thoil féin; agus a chomhairleacha chum go ndéanadh eagnuidhe iad.

23 Agus do chúaidh Israel don Néipt; agus do chomhnuidh Iacob a ttalamh Cham.

24 Agus thug air a dhaóinibh méadughadh go mór; agus do rinne iad ní bu láidre ná a naimhde.

25 Do iompóigh sé a ccroidhe chum a dhaoine dfúathughadh, agus chum meabhla do dhéanamh air a sheirbhíseachaibh.

26 Do chuir sé úadh Maóise a sheirbhiseach; agus Aaron noch do thogh se féin.

27 Do chuireadarsan iona measg bríathra a chomharthadh, agus ionganta a ttalamh Cham.

5 Remember his marvellous works that he hath done; his wonders, and the judgments of his mouth;

6 O ye seed of Abraham his servant, ye children of Jacob his chosen.

7 He *is* the LORD our God: his judgments *are* in all the earth.

8 He hath remembered his covenant for ever, the word *which* he commanded to a thousand generations.

9 Which *covenant* he made with Abraham, and his oath unto Isaac;

10 And confirmed the same unto Jacob for a law, *and* to Israel *for* an everlasting covenant:

11 Saying, Unto thee will I give the land of Canaan, the lot of your inheritance:

12 When they were *but* a few men in number; yea, very few, and strangers in it.

13 When they went from one nation to another, from *one* kingdom to another people;

14 He suffered no man to do them wrong: yea, he reprov'd kings for their sakes;

15 *Saying*, Touch not mine anointed, and do my prophets no harm.

16 Moreover he called for a famine upon the land: he brake the whole staff of bread.

17 He sent a man before them, *even* Joseph, *who* was sold for a servant:

18 Whose feet they hurt with fetters: he was laid in iron:

19 Until the time that his word came: the word of the LORD tried him.

20 The king sent and loosed him; *even* the ruler of the people, and let him go free.

21 He made him lord of his house, and ruler of all his substance:

22 To bind his princes at his pleasure; and teach his senators wisdom.

23 Israel also came into Egypt; and Jacob sojourn'd in the land of Ham.

24 And he increased his people greatly; and made them stronger than their enemies.

25 He turned their heart to hate his people, to deal subtilly with his servants.

26 He sent Moses his servant; *and* Aaron whom he had chosen.

27 They shewed his signs among them, and wonders in the land of Ham.



28 Do chuir sé dorchadas chuca, agus do bhí sé dorcha; agus níor cheannairrgeadar a naghaidh a bhréithre.

29 Do iompoigh sé a nuisgeadha a bhfuil, agus do mharbh sé a niasg.

30 Thug a ttalamh amach luisgionna go líonmhar, a seomradhuibh codalta a ríghthe.

31 Do labhair sé, agus thainic cumasg do chuileóguibh, míola iona ttéorannuibh uile.

32 Do rinne sé cloichshneachda da gceathaibh, teine lasardha iona ttalamh.

33 Agus do bhuáil sé a bhfíneamhuin agus a ccrann fíge; agus do bhris sé crainn a leithimil.

34 Do labhair sé, agus tháinic an lócuist, agus an caterpillar, agus níor bhféidir a náiriomh,

35 Agus a duádar a nuile luibh iona ttalamh, agus a duádar súas toradh a bhfearuinn.

36 Agus do bhuáil sé a gcéidgheine iona ttalamh, tosach a neirt úile.

37 Agus thug sé leis amach íad maille re hairgiod agus ré hór: agus ní raibh duine meirtneach ann a ttreabhuibh.

38 Do bhí an Néigipt lúathgháireach a núair do imgheadar: óir do thuit a neagla orra.

39 Do leathnuigh sé néull mar fholach; agus teine do thabhairt soluis san noidhche.

40 Díarradar, agus thug se chugtha na gearragoirt, agus do shásuidh sé íad re harán ó neamh.

41 Dfosgail sé an charraic, agus do lingeadar na huisgeadha amach; do reathadar a náitibh tiorma *mar* shruth.

42 Oír do chuimhnigh sé bríathar a náomhthachda, do Abraham a sheirbhíseach.

43 Agus thug se leis amach a mhuinntír lé gáirdeachas, a dháoine toghtha lé lúathgháire:

44 Agus thug sé dhóibh fearann na geineadhach: agus do ghabhadar sáothar na ndaoine mar oighreachd;

45 Ionduis go ccongmaidís a reachda, agus go ccoimhéadaidís a dhligthe. Moluidhesi an TIGHEARNA.

## Psalm 106

*Iomadamlachd thabhartuis Dé, 13 agus cláonadh míonaireach na ndaoine.*

1 Moluidhe an TIGHEARNA. O tabharighe búiidheachas don DTIGHEARNA; óir *is* maith é: óir *mairidh* a thrócaire go síorruidhe.

2 Cía fhéadas neart an TIGHEARNA chanamhuin? a mholadh uile dfoillsiughadh?

3 Is beannuighe an drong noch choimhéadas breitheamhnus, an tí do ní firéuntas san nuile am.

28 He sent darkness, and made it dark; and they rebelled not against his word.

29 He turned their waters into blood, and slew their fish.

30 Their land brought forth frogs in abundance, in the chambers of their kings.

31 He spake, and there came divers sorts of flies, *and* lice in all their coasts.

32 He gave them hail for rain, *and* flaming fire in their land.

33 He smote their vines also and their fig trees; and brake the trees of their coasts.

34 He spake, and the locusts came, and caterpillars, and that without number,

35 And did eat up all the herbs in their land, and devoured the fruit of their ground.

36 He smote also all the firstborn in their land, the chief of all their strength.

37 He brought them forth also with silver and gold: and *there was* not one feeble *person* among their tribes.

38 Egypt was glad when they departed: for the fear of them fell upon them.

39 He spread a cloud for a covering; and fire to give light in the night.

40 *The people* asked, and he brought quails, and satisfied them with the bread of heaven.

41 He opened the rock, and the waters gushed out; they ran in the dry places *like* a river.

42 For he remembered his holy promise, *and* Abraham his servant.

43 And he brought forth his people with joy, *and* his chosen with gladness:

44 And gave them the lands of the heathen: and they inherited the labour of the people;

45 That they might observe his statutes, and keep his laws. Praise ye the LORD.

## Psalm 106

1 Praise ye the LORD. O give thanks unto the LORD; for *he is* good: for his mercy *endureth* for ever.

2 Who can utter the mighty acts of the LORD? *who* can shew forth all his praise?

3 Blessed *are* they that keep judgment, *and* he that doeth righteousness at all times.

4 Cuimhnigh orumsa, a THIGHEARNA, re fabhar do dhaoine: fiosruigh mé red shlánughadh;

5 Ionnis go bhfaicfe mé maith do dhaóine toghtha, go ndéana mé gairdeachus a lúathgháire do dhaoine, go ndéana mé glóir led oighreachd.

6 Do pheacuigheamar lé ar naithribh, do rinneamar cionta, do rinneamar neithe coiripe.

7 Níor thuigeadar ar naithre do mhíorbhuilesi san Néigipt; níor chuimhnígeadar iomad do thrócaireadha; acht do cheannairgeadar ag an muir, ag an muir Ruáidh.

8 Acht cheana do sháor sé iad ar son a anma féin, chum a chumhachd do chur a numhuil.

9 Agus dimdhearg sé an mhuir Rúadh mar an gceadna, agus do tiormuigheadh súas í: agus tugadh orrasan siubhal annsna haigéanuibh, mar an ndíothramh.

10 Agus do sháor sé iad ó na lámhuibhsion noch do fhúathaigh *iad*, agus dfúasgail sé iad amach as láimh na námhad.

11 Agus dfoluigh na huisgeadha a naimhde: níor fágbadh áon aca.

12 Annsin do chreidiodar a bhríathra; do chanadar a mholadh.

13 Do dhearmadar go doith a oibreacha; níor fhanadar le na chomhairle:

14 Agus do rinneadar anntoil ré hainmhian san díothramh, agus do chuireadar cathughadh air Dhía annsa nuáignios.

15 Agus thug sé dhóibh a níarratas; acht do chuir crúas a steach iona ccroidhe.

16 Agus do thnúthuigheadar re Maóise mar an gceadna annsa champa, agus ré Aaron áon náomhtha an TIGHEARNA.

17 Dfoscail an talamh agus do shluig sé Dátan, agus dfoluigh sé coimhthionól Abíram.

18 Agus do faduigheadh teine iona ccomhdháil; do loisg an lasair súas na ciontuigh.

19 Do rinneadar láogh ann Hóreb, agus do adhradar don íomháigh leghtha.

20 Agus do áthruigheadar a nglóir a gcosamhlachd dhaimh noch ithios féur.

21 Do dhearmadar Día a slánaightheóir, noch do rinne neithe móra san Néigipt;

22 Ionganta a ttalamh Cham, neithe úathbhásacha ag an muir Ruáidh.

23 Agus do labhair sé dá milleadh, mun bheith gur sheas Maóise a fhear toghtha annsa mbeirn ós a choinne, diompógh a fheirge úatha, deaglo go scriosfadh sé iad.

4 Remember me, O LORD, with the favour *that thou bearest unto* thy people: O visit me with thy salvation;

5 That I may see the good of thy chosen, that I may rejoice in the gladness of thy nation, that I may glory with thine inheritance.

6 We have sinned with our fathers, we have committed iniquity, we have done wickedly.

7 Our fathers understood not thy wonders in Egypt; they remembered not the multitude of thy mercies; but provoked *him* at the sea, *even* at the Red sea.

8 Nevertheless he saved them for his name's sake, that he might make his mighty power to be known.

9 He rebuked the Red sea also, and it was dried up: so he led them through the depths, as through the wilderness.

10 And he saved them from the hand of him that hated *them*, and redeemed them from the hand of the enemy.

11 And the waters covered their enemies: there was not one of them left.

12 Then believed they his words; they sang his praise.

13 They soon forgat his works; they waited not for his counsel:

14 But lusted exceedingly in the wilderness, and tempted God in the desert.

15 And he gave them their request; but sent leanness into their soul.

16 They envied Moses also in the camp, *and* Aaron the saint of the LORD.

17 The earth opened and swallowed up Dathan, and covered the company of Abiram.

18 And a fire was kindled in their company; the flame burned up the wicked.

19 They made a calf in Horeb, and worshipped the molten image.

20 Thus they changed their glory into the similitude of an ox that eateth grass.

21 They forgat God their saviour, which had done great things in Egypt;

22 Wondrous works in the land of Ham, *and* terrible things by the Red sea.

23 Therefore he said that he would destroy them, had not Moses his chosen stood before him in the breach, to turn away his wrath, lest he should destroy *them*.

24 Agus do tharcuisnigheadar an talamh áoibhinn, níor chreideadar a bhríathar:

25 Agus do rinneadar ithiomrádh iona bpáillíunuibh, níor éisteadar re guth an TIGHEARNA.

26 Agus do thóig seision súas a lámh na naghaidh, da sgrios annsa díothramh:

27 Do sgrios a sleachda mar an ccéadna a measg na gcineadhach, agus da spréaghadh annsa dúthaigh.

28 Agus do cheangladar íad féin ré Baal-peor mar an gceadna, agus dithiodar íodhbartha na marbh.

29 Agus do bhrostuigheadar chum feirge é le na ngníomhuibh: agus do bhris an phláigh a steach orra.

30 Agus déirghidh Phineas súas, agus do chuir breitheamhnus a crích: agus do toirmiosgadh an phláigh.

31 Agus do measadh sin dó mar fhírúntachd ó ghinealach go ginealach go siurruighe.

32 Agus do bhrostuigheadar é mar an gceudna ag uisgeadhuibh Meribah, agus do bhí sin go holc ag Maóise air a sonsan:

33 Do bhrígh gur bhrostuigheadar a spiorad, agus gur labhair sé go neimhchéillighe lé na bhéul.

34 Níor mhilliodar na cineadhacha, da ttáobh a ttug an TIGHEARNA aithne dhóibh:

35 Acht do choimhmeasgadar íad féin leis na cineadhachaibh, agus do rinneadar a noibreacha dfoghlúim.

36 Agus do adhradar dá niodhaluibh: agus do bhádar dóibhsion mar phaintéar.

37 Agus do íodhbradar a mic agus a ninghiona do dhíabhluibh,

38 Agus do dhóirteadar fuil neimhchiontach, fuil a mac agus a ninghean, noch do íodhbradar do dhíabhluibh Chánáan: agus do bhí an talamh ar na thruailliughadh le fuil.

39 Agus do bhádar ar na salchadh le na noibreachaibh féin, agus do chuadar re méirdreachus le na naigiontaibh féin.

40 Ar an abharsin do bhí an TIGHEARNA feargach le na dhaóinibh, agus dfúathaigh sé a oighrecht féin.

41 Agus thug sé íad a láimh na gcineadhach; agus do bhádar na ttighearnuibh ós a gcionn agá raibh fúath orra.

42 Agus bhrúigheadar a naimhde íad mar an gceadna, agus do bhádar ar na númhlughadh fáoi na láimh.

24 Yea, they despised the pleasant land, they believed not his word:

25 But murmured in their tents, *and* hearkened not unto the voice of the LORD.

26 Therefore he lifted up his hand against them, to overthrow them in the wilderness:

27 To overthrow their seed also among the nations, and to scatter them in the lands.

28 They joined themselves also unto Baalpeor, and ate the sacrifices of the dead.

29 Thus they provoked *him* to anger with their inventions: and the plague brake in upon them.

30 Then stood up Phinehas, and executed judgment: and *so* the plague was stayed.

31 And that was counted unto him for righteousness unto all generations for evermore.

32 They angered *him* also at the waters of strife, so that it went ill with Moses for their sakes:

33 Because they provoked his spirit, so that he spake unadvisedly with his lips.

34 They did not destroy the nations, concerning whom the LORD commanded them:

35 But were mingled among the heathen, and learned their works.

36 And they served their idols: which were a snare unto them.

37 Yea, they sacrificed their sons and their daughters unto devils,

38 And shed innocent blood, *even* the blood of their sons and of their daughters, whom they sacrificed unto the idols of Canaan: and the land was polluted with blood.

39 Thus were they defiled with their own works, and went a whoring with their own inventions.

40 Therefore was the wrath of the LORD kindled against his people, insomuch that he abhorred his own inheritance.

41 And he gave them into the hand of the heathen; and they that hated them ruled over them.

42 Their enemies also oppressed them, and they were brought into subjection under their hand.

43 Do sháor sé iad go minic; agus do bhrostuigheadar é le na ccomhairlibh; agus do hísligheadh iad ar son a gcionta.

44 Acht gidheadh do chonnairc sé an tan do bhíodh anacair orra, a nuáir do chúalaidh sé a néighmhe:

45 Agus do chuimhnigh sé dhóibh a chunradh, agus do bhí aithreachus air do réir iomad a thrócaire.

46 Agus thug sé air gach áon dá rug léo iad a mbraighdionas truaighe do dhéanamh dhóibh.

47 Sáor sinn, a THIGHEARNA ar Ndía, agus cruinnigh sinn ó na cineadhachaibh, chum buidheachus do thabhairt dot ainm námhtha, agus do chaithréimiughadh ann do mholadh.

48 Go madh beannuigh *bhías* an TIGHEARNA Día Israel ó shíorruigheachd go síorruigheacht: agus abraidís na daóine uile, Amen. Molaidh an TIGHEARNA.

## Psalm 107

*Modh bhreith buidheachuis do Dhía arson a fhúascalta as gach cumhgach.*

1 Moluidhsí an TIGHEARNA, óir *is* maith é: óir *mairigh* a thrócaire go bráth.

2 Abraidís an dream noch dfúascaíl an TIGHEARNA, noch dfúascaíl sé ó láimh na daóirse;

3 Agus do chruinnigh iad as na críochaibh, ó náird shoir, agus ó náird shíar, agus ó náird thuáigh, agus theas.

4 Do bhádar ar seachrán annsa bhfásach a slighe uáinigdh; caitheacha áitreibhthe ní bhfúaradar.

5 Ocrach agus tartmhar, do lagaidh a nanam ionta.

6 Feachd do ghéireadar chum an TIGHEARNA iona nanacair, do sháor sé iad ó na gcumhgach.

7 Agus do thréoruigh sé iad a slighe dhírigh, do dhul go cathruigh áittrighthe.

8 Admhuighdís don TIGHEARNA a thrócaire, agus a oibreacha iongantacha do chloinn na ndáoine!

9 Oír sásuidh sé an tanam tartmhar, agus líonuidh sé an tanam ocrach lé maith.

10 An lucht so noch shuighios a ndorchadus agus a sgáile an bháis, cuibhrighthe a mbuáidhreadh agus a niarann;

11 Do bhrígh gur chathuigheadar a naghaidh bhríathra Dé, agus gur tharcuisnigheadar comhairle an té is Airde:

43 Many times did he deliver them; but they provoked *him* with their counsel, and were brought low for their iniquity.

44 Nevertheless he regarded their affliction, when he heard their cry:

45 And he remembered for them his covenant, and repented according to the multitude of his mercies.

46 He made them also to be pitied of all those that carried them captives.

47 Save us, O LORD our God, and gather us from among the heathen, to give thanks unto thy holy name, *and* to triumph in thy praise.

48 Blessed *be* the LORD God of Israel from everlasting to everlasting: and let all the people say, Amen. Praise ye the LORD.

## Psalm 107

1 O give thanks unto the LORD, for *he is* good: for his mercy *endureth* for ever.

2 Let the redeemed of the LORD say *so*, whom he hath redeemed from the hand of the enemy;

3 And gathered them out of the lands, from the east, and from the west, from the north, and from the south.

4 They wandered in the wilderness in a solitary way; they found no city to dwell in.

5 Hungry and thirsty, their soul fainted in them.

